


The background features a complex network diagram with purple lines connecting various nodes. Some nodes are dark purple circles, while others are light grey circles. Several nodes contain circular icons representing different transport modes: a blue circle with a white bus icon, an orange circle with a white train icon, a green circle with a white pedestrian icon, a light blue circle with a white bicycle icon, a yellow circle with a white car icon, and a dark blue circle with a white tram icon.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL & RÁITIS AIRGEADAIS **2020**

CLÁR ÁBHAR

ÓN GCATHAOIRLEACH

4

FORBHREATHNÚ ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

5

NA PRÍOMHFHORBAIRTÍ AGUS NA PRÍOMHÉACHTAÍ SA BHLIAIN 2020

8

PLEANÁIL STRAITÉISEACH AGUS SAMHALTÚ IOMPAIR

10

Pleanáil Straitéiseach Iompair	11
Cur Chun Feidhme agus Faireachán a Dhéanamh ar an mBeartas Iompair	12
Samhlacha Réigiúnacha Iompair	12
Gníomhú ar son na hAeráide	13

SEIRBHÍSÍ BUS AGUS IARNRÓID A SHOLÁTHAR

14

Covid-19	15
Seirbhísí Conraithe Bus agus Iarnróid	15
Conarthaí Dír-Dhámhachtana	16
Conarthaí a Cuireadh Amach ar Thairiscint Iomaíoch	16
An Líon Paisinéirí agus Ioncam	17
Íocaíochtaí Cúitimh	18
Feidhmíocht Oibritheoirí Conraithe	19
Táillí	19
Athbhreithniú ar Ghréasán Bus Limistéar Bhaile Átha Cliath	20
Athruithe ar Sheirbhísí	20
Iompar Tuaithe/Nasc Áitiúil TFI	22
Éire a Nascadh	22
Seirbhísí Ceadúnaithe Bus	23

BONNEAGAR A UASGHRÁDÚ

25

Infheistíocht Chaipitil	26
Clár Caipitil Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath	27
Fochlár Iarnróid Throm	28
Fochlár Iarnróid Éadroim	29
Fochlár Bus	29
Iompair Inbhuanaithe agus Chomhtháite	32
Scéimeanna Poiblí Rothar	33
An Clár Inrochtaineachta Iompair Phoiblí	34

TEICNEOLAÍOCHT IOMPAIR

35

Cárta TFI Leap	36
Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile	37
Uathaimsiú Feithiclí	37
Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí	37

AN TEISPÉIREAS CUSTAIMÉIRÍ A FHEABHSÚ AGUS TACÚ LE TAISTEAL INBHUANAITHE

38

Covid-19	39
Feachtas Frithchiníochais	39
Meas ar an bhFoireann	39
Cárta TFI Leap a Chur Chun Cinn	39
Suíomhanna Gréasáin	40
Nasc Áitiúil TFI a Chur Chun Cinn	40
Na Meáin Shóisialta	40
Clár Taistil na Scoileanna Glasa	41
Clár Thaistil Níos Cliste	42

CEARTA PAISINÉIRÍ

52

Réamhrá	53
Covid-19	53
Meastóireacht	53
Gníomhaíocht	54

BEAGFHEITHICLÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ

43

Réamhrá	44
Covid-19	44
Ceadúnú Feithiclí	45
Cigireachtaí ar Oiriúnacht Feithiclí	45
An Scéim Deontas le haghaidh Feithiclí atá Oiriúnach do Chathaoir Rothaí	45
An Scéim Deontas le haghaidh Feithiclí Leictreacha	45
Seirbhísí Fruilchairr Limistéir Áitiúil	45
Ceadúnú Tiománaithe	46
Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin	46
Ionchúisimh	46
Gearáin ó Thomhaltóirí	48

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

55

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)	56
Cosaint Sonraí	56
Acmhainní Daonna agus Saoráidí	56
Cothromaíocht Inscne an Bhoird	57
Nochtadh Cosanta	57
Acht na dTeangacha	
Oifigiúla 2003	57
Idirchaidreamh leis an Oireachtas	57
Rochtain ar Fhaisnéis	57

TEANNTÁIL FEITHICLÍ

49

Cód Cleachtais	50
Achomhairc Dara Céim	50
Gearáin	51
Comharthaíocht	51
Teanntáil Neamhdhleathach	51

RÓL AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR

58

Réamhrá	59
Feidhmeanna reachtúla	59
Feidhmeanna eile	60
Rialachas	60

FAISNÉIS FAOI CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

61

RÁITIS AIRGEADAIS

66



Ón gCathaoirleach

An príomhscéal i réimse an iompair phoiblí sa bhliain 2020 ba ea Covid-19.

Mar thoradh ar na bearta a tugadh isteach chun freagairt don phaindéim, tháinig laghdú ollmhór ar an líon paisinéirí ar gach modh iompair phoiblí, d'éirigh dálaí oibre níos deacra do phearsanra oibríochtaí, agus thosaigh beagnach gach ball foirne de chuid an Údaráis ag obair go cianda.

Fianaise shoiléir ar thiomantas agus athléimneacht ár bpearsanra féin agus phearsanra ár n-oibritheoirí araon is ea gur coinníodh seirbhísí ar bun. Táimid an-bhuíoch gur thacaigh an Rialtas linn trí chistiú méadaithe a thabhairt dúinn chun déileáil leis an easnamh ioncaim. Bheadh sé riachtanach seirbhísí a chiorrú go mór ina éagmais sin.

Bhí comhairliúcháin phleanála agus comhairliúcháin phoiblí do thrí mhórinfhéistíocht chaipitil - BusConnects, MetroLink agus Clár DART+ - fós ar siúl le linn na bliana agus cuirfear na cásanna gnó do gach ceann díobh faoi bhráid an Rialtais lena gceadú sa bhliain 2021. I dteannta a chéile, beidh tionchar bunathraitheach ag na hinfheistíochtaí sin ar an iompar poiblí i Mórilmistéar Bhaile Átha Cliath.

D'fhág beirt chomhaltaí an Bord le linn na bliana. Chríochnaigh Sinéad Walsh a téarma oifige agus d'éirigh Kevin Kelly as a ról de bharr oibleagáidí eile oibre. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mbeirt díobh as a rannchuidiú agus a ngairmiúlacht le linn a dtionachta mar

chomhaltaí Boird. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí Boird uile as a dtiomantas le linn na bliana freisin.

D'fhreagair pearsana an Údaráis go sármhaith do na dúshláin uile a d'eascair as paindéim Covid-19, agus éiteas láidir seirbhíse poiblí á thaispeáint acu an t-am ar fad. Tá siad go léir le moladh air sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Eamon Ryan, an tAire Iompair nua, leis an Roinn Iompair, le Bonneagar Iompair Éireann, le Córas Iompair Éireann agus leis na comhlachtaí stáit, na húdaráis áitiúla agus na hoibritheoirí conraithe uile lena ndéileálaimid.

Fred Barry, Cathaoirleach



Forbhreathnú ón bPríomhfheidhmeannach

Bliain nach bhfacamar a leithéid riamh cheana ba ea an bhliain 2020. Ba ag na bearta éigeandála sláinte poiblí a cuireadh chun feidhme mar fhreagairt do phaindéim Covid-19 a bhí tionchar ollmhór ar an iompar poiblí. Go háirithe, laghdaíodh an acmhainn ar sheirbhísí iompair phoiblí faoi suas le 75% ag céimeanna éagsúla le linn na bliana. Beag beann ar na dúshlán sin, d'oibrigh an tÚdarás go dlúth le hoibritheoirí chun iompar poiblí fóirdheonaithe a choinneáil ar bun le haghaidh turais bhunriachtanacha. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hoibritheoirí agus lena bhfoireann as a gcuid oibre ar fad.

Braitheann a lán daoine ar fud na tíre ar fad, ar ndóigh, ar na bealaí bus a sholáthraíonn oibritheoirí tráchtála bus. Ós rud é nach raibh cuid mhór de na bealaí sin inmharthana mar thoradh ar phaindéim Covid-19, rinne an tÚdarás socruithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun tacú leis na hoibritheoirí sin leanúint le seirbhísí bunriachtanacha a sholáthar.

Ba mhó fós an laghdú ar úsáid seirbhísí tacsáí, fruilchairr agus limisín. Is daoine féinfhostaithe iad oibritheoirí na seirbhísí sin. Gníomhaigh an tÚdarás go tapa chun a chinntiú go gcuirfí oibritheoirí ar an eolas faoi na tacaí a bhí ar fáil dóibh de bharr phaindéim Covid-19 agus chun bearta praiticiúla a dhéanamh chun tacú leo. Áiríodh leo sin bearta sealadacha chun táillí ceadúnúcháin a tharscaoileadh agus chun teorainneacha aoise feithiclí

a mhéadú. D'ainneoin na dtacaí sin, tháinig laghdú géar ar an líon oibritheoirí ceadúnaithe a bhí ann faoi dheireadh na bliana 2020.

Cé go raibh laghdú géar ann ar úsáid iompair phoiblí agus ar úsáid tacsaithe, tháinig borradh ar ghníomhaíocht siúil agus rothaíochta. D'fhág sé sin go raibh riachtanas láithreach ann le saoráidí breise a sholáthar chun freastal ar an leibhéal méadaithe gníomhaíochta. D'oibrigh an tÚdarás go rathúil le húdaráis áitiúla chun bearta sealadacha breise siúil agus rothaíochta a chur chun feidhme go mear. I dteannta na mbeart sealadach sin, chabhraigh an tÚdarás le húdaráis áitiúla mear-rotharbhealaí cosanta saincheaptha a chur ar aghaidh ar fud Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath.

Bhí tionchar díreach ag paindéim Covid-19 ar an Údarás é féin. Ar aon dul leis an mbeartas Rialtais lenar moladh do dhaoine obair ón mbaile nuair ab fhéidir, rinne an tÚdarás a chuid acmhainní agus inniúlachtaí TF a shlógadh go tapa chun cur ar chumas a chuid fostaithe obair go héifeachtach ón mbaile. Thógamar cuid mhór fostaithe nua isteach le linn na bliana freisin, rud ar ghabh saincheistean uathúla leis. Táim an-bhródúil as an dóigh ar fhreagair fostaithe an Údaráis don dúshlán agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas agus a n-obair chrua le linn na bliana, ar bhliain í a bhí deacair ón taobh pearsanta de agus ón taobh gairmiúil de araon.

Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuair an tÚdarás cistiú suntasach breise ón Státchiste le linn na bliana, rud a chuir ar a chumas freagairt go tapa agus go cinntitheach do na dúshláin a chruthaigh paidéim Covid-19.

Cé gur caitheadh méid mór ama agus acmhainní ag déileáil le paidéim Covid-19, is fiú trácht a dhéanamh ar roinnt forbairtí tábhachtacha eile le linn na bliana 2020.

Tugadh an gréasán nua bus do Limistéar Bhaile Átha Cliath, ar gné lárnach de Chlár foriomlán BusConnects Bhaile Átha Cliath é, chun críche agus foilsíodh é, agus próiseas a tosaíodh sa bhliain 2017 á thabhairt chun deiridh. Mórghné eile de BusConnects Bhaile Átha Cliath is ea tionscadal na Croíchonaire Bus. Faoi dheireadh na bliana, chríochnaíomar an chéim dheiridh den phróiseas comhairliúcháin phoiblí don tionscadal sin agus thosaíomar ag ullmhú d'iarratais phleanála a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála sa bhliain 2021. Seachadadh na chéad bhusanna den fhliot busanna leictreacha hibrídeacha dhá urlár sa bhliain 2020, agus tús á chur le próiseas trína laghdófar astaíochtaí carbóin go mór ar ár seirbhísí fóirdheonaithe bus agus trína gcabhrófar le hastaíochtaí iompair a laghdú de réir an Phlean náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide. Seoladh libhré nua bus iompar d'Éirinn (TFI) sa bhliain 2020 freisin agus taispeánfar ar deireadh é ar gach feithicil lena soláthraítear seirbhísí fóirdheonaithe bus sa Stát.

Tá pleanáil straitéiseach iompair ar cheann de na príomhfheidhmeanna atá ag an Údarás, rud a threoraíonn ár gclár infheistíochta iompair agus a bhuntacaíonn leo. Forbairt thábhachtach ar leith le linn na bliana 2020 ba ea foilsíú Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí, atá ina creat le haghaidh bonneagar agus seirbhísí iompair a phleanáil agus a sholáthar i Limistéar Cathrach Chorcaí suas go dtí an bhliain 2040. Tosaíodh ag obair ar mhórhionscadail i gCorcaigh a phleanáil díreach tar éis an straitéis

a fhoilsiú, lena n-áirítear Luas, iarnród comaitéireachta agus BusConnects. Clocha míle eile le linn na bliana ba ea gur seoladh próiseas comhairliúcháin phoiblí ar dhréacht-Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh-Shionainne agus gur cuireadh tús leis an obair ar dhréacht-Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Phort Láirge, atá le foilsiú sa bhliain 2021. I dtreo dheireadh na bliana, thosaigh an tÚdarás ag ullmhú don chéad athbhreithniú ar an Straitéis Iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016 – 2035, rud ar doiciméad reachtúil é, ar ndóigh.

Ní dhearna paidéim Covid-19 difear mór don obair phleanála ar scéim DART+ ná ar scéim MetroLink. Tionóladh comhairliúchán poiblí tosaigh ar an togra le haghaidh seirbhís DART a sholáthar idir Maigh Nuad agus Páircbhealach M3 (DART+ Thiar). Forbairt shuntasach ba ea tosú na hoibre tógála ar an Ionad Náisiúnta um Rialú Traenach in aice le Stáisiún Heuston i mBaile Átha Cliath. Cinnteofar leis an tionscadal sin go mbeidh ag an ngréasán iarnróid an bonneagar teicneolaíochta agus cumarsáide a theastaíonn chun freastal ar an méadú tuartha ar an éileamh agus ar sheirbhísí ar an ngréasán iarnróid go ceann i bhfad.


Ar an drochuair, tharla sé go raibh tionchar ag paidéim Covid-19 ar na pleananna le haghaidh flíot nua busanna agus iarnróid a fháil. Ba lú ná mar a beartaíodh an líon busanna a seachadadh. Ina theannta sin, tugadh fógra don Údarás faoi mhoill 6 mhí ar 41 carráiste nua iarnróid a mhonarú chun an flíot iarnróid chomaitéireachta a mhéadú. Mar thoradh air sin, tosófar ar an bhflíot nua iarnróid a sheachadadh i lár na bliana 2022 anois.

Cé gur mhair géarchéim Covid-19 i bhfad níos faide ná mar a bhíodhas ag coinne leis, tá súil againn go dtosóimid ag filleadh ar an saol mar a bhíodh de réir mar a dháiltear vacsaíní. Cé go bhfuil sé soiléir go mbeidh athruithe ann ar an dóigh a mairimid agus a n-oibrímid de bharr na heachtra sin, is le himeacht ama amháin a thiocfaidh na hathruithe sin chun cinn.

Agus sinn ag breathnú romhainn, tá an tÚdarás réidh leis na cuspóirí atá leagtha amach i gClár an Rialtais a bhaint amach agus le rannchuidiú leis an téarnamh tar éis phaindéim Covid-19.



Anne Graham, Príomhfheidhmeannach



NA PRÍOMHFHORBAIRTÍ AGUS NA PRÍOMHÉACHTAÍ SA BHLIAIN 2020

EANÁIR

- Tugadh scéimeanna deontas isteach chun cabhrú le tacsaithe, fruilcharranna agus limisíní leictreacha atá oiriúnach do chathaoir rothaí a cheannach
- Foilsíodh an Cód Cleachtais le haghaidh Rialaitheoirí Páirceála agus Oibritheoirí Teanntála
- Aistríodh bealaí bus comaitéireachta idir Baile Átha Cliath agus Cill Dara go rathúil chuig Go-Ahead Ireland
- Seoladh go hoifigiúil dhá bhealach uirbeacha nua i gCill Chainnigh, agus iad á n-oibriú ag City Direct
- Tosaíodh treoirscéim Fruilcharranna Ainmnithe Limistéir Áitiúil chun cabhrú leis an bhfáil ar an iompar i limistéir thuaithe

IÚIL

- Foilsíodh an suirbhé Bike Life, an chéad suirbhé riamh ar an rothaíocht ar fud Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath (i gcomhar le Sustrans, carthanas iompair inbhuanaithe)
- Tosaíodh próiseas comhairliúcháin phoiblí ar an síneadh beartaithe le Líne Dhearg Luas ó Dhroichead Broome go Baile Shéarlais trí Fhionnghlas
- Cuireadh an chéad cheann d'ocht dtram nua níos faide (55 méadar) i mbun seirbhíse, agus acmhainn á méadú ar Líne Uaine Luas
- Osclaíodh Céim 2 de Scoth-Rotharbhealach na Canálach Ríoga (Sráid an tSírriam Uachtarach go Bóthar na Trá Thuaidh)
- Cuireadh tús le cineál nua saoráidí mearthógtha rothaíochta (lánaí cosanta rothar) a thógáil ar dhá threoirthionscadal ar Bhóthar Bhaile na nGabhar agus ar Ascaill San Benildus



FEABHRA

- Cuireadh tús le stáisiún nua iarnróid chomaitéireachta a thógáil i mBaile Pheiléid i mBaile Átha Cliath thiar
- Cuireadh tús leis an dara próiseas comhairliúcháin phoiblí le haghaidh thionscadal na gCroíchonairí Bus mar chuid de Chlár BusConnects Bhaile Átha Cliath

LÚNASA

- Ceapadh innealtóirí chun roghanna bealaigh a anailísiú agus chun dearaí tosaigh a fhorbairt do Luas Chorcaí
- Leithdháileadh €55 milliún ar údaráis áitiúla le haghaidh tionscadail rothaíochta agus siúil mar fhreagairt do phaindéim Covid-19
- Seoladh próiseas tosaigh comhairliúcháin phoiblí ar thionscadal beartaithe DART+ Thiar, rud a bhfuil i gceist leis seirbhísí leictirithe iarnróid a sholáthar ar líne Mhaigh Nuad agus ar líne Pháircbhealach M3
- Fadaíodh bailíocht thicéid bhliantúla TFI TaxSaver go ceann sé mhí mar fhreagairt do phaindéim Covid-19
- Cuireadh socruithe i bhfeidhm chun go bhféadfadh oibritheoirí ceadúnaithe bus leanúint le seirbhísí bunriachtanacha bus a sholáthar

8

MÁRTA

- Tarscaoileadh táillí athnuachana déanaí le haghaidh ceadúnais tacsáí mar fhreagairt do phaindéim Covid-19
- Seoladh an leagan deiridh de Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí
- Dámhadh cistiú le haghaidh scéimeanna inrochtana carranna pobail i gCorcaigh, i gCiarraí, ar an Longfort, in Uíbh Fhailí agus i Maigh Eo



MEÁN FÓMHAIR

- Rinneadh suirbhéanna náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar an earnáil tacsaithe
- Cuireadh tús leis an gcomhairliúchán poiblí ar dhréacht-Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh-Shionainne
- Foilsíodh an leagan athbhreithnithe deiridh de ghréasán bus limistéar Bhaile Átha Cliath mar chuid de Chlár BusConnects Bhaile Átha Cliath




AIBREÁN

- Cuireadh tús le próiseas soláthair chun foireann deartha a cheapadh chun tabhairt faoi obair phleanála agus obair deartha tosaigh do Luas Chorcaí



DEIREADH FÓMHAIR

- Cuireadh trí thram nua níos faide (55 méadar) i mbun seirbhíse ar Líne Uaine Luas
- Seoladh an feachtas *Bíonn fáilte roimh chách ar an iompar poiblí* chun aird a tharraingt ar fhadhb an chiníochais ar sheirbhísí iompair phoiblí



BEALTAINE

- **Ghlac an tÚdarás rialacháin lenar fadaíodh na teorainneacha uasta aoise le haghaidh athnuachaintí ceadúnais tacsáí, fruilchairr agus limisín mar fhreagairt do phaindéim Covid-19**
- Foilsíodh Plean Soghluaisteachta Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar mhaithe le creat tograí a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha nua a bhaineann le gníomhaíocht agus soghluaisteacht tráchtála i Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath mar fhreagairt do phaindéim Covid-19



MEITHEAMH

- Cuireadh tús leis an obair ar an láithreán le haghaidh Ionad Náisiúnta nua um Rialú Traenach a thógáil ag Stáisiún Heuston



NOLLAIG

- Tugadh faoin bhfeachtas *Meas ar an bhFoireann* chun tuilleadh measa ar thiománaithe bus, iarnróid agus tacsáí a chur chun cinn
- Foilsíodh páipéar saincheisteanna roimh mhór-athbhreithniú ar an Straitéis Iompair do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath 2016 - 2035
- Cuireadh tús leis an tríú próiseas comhairliúcháin phoiblí le haghaidh thionscadal na gCroíchonairí Bus mar chuid de Chlár BusConnects Bhaile Átha Cliath
- Tosaíodh seirbhísí nua bus idir an Clochán agus Cathair na Mart (Bealach 423)
- Breisíodh seirbhísí bus i Lú (Bealach 168), i gCiarraí (Bealach 275) agus i Maigh Eo (Bealach 450)

9

- Tosaíodh seirbhísí ar ghréasán athbhreithnithe breisithe bus baile ar an Uaimh
- Leathnaíodh an gréasán bus baile i nDroichead Átha trí Bhealaí D4 agus D5 a chur leis
- Tosaíodh seirbhís nua Nasc Áitiúil lena nasctar an tInbhear Mór, an Tulach agus Baile Cheatharlach (Bealach 800)
- Athbhreithníodh rialacháin tacsaithe chun teorainneacha uasta aoise feithicil a fhadú agus chun táillí áirithe athnuachana ceadúnais feithicle a tharscaoileadh mar fhreagairt do phaindéim Covid-19
- Seoladh seirbhísí 24 uair an chloig ar Bhealach 39a agus cuireadh feabhsuithe eile ar sheirbhísí Bhus Átha Cliath
- Seachadadh an chéad bhaisc de bhusanna leictreacha hibrídeacha dhá urlár lena n-úsáid i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i gCathair na Gaillimhe
- Tosaíodh an próiseas le haghaidh suas le 800 bus leictreach dhá urlár a sholáthar
- Seoladh libhré nua bus TFI

Pleanáil Straitéiseach agus Samhaltú Iompair

*Seoladh Straitéis Iompair
Limistéar Cathrach Chorcaí
go foirmiúil*



PLEANÁIL STRAITÉISEACH IOMPAIR

Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath

Sa Straitéis Iompair ón Údarás do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath 2016-2035, ar straitéis reachtúil í, leagtar amach na príomhthionscadail iompair is gá a sholáthar chun freastal, trí mhodhanna inbhuanaithe, ar an bhfás san éileamh taistil. Ní mór an Straitéis sin a bheith ag teacht leis an mbeartas Rialtais maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le gníomhú ar son na haeráide agus ceanglaítear le reacht go ndéanfaí athbhreithniú uirthi gach sé bliana.

Le linn na bliana 2020, tosaíodh ar obair réamhphleanála chun an Straitéis Iompair reatha a thabhairt cothrom le dáta. Mar chuid den obair sin, tosaíodh ar thuarascálacha sonracha cúlra a ullmhú. Tosaíodh comhairliúchán poiblí ar Pháipéar Saincheisteanna i mí na Samhna freisin, ar lena linn a iarradh aiseolas ón bpobal maidir leis na tosaíochtaí le haghaidh an straitéis iompair a thabhairt cothrom le dáta.

Limistéar Cathrach Chorcaí

Ag obair dó i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí, le Comhairle Contae Chorcaí agus le Bonneagar Iompair Éireann, chuir an tÚdarás Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí i gcrích. Seoladh an Straitéis go foirmiúil i mí an Mhárta.

Tugtar aghaidh inti ar gach modh iompair, agus é mar chuspóir léi creat pleanála straitéisí a sholáthar le haghaidh forbairt chomhtháite bonneagair iompair agus seirbhísí iompair thar an bhfiche bliain atá le teacht. Úsáidfear an Straitéis chun bonn eolais a chur faoi leibhéil infheistíochta iompair agus faoi bheartú tosaíochta iompair thar an ngearrthéarma agus thar an bhfadthéarma araon. Tionscnaíodh roinnt tionscadal ina leith sin le linn na bliana 2020, lena áiríodh Iarnród Éadrom Iompair Chorcaí agus BusConnects Chorcaí. Comhaontaíodh freisin go mbunófaí coiste comhordúcháin chun

cur chun feidhme na Straitéise a éascú. Cuimseoidh an coiste sin ionadaithe ó na húdaráis áitiúla, ó na hoibritheoirí iompair agus ó na gníomhaireachtaí urraíochta do na mórthionscadail atá á bhforbairt.

Lean an tÚdarás le páirt a ghlacadh i nGrúpa Phlean Straitéiseach Limistéar Chorcaí. D'oibrigh an tÚdarás i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha Chathair Chorcaí agus ar Phlean Forbartha Contae Chorcaí.

Limistéar Cathrach Luimnigh - Shionainne

Lean an tÚdarás le Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh-Shionainne a ullmhú i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, le Comhairle Contae an Chláir agus le Bonneagar Iompair Éireann.

I mí Mheán Fómhair, cuireadh dréachtstraitéis iompair i gcrích agus foilsíodh mar chuid de phróiseas comhairliúcháin phoiblí í. Fuarthas 112 aighneacht san iomlán le linn na tréimhse comhairliúcháin, inar tugadh aiseolas ar na tograí tosaigh agus inar sainithníodh codanna den dréachtstraitéis a bhféadfaí leasuithe a dhéanamh orthu. Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na haighneachtaí, tosaíodh ar leasuithe áirithe a dhéanamh ar an dréachtstraitéis.

Limistéar Cathrach na Gaillimhe

Lean an tÚdarás air ag obair le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun na cuspóirí atá leagtha amach i Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur chun feidhme. I mí na Samhna, rinne an Chomhairle iarratas ar thoiliú pleanála don bhealach beartaithe siúil agus rothaíochta in aice le Droichead na mBradán. Tionóladh comhairliúchán phoiblí ar an Nasc Traschathrach bunathraitheach agus ar na tograí do bhealach BusConnects ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath freisin.

Port Láirge

I gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, le Comhairle Contae Chill Chainnigh agus le Bonneagar Iompair Éireann, thosaigh an tÚdarás ag obair ar

Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Phort Láirge a ullmhú.

Limistéir Eile

Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le roinnt údarás áitiúil ar fud na tíre, agus é ag soláthar comhairle agus ionchuir maidir le próifiliú na bpatrún éilimh ar an iompar ar leibhéal contae agus ag ullmhú pleananna áitiúla iompair ar leibhéal contae agus do bhailte tábhachtacha áirithe laistigh dá limistéir riaracháin. Rinneadh cuid mhór den obair sin chun cabhrú le bonn eolais a chur faoi cheapadh beartais mar chuid den phróiseas athbhreithniúcháin ar phleananna forbartha agus faoi bheartú tosaíochta infheistíochta iompair.

CUR CHUN FEIDHME AGUS FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR AN MBEARTAS IOMPAIR

Rinne an tÚdarás breis agus 140 aighneacht i scríbhinn le linn na bliana, a bhain go príomha le pleananna forbartha, le pleananna limistéir áitiúil agus le hiarratais phleanála.

SAMHLACHA RÉIGIÚNACHA IOMPAIR

Tugadh faoi chlár suntasach oibre, lenar áiríodh na nithe seo a leanas:

- an Córas um Shamhaltú Réigiúnach a nuashonrú agus a bhreisiú;
- anailís samhaltaithe a sholáthar chun tacú le tionscadail iompair; agus
- bonneagar oiriúnach TF a fhorbairt chun tacú le húsáid an Chórais um Shamhaltú Réigiúnach.

Soláthraíodh Samhail Náisiúnta Réamhaisnéise Éilimh agus Samhail Réigiúnach an Oirthir go luath sa bhliain. Cuireadh struchtúr Samhail Réigiúnach an Oirthir i bhfeidhm i leith na réigiún eile

ansin. Soláthraíodh na samhlacha sin i dtreo dheireadh na bliana, mar aon leis na foirne uirlisí breithmheasa a ghabhann leo.

I gcomhthreo leis an obair forbartha, baineadh úsáid fhairsing as an tSamhail Náisiúnta Réamhaisnéise Éilimh agus as Samhail Réigiúnach an Oirthir ar mhórthionscadail amhail MetroLink, Clár DART+ agus BusConnects.

Lean an tÚdarás le dul i dteagmháil le raon leathan geallsealbhóirí – údaráis phoiblí agus eagraíochtaí acadúla ina measc – chun úsáid na samhlacha a chur chun cinn agus chun luach na samhlacha a uasmhéadú. Go háirithe, tugadh faoi obair shuntasach samhaltaithe thar ceann na Roinne Iompair agus na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun tacú le forbairt beartais i réimsí an iompair agus an athraithe aeráide.

Tháinig méadú suntasach le linn na bliana ar an úsáid a baineadh as an gCóras um Shamhaltú Réigiúnach chun measúnú a dhéanamh ar mhórthionscadail iompair agus ar phleananna eile. Úsáideadh na samhlacha i níos mó ná 200 tionscadal aonair ó coimisiúnaíodh den chéad uair iad.



GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Baineann cuid mhór d'obair an Údaráis le bonneagar agus seirbhísí taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí a sholáthar chun an t-aistriú i dtreo córas iompair níos inbhuanaithe a éascú. Má táthar chun dúshláin na hÉireann i ndáil le gníomhú ar son na haeráide a chomhlíonadh, tá sé ríthábhachtach go n-aistreofaí tuilleadh daoine go cineálacha iompair atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Áirítear iad seo a leanas le gníomhaíochtaí an Údaráis lena dtacaítear le hastaíochtaí a laghdú i réimse an iompair:

- straitéisí iompair a fhorbairt do limistéir chathrach chun tacú le dlúthfhás agus le forbairt inbhuanaithe;
- a áirithiú go gcuirtear bonneagar nua iompair phoiblí agus seirbhísí breisithe iompair phoiblí chun feidhme;
- tionscadail taistil ghníomhaigh a sholáthar, lena n-áirítear gréasán saoráidí sábháilte rothaíochta a sholáthar go háirithe;
- modhanna taistil ghníomhaigh agus úsáid iompair phoiblí a chur chun cinn; agus
- tacú le comhdhlúthú forbartha i limistéir uirbeacha agus le patrúin sraoilleála forbartha a aisiompú.

Cé gur chuir paindéim Covid-19 isteach ar a lán gníomhaíochtaí le linn na bliana 2020, leanadh ar aghaidh le hobair i ngach ceann de na réimsí sin agus rannchuidíodh leis an sprioc fhoriomlán atá ann astaíochtaí iompair a laghdú. Áirítear iad seo a leanas le roinnt buaicphointí sonracha:

- An clár bonneagair rothaíochta a mhéadú, agus na spriocanna uailmhianacha atá leagtha amach i gClár an Rialtais á léiriú;
- An chéad chéad ceann de bhusanna díosail-leictreacha hibrideacha dhá urlár “na chéad ghlúine eile” a dhearadh agus a mhonarú, ar busanna iad is féidir a oibriú go leanúnach i modh astaíochtaí nialasacha ar feadh 2.5 ciliméadar;
- An leagan deiridh de Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí a sheoladh agus an chéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí a thosú ar Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Luimnigh-Shionainne;
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhórsceimeanna bonneagair iompair phoiblí amhail BusConnects (Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh), DART+, MetroLink, Luas Fhionnghlaise, Luas Chorcaí agus Iarnród Comaitéireachta Chorcaí;
- Flít breise Luas a áirithiú, mar aon le tairiscintí a fháil le haghaidh fhlít nua leictreach agus ceallra-leictreach DART; agus
- Seirbhísí bus a bhreisiú ar fud an Stáit, lena n-áiríodh seirbhísí nua a thabhairt isteach agus seirbhísí a bhí ann cheana a leathnú.



Seirbhísí Bus agus Iarnróid a Sholáthar

Soláthraíodh €289 milliún sa bhreis chun tacú le hoibriú leantach seirbhísí conraithe bus agus iarnróid



COVID-19

Mar thoradh ar leathadh Covid-19, ba ghá bearta agus tacaí breise a thabhairt isteach ag céimeanna éagsúla le linn na bliana chun oibriú sábháilte seirbhísí bunriachtanacha iompair phoiblí a chinntiú i gcomhréir leis an mbeartas Rialtais agus le treoirlínte sláinte poiblí.

Bhí na nithe seo a leanas i measc na bpríomhbhearta a thug oibritheoirí iompair phoiblí isteach le tacaíocht ón Údarás:

- acmhainn a laghdú agus bearta scartha shóisialta a chur i bhfeidhm ar fheithiclí agus i stáisiúin;
- córais ghhlantacháin a bhreisiú ar fheithiclí agus i stáisiúin;
- trealamh cosanta pearsanta a dháileadh ar bhaill foirne iompair phoiblí;
- díghalrán láimhe a dháileadh ar fheithiclí agus i stáisiúin; agus
- comhairle agus treoirlínte sláinte poiblí a thaispeáint ar fheithiclí agus i stáisiúin.

Tar éis theacht phaindéim Covid-19, choinnigh an tÚdarás dlúthnasc ar bun le gach oibritheoir conraithe trí chruinnithe a thionól go minic, áit ar tarraingíodh ábhair imní anuas agus ar cuireadh in iúl saincheistanna a bhí le comhroinnt. D'éirigh go geal leis na cruinnithe sin comhsheasmhacht a chinntiú ar fud an iompair phoiblí maidir leis an bhfreagairt don timpeallacht atá ag athrú go tapa agus maidir le dea-chleachtas a chomhroinnt idir oibritheoirí.

Cuireadh amchláir athbhreithnithe bhus, iarnróid agus thram chun feidhme ag céimeanna éagsúla idir mí an Mhárta agus deireadh na bliana chun freagairt do na hathruithe ar shrianta ar an acmhainn iompair ar fheithiclí iompair phoiblí agus ar shrianta ar ghluaiseacht daoine.

Ag teacht sna sála ar chinneadh ón Rialtas i mí an Mheithimh, ghníomhaigh an tÚdarás go tapa chun socruithe a

bhunú le haghaidh tacaíocht cistiúcháin a sholáthar chun go bhféadfadh an earnáil cheadúnaithe bus leanúint le seirbhísí bunriachtanacha bus a sholáthar.

SEIRBHÍSÍ CONRAITHE BUS AGUS IARNRÓID

Rinne an tÚdarás conarthaí seirbhísí iompair phoiblí le roinnt oibritheoirí iompair phoiblí, idir chuideachtaí atá faoi úinéireacht an Stáit agus chuideachtaí príobháideacha, le haghaidh seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar, ar seirbhísí iad atá riachtanach ón taobh sóisialta de agus nach bhfuil, tríd is tríd, inmharthana ó thaobh na tráchtála de. Áirítear leis na conarthaí sin íocaíochtaí a dhéanamh le hoibritheoirí chun freastal ar an bhfíorchostas a bhaineann le seirbhísí a sholáthar. Dá réir sin, tugtar seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí nó seirbhísí “PSO” ar na seirbhísí sin go minic.

Is ann do dhá chineál conartha i leith seirbhísí iompair phoiblí. Is iad sin:

- Conarthaí glanchostais, ar faoina mbun a choinníonn an t-oibritheoir an t-ioncam táillí ar fad;
- Conarthaí ollchostais, ar faoina mbun a choinníonn an tÚdarás an t-ioncam táillí ar fad. Tagann gach conradh a chuirtear amach ar thairiscint iomaíoch faoin gcatagóir sin faoi láthair, lena n-áirítear Go-Ahead Ireland agus conarthaí iarnróid éadroim Luas¹.

Dámhtar conarthaí áirithe gan aon phróiseas tairisceana iomaíoch. Tugtar Conarthaí Dír-Dhámhachtana orthu sin.

Cuimsíonn conarthaí an Údaráis i leith sheirbhísí iompair tuaithe Nasc Áitiúil meascán de chonarthaí glanchostais, de chonarthaí dír-dhámhachtana agus de chonarthaí ollchostais a cuireadh amach ar thairiscint iomaíoch.

¹Rinne an tÚdarás agus Bonneagar Iompair Éireann an conradh oibriúcháin le haghaidh Luas a dhámhachtain i dteannta a chéile. Shann an tÚdarás do Bhonneagar Iompair Éireann an fhreagracht as bainistiú laethúil an chonartha oibriúcháin le haghaidh Luas.

CONARTHAÍ DÍR-DHÁMHACHTANA

Leanadh ar aghaidh leis an obair ar na conarthaí dír-dhámhachtana atá i bhfeidhm ag an Údarás le Bus Átha Cliath, le Bus Éireann agus le hIarnród Éireann a aistriú ó chonarthaí glanchostais ina gconarthaí ollchostais.

Mar sin féin, bhí moill ann ar an aistriú i dtreo faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht seirbhíse, agus i dtreo dea-fheidhmíocht a dhreasú, ar leibhéal an bhealaigh aonair de bharr na n-éiginnteachtaí atá ann sa timpeallacht oibriúcháin mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

CONARTHAÍ A CUIREADH AMACH AR THAIRISCINT IOMAÍOCH

I mí Eanáir, críochnaíodh aistriú céimnithe bealaí bus comaitéireachta idir Cill Dara agus Baile Átha Cliath chuig Go-Ahead Ireland. Tháinig an t-oibritheoir i gceannas ar Bhealaí 120 agus 120C, ar oibrigh Bus Éireann iad roimhe sin. Rinneadh roinnt feabhsuithe ar sheirbhísí agus athuimhríodh seirbhísí freisin chun go mbeadh siad ag teacht ar bhealach níos fearr le héagsúlachtaí seirbhíse.

Go luath i mí an Mheithimh, thug an tÚdarás cuireadh d'oibritheoirí tairiscintí

a chur isteach le haghaidh Bealach 975 a oibriú idir an Cabhán agus an Longfort. I mí na Nollag, críochnaíodh an mheastóireacht ar na haighneachtaí a fuarthas.

Rinne an tÚdarás na téarmaí ar roinnt conarthaí a bhí ann cheana a fhadú mar a leanas:

- rinneadh an Conradh le M&A Coaches i leith Bhealach 828 idir an Caiseal agus Port Laoise a fhadú ó mhí Lúnasa 2020 go mí an Mheithimh 2021;
- rinneadh an Conradh le Andrew Wharton i leith Bhealach 975 idir an Cabhán agus an Longfort a fhadú ó mhí Mheán Fómhair 2020 go mí an Mhárta 2021; agus
- rinneadh an Conradh le Bernard Kavanagh & Sons Limited i leith Bhealach 817 idir Baile Átha Cliath agus Cill Chainnigh a fhadú ó mhí na Nollag 2020 go mí an Mheithimh 2021.



Tábla 1 - Na príomhoibritheoirí seirbhísí bus a cuireadh amach ar tairiscint

Operator	Routes operated
Andrew Wharton Coach Hire	Bealach 975 idir an Cabhán agus an Longfort
Bernard Kavanagh & Sons Limited	Bealach 817 idir Cill Chainnigh agus Baile Átha Cliath
Bus Éireann	Bealaí W1, W2, W3, W4 agus W5 i gCathair Phort Láirge
City Direct	Bealaí KK1 agus KK2 i gCathair Chill Chainnigh
Go-Ahead Ireland	24 bealach uirbeach i mBaile Átha Cliath
Go-Ahead Ireland	3 bhealach réigiúnacha i gCill Dara
Go-Ahead Ireland	Bealach 197 idir Sord agus Cill Dhéagláin
JJ Kavanagh & Sons	Bealach 139 idir an Nás agus Baile Bhlainséir
M&A Coaches Limited	Bealach 828 idir Port Laoise agus an Caiseal

AN LÍON PAISINÉIRÍ AGUS IONCAM

Bhí tionchar millteanach ag paindéim Covid-19 ar phátrúnacht iompair phoiblí ó mhí an Mhárta amach mar gheall ar an ngá a bhí ann le srianta a fhorchur ar ghluaiseacht daoine agus ar an líon paisinéirí a bhí ceadaithe ar fheithiclí iompair phoiblí ar mhaithe le sábháilteacht paisinéirí a chinntiú agus ar mhaithe le leathadh Covid-19 a chosc.

I gcomparáid leis na figiúirí don bhliain 2019, tháinig laghdú 156.8 milliún duine (-53.3%) ar an líon paisinéirí ar sheirbhísí conraithe bus agus iarnróid agus tháinig laghdú €337.7 milliún (-51.2%) ar ioncam.

Bhí costais oibriúcháin Luas níos airde ná a ioncam den chéad uair le roinnt blianta anuas. Tabhaíodh easnamh oibriúcháin €0.65 milliún.



Tábla 2 – An líon bliantúil turas paisinéirí ar na príomhsheirbhísí conraithe (milliún)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Iarnród Éadrom Luas	Seirbhísí Eile Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ²	An Clár Iompair Tuaithe	Iomlán
2019	138.3	39.9	50.1	48.3	15.4	2.5	294.5
2020	68.9	20.0	17.9	19.2	10.3	1.4	137.7
Difríocht	-69.4	-19.9	-32.2	-29.1	-5.1	-1.1	-156.8

Tábla 3 – Ioncam paisinéirí le haghaidh seirbhísí conraithe (€ milliún)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Iarnród Éadrom Luas	Seirbhísí Eile Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ²	An Clár Iompair Tuaithe	Iomlán
2019	230.6	94.5	233.8	81.0	18.5	1.8	660.2
2020	119.7	52.4	101.6	33.5	13.8	1.5	322.5
Difference	-110.9	-42.1	-132.2	-47.5	-4.7	-0.3	-337.7

²⁸³ Féach Tábla 1

ÍOCAÍOCHTAÍ CÚITIMH

Áirítear leis na conarthaí atá i bhfeidhm ag an Údarás le hoibritheoirí iompair phoiblí le haghaidh seirbhísí bus agus iarnróid atá riachtanach ón taobh sóisialta de agus nach bhfuil inmharthana ó thaobh na tráchtála de íocaíochtaí a dhéanamh le hoibritheoirí chun freastal ar an bhfíorchostas a bhaineann le seirbhísí a sholáthar.

Thaifead oibritheoirí iompair caillteanais shubstaintiúla ioncaim de bharr laghdú suntasach ar úsáid an iompair phoiblí mar gheall ar phaindéim Covid-19.

Lonsúdh na caillteanais sin trí chistiú méadaithe a fháil ón Státchiste chun a chinntiú go bhféadfadh seirbhísí iompair phoiblí leanúint le hoibriú ar aon dul le treoirlínte sláinte poiblí.



Tábla 4 – Íocaíochtaí cúitimh oibleagáide seirbhíse poiblí a rinneadh le hoibritheoirí iompair phoiblí (€ milliún)³

Oibritheoir/ Cineál seirbhíse	Modh	Cineál conartha	Limistéar nó Bealach Oibríochtúil	Íocaíocht cúitimh sa bhliain 2019	Íocaíocht cúitimh sa bhliain 2020
Iarnród Éireann	Iarnród	Dír- Dhámhachtain	Náisiúnta	128.4	239.3
Bus Átha Cliath	Bus	Dír- Dhámhachtain	Baile Átha Cliath	53.5	133.4
Bus Éireann (Dír- Dhámhachtain)	Bus	Dír- Dhámhachtain	Náisiúnta (gan Baile Átha Cliath a áireamh)	66.4	101.1
Seirbhísí lompair Tuaithe	Iompar Bus/ lompar atá Freagrúil don Éileamh	Éagsúil	Náisiúnta	22.0	24.6
Seirbhísí a Cuireadh Amach ar Tairiscint ⁴	Bus	Ar tairiscint	Éagsúil	37.5	35.7
Transdev Dublin Light Rail Limited	Iarnród Éadrom (Luas)	Ar tairiscint	Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath	0.0	30.2
Oibritheoirí Tráchtála Bus ⁵	Bus	Dír- Dhámhachtain /Cúnamh Deontais	Náisiúnta	n/b	32.3
Iomláin				307.8	596.6

³ Tar éis asbhaintí feidhmíochta agus glan ar ioncam táillí

⁴ Féach Tábla 1

⁵ Féach Tábla 6

FEIDHMÍOCHT OIBRITHEOIRÍ CONRAITHE

Áirítear caighdeáin feidhmíochta leis na conarthaí atá i bhfeidhm ag an Údarás le hoibritheoirí iompair phoiblí. Foilsítear ar shuíomh Gréasáin an Údaráis tuarascálacha ina mionsonraítear feidhmíocht na n-oibritheoirí i gcomparáid leis na caighdeáin feidhmíochta sin⁶. I gcás go mainníonn oibritheoir na caighdeáin íosta feidhmíochta a chomhlíonadh, déantar asbhaintí ó na híocaíochtaí conarthacha a bhíonn dlite dó. I gcásanna áirithe, faigheann oibritheoirí íocaíochtaí dreasachta freisin i gcás go sáraítear caighdeáin feidhmíochta. Léirítear i dTábla 5 na hasbhaintí a tabhaíodh agus na híocaíochtaí dreasachta a fuair oibritheoirí le linn na bliana 2020. Bhuaill an tÚdarás le hoibritheoirí ag eatraimh thráthrialta le linn na bliana chun a bhfeidhmíocht a athbhreithniú i gcomparáid leis na caighdeáin chomhaontaithe feidhmíochta agus chun gníomhartha feabhais a chomhaontú chun aghaidh a thabhairt ar aon tearcfheidhmíocht. Measúnaíodh i dtuarascálacha feidhmíochta aonair den chéad uair riamh cáilíocht seirbhíse, poncúlacht agus iontaofacht do bhealaí atá á n-oibriú ag Go-Ahead Ireland i limistéar Bhruach-Chathrach Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath.

TÁILLÍ

De bharr phaindéim Covid-19, chinn an tÚdarás gan aon athruithe a dhéanamh ar tháillí.

Toisc nach raibh a lán daoine a raibh ticéad TaxSaver ina seilbh acu in ann leas a bhaint as seirbhísí iompair phoiblí mar gheall ar an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19, d'iarr an tÚdarás ceadú ón Rialtas, agus fuair sé an ceadú sin, chun socruithe a chur i bhfeidhm le haghaidh bhailíocht a dticéad bliantúil a fhadú go ceann tréimhse sé mhí. I gcomhthreo leis sin, lean gach oibritheoir conraithe le haisíocaíochtaí a thairiscint do shealbhóirí ticéid nár mhian leo leas a bhaint as an rogha chun bailíocht a dticéid a fhadú.



Tábla 5 – Asbhaintí agus dreasachtaí a bhaineann le feidhmíocht a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2020 (€m)

Oibritheoir	Asbhaintí a Cuireadh i bhFeidhm	Dreasachtaí a Cuireadh i bhFeidhm
Iarnród Éireann	0.042	0.089
Bus Átha Cliath	0.957	Neamhbhainteach
Bus Éireann (Conradh Dír-Dhámhachtana)	0.275	Neamhbhainteach
Bus Éireann – Cathair Phort Láirge (Conradh a Cuireadh Amach ar Thairiscint Iomaíoch)	0	0.085
Go-Ahead Ireland – Limistéar Bruach-Chathrach Bhaile Átha Cliath	0.070	0.297
Go-Ahead Ireland – Limistéar Bruach-Chathrach Comaitéireachta Bhaile Átha Cliath	0	0.026
Luas (is figiúirí sealadacha iad seo agus is féidir go n-athrófar iad)	1.706	0.058

⁶www.nationaltransport.ie/public-transport-services/operator-performance-reports

ATHBHREITHNIÚ AR GHRÉASÁN BUS LIMISTÉAR BHAILE ÁTHA CLIATH

I mí Mheán Fómhair, d'fhoilsigh an tÚdarás an gréasán nua bus do Limistéar Bhaile Átha Cliath tar éis próiseas mionsonraithe a tosaíodh sa bhliain 2017 mar chuid de Chlár foriomlán BusConnects Bhaile Átha Cliath. Le linn na tréimhse sin, thug an tÚdarás faoi thrí mhórphróiseas comhairliúcháin phoiblí agus chaith sé súil ar bhreis agus 72,000 aighneacht.

I gcomhar le hoibritheoirí agus le húdaráis áitiúla, thosaigh an tÚdarás ar an ngréasán nua bus a chur chun feidhme ar bhonn céimnithe. Mairfidh an obair sin roinnt blianta, faoi réir cistiú a bheith ar fáil.

ATHRUITHE AR SHEIRBHÍSÍ

Déantar seirbhísí conraithe bus agus iarnróid a athbhreithniú go tráthrialta ar mhaithe le fás in úsáid iompair phoiblí a spreagadh agus ar mhaithe le freagairt d'athruithe ar an éileamh. Déanann an tÚdarás gach leasú beartaithe a cheadú go foirmiúil sula gcuirtear chun feidhme iad.

Bhí sé riachtanach ag céimeanna éagsúla le linn na bliana athruithe sealadacha a dhéanamh ar amchláir chun freagairt d'athruithe ar an éileamh ar an taisteal de bharr phaindéim Covid-19.

Cheadaigh an tÚdarás roinnt athruithe buana ar amchláir freisin, áfach. Áiríodh leo sin na hathruithe seo a leanas:

Bus Átha Cliath

- Rinneadh athruithe amchláir agus mionathruithe ailínithe ar roinnt bealaí ar mhaithe le hiontaofacht agus comhsheasmhacht a fheabhsú, lenar áiríodh Bealaí 13, 14, 32, 37, 41b, 41d, 44 agus 47.

Go-Ahead Ireland

- Rinneadh athruithe amchláir ar roinnt

bealaí ar mhaithe le poncúlacht agus iontaofacht a fheabhsú, lenar áiríodh Bealaí 17, 17a, 75, 114, 161 agus 175.

I mí Iúil, fuair an tÚdarás ceadú chun seirbhísí breisithe iompair phoiblí a sholáthar ar bhonn náisiúnta mar chuid de Phacáiste Spreagthaí Iúil ar mhaithe le téarnamh geilleagrach agus gnó ó phaindéim Covid-19 a chur chun cinn.

D'ainneoin na tréimhse doichte ama, tharla sé, faoi dheireadh na bliana, gur éirigh leis an Údarás plean cuimsitheach a thabhairt chun críche chun seirbhísí nua agus minicíocht mhéadaithe a sholáthar ar sheirbhísí a bhí ann cheana. Tá mionsonraí na seirbhísí breisithe mar a leanas:



Bus Éireann

Uimhir Bhealaigh	Cur Síos
D4/D5	Seirbhísí nua ar ghréasán Bhaile Dhroichead Átha, lena soláthraítear minicíocht chomhcheangailte 15 nóiméad idir an taobh thuaidh de Dhroichead Átha láir agus Ionad Siopadóireachta Southgate
N1/N2	Seirbhísí nua lena soláthraítear seirbhís bhreisithe leathnaithe baile ar an Uaimh, lena nasctar na limistéir chónaithe le deiseanna fostaíochta, oideachais agus miondíola ar fud an bhaile
168	Seirbhís nua idir Dún Dealgan agus Droichead Átha, trí bhailte cósta
212	Seirbhís nua cathrach a oibrítear 7 lá sa tseachtain idir Rinn Mhachan agus Corcaigh
275	Leibhéal breisithe seirbhíse idir Daingean Uí Chúis agus Trá Lí
303/323/333/336/345	Amchlár bhreisithe agus bealaí breisithe ar an gClár agus i Luimneach
423	Seirbhís nua idir an Clochán agus Cathair na Mart
440A/450	Seirbhísí athchumraithe, lena n-áirítear seirbhís dhíreach a sholáthar idir Cluain Cearbán agus Acaill, trí Chathair na Mart
446	Amchlár breisithe seirbhísí idir Béal an Mhuirthead agus Béal an Átha

Bus Átha Cliath

Uimhir Bhealaigh	Cur Síos
1	Amchlár breisithe idir Seantrabh (Bóthar Sheanaird) agus Dumhach Thrá (Eaglais Naomh Eoin)
9	Amchlár breisithe idir Baile Shéarlais agus Ascaill na Tiníleach
13	Minicíocht bhreisithe seachbhuaice agus tráthnóna idir Baile Anraí agus Caisleán na Gráinsí
14	Minicíocht bhreisithe seachbhuaice agus tráthnóna idir Beaumont (Bóthar Ard Liath) agus Stáisiún Luas Dhún Droma
39a	Seirbhísí 24 uair an chloig a sholáthar (Belfield, UCD – Ongar)
83	Minicíocht bhreisithe seachbhuaice idir Baile Anraí agus Camaigh

Nasc Áitiúil

Uimhir Bhealaigh	Cur Síos
C1/C2	Seirbhísí Domhnaigh a thabhairt isteach ar ghréasán Bhaile an Chabháin
800	Seirbhís nua idir an tInbhear Mór agus Ceatharlach, tríd an Tulach
978	Béal an Mhuirthead - Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo (Nasc Áitiúil Mhaigh Eo)
277/275A	Daingean Uí Chúis/Ceann Sléibhe (Nasc Áitiúil Chiarraí)

IOMPAR TUAITHE/ NASC ÁITIÚIL TFI

Bhí seirbhísí tuaithe tráthrialta Nasc Áitiúil in ann leanúint ag oibriú tar éis theacht phaindéim Covid-19, faoi réir na réamhchúraimí riachtanacha a chur chun feidhme chun leathadh an ghalair a chosc.

Cé gur lean formhór na seirbhísí atá freagrúil don éileamh ag oibriú, athoiriúnaíodh cuid mhór díobh chun oibriú mar sheirbhísí 'bailiúcháin agus seachadta' lena soláthraítear soláthairtí bunriachtanacha do dhaoine scothaosta agus do dhaoine leochaileacha eile den phobal. Ba ghá scor de sheirbhísí carranna pobail toisc nach mbeifí in ann scaradh sóisialta a choinneáil ar bun ar na seirbhísí sin. Rinneadh carranna pobail a ath-imscaradh chun cabhrú le seirbhísí 'bailiúcháin agus seachadta'. Cuireadh fáilte fhorleathan roimh an soláthar seirbhísí 'bailiúcháin agus seachadta' agus neartaíodh an dearcadh dearfach i leith Nasc Áitiúil i limistéir áitiúla dá mbarr.

Cuireadh roinnt seirbhísí nua de chuid Nasc Áitiúil chun feidhme roimh dheireadh na bliana mar chuid de Phacáiste Spreagthaí Iúil, rud a tugadh isteach chun téarnamh geilleagrach agus gnó ó phaindéim Covid-19 a spreagadh.

Toradh eile a bhí ar Phacáiste Spreagthaí Iúil ba ea gur cuireadh ar chumas an Údaráis tosú ar dhá bhus lánleictreacha a cheannach le haghaidh seirbhísí Nasc Áitiúil a oibriú i gCiarraí chun tacú arís eile le tiomantas an Údaráis don iompar poiblí inbhuanaithe a sholáthar ar leibhéal áitiúil.

ÉIRE A NASCADH

Leanadh le hathbhreithniú náisiúnta a dhéanamh ar idirnascacht an iompair phoiblí idir lonnaíochtaí d'fhonn na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- sainaitheint agus tomhas a dhéanamh go córasach ar mhéid na mbearnaí atá ann in idirnascacht an iompair phoiblí idir lonnaíochtaí ar fud an Stáit agus lasmuigh de na cúig chomhchathair mhóra, mar atá Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge; agus
- tacar tograí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin trí sheirbhísí atá ann cheana a bhreisiú agus trí sheirbhísí nua a fhorbairt chun cuspóirí soghluaisteachta inbhuanaithe agus athraithe aeráide a chomhlíonadh, mar aon le rannpháirtíocht sa tsochaí a éascú i measc tuilleadh daoine nach bhfuil carr ar fáil dóibh.

Is é Éire a Nascadh an teideal oibre ar an tionscnamh sin. Mar gheall ar an scála agus ar an gcastacht a bhaineann leis, is cuí cur chuige céimnithe a ghlacadh i leith comhairliúcháin chun teagmháil fhiúntach thráthúil a chinntiú le gach geallsealbhóir, lena n-áirítear an pobal i gcoitinne. Tosaíodh an chéad chéim comhairliúcháin i mí Dheireadh Fómhair, agus sraith ceardlann comhairleach á tionól le húdaráis áitiúla.

Tosaíodh ag cur iarratas ar chistiú le chéile freisin le haghaidh na moltaí a thiocfaidh chun cinn a chur chun feidhme de réir treoirlínte breithmheasa tionscadail le haghaidh infheistiú i scéimeanna iompair.



SEIRBHÍSÍ CEADÚNAITHE BUS

Covid-19

Ba é an toradh a bhí ar mheascán den éileamh íseal i measc paisinéirí agus den srian ar acmhainn feithiclí de bharr phaindéim Covid-19 go ndearnadh formhór na seirbhísí ceadúnaithe bus neamh-inmharthana ón taobh airgeadais de láithreach agus gur scoir a lán díobh de bheith ag oibriú laistigh de thréimhse ghearr tar éis theacht an ghalair i mí an Mhárta. Maidir leo sin a lean de bheith ag oibriú, ní raibh siad in ann ach seirbhísí an-chiorraithe a thairiscint.

I mí an Mheithimh, fuair an tÚdarás ceadú ón Rialtas chun scéim cistiúcháin a riar chun tacú le hoibritheoirí ceadúnaithe seirbhísí bunriachtanacha bus a sholáthar. Ag teacht sna sála ar theagmháil fhairsing le hoibritheoirí, fuarthas iarratais bhailí ó 64 oibritheoir. Tar éis mionanailís a dhéanamh ar na hiarratais, thug an tÚdarás conarthaí dír-dhámhachtana éigeandála i gcrích le 16 oibritheoir agus fuair 48 oibritheoir cúnamh deontais de réir rialacha an Choimisiúin Eorpaigh lena rialaítear cúnamh deontais De Minimis.

Gníomhaíocht Ceadúnúcháin

De bharr phaindéim Covid-19, bhí laghdú suntasach ann ar an líon iarratas ar cheadúnais nua agus ar leasuithe ar cheadúnais atá ann cheana.

Le linn mhí an Mhárta, ghníomhaigh an tÚdarás go tapa chun fógra a thabhairt d'oibritheoirí ceadúnaithe go bhféadfaí seirbhísí aonair nó ceadúnais iomlána a fhionraí mar gheall ar an laghdú ollmhór ar an éileamh i measc paisinéirí de bharr phaindéim Covid-19. Mar thoradh air sin, b'airde an líon iarratas ar fhionraí a fuair an tÚdarás le linn na bliana ná an líon a fuair sé in aon bhliain ar leith roimhe sin. Cinntíodh leis an socrú sin, áfach, go raibh oibritheoirí ceadúnaithe in ann cailteanais airgeadais a íoslaghdú.

Tugtar i dTábla 7 sonraí faoi ghníomhaíocht ceadúnúcháin bhus. De na hiarratais ar cheadúnais nua agus/ nó ar cheadúnais leasaithe, próiseáladh 43% laistigh de na tréimhsí tascacha ama le haghaidh iarratais den sórt sin a bhreithniú, faoi mar atá leagtha amach sa doiciméad ón Údarás dar teideal Treoirlínte maidir le Seirbhísí Poiblí Bus do Phaisinéirí a Cheadúnú.

Tábla 6 – Íocaíochtaí cúitimh a bhaineann le Covid-19 a rinneadh le hoibritheoirí iompair phoiblí sa bhliain 2020

Cineál Conartha	An líon oibritheoirí	Méid Cistiúcháin (€m)
Dír-Dhámhachtain	16	29.22
Cúnamh Deontais De Minimis	48	3.08

Tábla 7 – Gníomhaíocht ceadúnúcháin bhus sa bhliain 2020

Cineál	An Líon a Fuarthas	An Líon Cinntí a Rinneadh ⁷	An Líon a Tairgeadh	An Líon a Eisíodh	An Líon a Cealaíodh	An Líon a Diúltaíodh
Iarratas nua	93	99	83	26	23	3
Ceadúnas atá ann cheana a leasú	95	117	72	65	16	1
Ceadúnas a athnuachan	57	57	n/b	57	0	0
Ceadúnas a aistriú idir oibritheoirí	8	8	0	8	0	0
Ceadúnas a chúlghairm	1	0	n/b	0	0	0
Ceadúnas a fhionraí go sealadach	704	704	n/b	704	0	0

⁷ Lena n-áirítear cinntí a rinneadh ar iarratais a fuarthas le linn na bliana 2019 agus a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2020.

Gníomhaíocht Comhlíonta

Ciorraíodh gníomhaíocht comhlíonta bus go mór de bharr phaindéim Covid-19. Cuireadh 17 n-oibríocht “ar an talamh” i gcrích agus rinneadh faireachán ar 167 seirbhís bus le linn na bliana.

Mar thoradh air sin, eisíodh 29 litir soiléirithe ceadúnais chuig oibritheoirí a raibh seirbhísí á gcur chun cinn acu de shárú ar a gcoinníollacha ceadúnúcháin nó lasmuigh den chóras ceadúnúcháin bhus.

A bhuí leis an díriú leantach a leagann an tÚdarás ar an oideachas agus ar an díspreagadh, tugadh ceithre oibritheoir nua isteach sa chóras ceadúnúcháin agus scoir ceithre oibritheoir de bheith ag oibriú.

Seirbhísí Idirnáisiúnta Bus

Le linn na bliana, chuaigh an tÚdarás i dteagmháil fhairsing leis an Roinn Iompair maidir le socruithe nua a chur chun feidhme chun oibriú leantach seirbhísí cóiste agus bus idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe a éascú tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach an 31 Nollaig 2020.

Rialaítear seirbhísí ócáideacha bus go príomha le Comhaontú Interbus maidir le hlompar Idirnáisiúnta Ócáideach Paisinéirí de Chóiste agus de Bhus, arb é an tÚdarás an t-údarás inniúil ainmnithe in Éirinn ina leith. Is le Comhaontú Trádála agus Comhair an Aontais Eorpaigh-na Ríochta Aontaithe a rialaítear seirbhísí tráthrialta agus seirbhísí tráthrialta speisialta idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe anois.

D'oibrigh an tÚdarás go dlúth le hoibritheoirí bus agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha chun a chinntiú go ndéanfaí aistriú réidh chuig na socruithe nua. Áiríodh leis sin doiciméid nua a dháileadh go tráthuil ar oibritheoirí.



Bonneagar a Uasghrádú

*Úsáideadh cistiú chun
ath-leithdháileadh an
spáis bhóthair a éascú ar
mhaithe le bealaí níos fearr,
níos sábháilte agus níos
inrochtana a sholáthar do
choisithe agus do rothaithe*



INFHEISTÍOCHT CHAIPITIL

Tá freagracht ar an Údarás as trí chlár infheistíochta caipitil iompair phoiblí:

- Clár Caipitil Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath;
- Clár Iompair Inbhuanaithe na gCathracha Réigiúnacha; agus
- An Clár Inrochtaineachta Iompair Phoiblí.

Cé go bhfuil freagracht reachtúil ar an Údarás as Clár Caipitil Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, is ar bhonn neamhreachtúil thar ceann na Roinne Iompair a bhainistíonn sé Clár Iompair Inbhuanaithe na gCathracha Réigiúnacha agus an Clár Inrochtaineachta Iompair Phoiblí.

I gcás na dtrí Chlár uile, tá freagracht ar an Údarás as na tionscadail atá le cistiú a chinneadh agus as caiteachas a bhainistiú. Is iad gníomhaireachtaí Stáit, oibritheoirí iompair agus údaráis áitiúla a chuireann na hoibreacha riachtanacha i gcrích, ag gníomhú dóibh thar ceann an Údaráis. Cuireann an tÚdarás na hoibreacha riachtanacha i gcrích go díreach i gcás tionscadal agus clár áirithe freisin.



Tábla 8 - Dáileadh íocaíochtaí caipitil (€ milliún)

Gníomhaireacht Cur Chun Feidhme	Clár Caipitil Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath	Clár Iompair Inbhuanaithe na gCathracha Réigiúnacha	An Clár Inrochtaineachta Iompair Phoiblí	Iomlán
An Taisce	0.12	0	0	0.12
Bus Éireann	1.02	0	0.35	1.37
Comhairle Contae Cheatharlach	0	0.23	0	0.23
Comhairle Contae an Chláir	0	0.29	0.02	0.31
Córas Iompair Éireann	0.16	0	0	0.16
Comhairle Cathrach Chorcaí	0	12.38	0	12.38
Comhairle Contae Chorcaí	0	2.42	0.14	2.56
Bus Átha Cliath	2.77	0	0.07	2.84
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	24.52	0	0	24.52
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	21.01	0	0	21.01
Comhairle Contae Fhine Gall	4.93	0	0	4.93
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	0	4.82	0	4.82
Iarnród Éireann	89.53	1.45	3.97	94.96
Comhairle Contae Chiarraí	0	0.36	0	0.36
Comhairle Contae Chill Dara	2.3	0	0	2.3
Comhairle Contae Chill Chainnigh	0	0.76	0	0.76
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	0	4.64	0.04	4.64
Comhairle Contae Lú	0	0.59	0	0.59
Comhairle Contae na Mí	8.62	0	0	8.66

Tábla 8 (Ar lean)

Gníomhaireacht Cur Chun Feidhme	Clár Caipitil Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath	Clár Iompair Inbhuanaithe na gCathracha Réigiúnacha	An Clár Inrochtaineachta Iompair Phoiblí	Iomlán
Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Dail	0	0	0.11	0.11
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	135.99	0.05	1.31	137.35
Comhairle Contae Uíbh Fhailí	0	0	0.04	0.04
Comhairle Contae Shligigh	0	0.07	0.06	0.13
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	8.57	0	0	8.57
Comhairle Contae Thiobraid Arann	0	0.05	0	0.05
Bonneagar Iompair Éireann	63.14	0.08	0	63.21
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	0.47	0.00	0	0.47
Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	0	9.64	0	9.64
Comhairle Contae Chill Mhantáin	3.55	0.33	0	3.88
Iomlán	366.70	38.17	6.12	410.99

CLÁR CAIPITIL MHÓRLIMISTÉAR BHAILE ÁTHA CLIATH

Leagtar amach sa Phlean Comhtháite Forfheidhmithe 2020 - 2024 ón Údarás le haghaidh Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath an clár infheistíochta bonneagair atá le saothrú thar shaolré an Phlean faoi cheithre fhochlár:


- Iarnród Trom;
- Iarnród Éadrom;
- Bus; agus
- Bearta Comhtháthaithe agus Iompar Inbhuanaithe.

Tá caiteachas an Údaráis ar gach ceann de na ceithre fhochlár laistigh den Phlean Comhtháite Forfheidhmithe leagtha amach i dTábla 9.



Tábla 9 – Clár Caipitil Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath

Fochlár	Caiteachas (€ milliún)	Céatadán den chaiteachas iomlán
Iarnród Trom	90.36	18%
Iarnród Éadrom	64.24	27%
Bus	111.56	30%
Iompar Inbhuanaithe agus Comhtháite	100.55	25%



FOCHLÁR IARNRÓID THROM

Faoin bhfochlár seo, soláthraítear cistiú d'Iarnród Éireann le haghaidh an bonneagar iarnróid a chothabháil agus a fhorbairt i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath.

Clár DART+

I mí Lúnasa, rinneadh an Clár um Leathnú DART a athbhrandáil mar Chlár DART+.

Is é atá i gClár DART+ ná sraith tionscadal lena gcruthófar gréasán iarnróid lánleictirithe cathrach do Bhaile Átha Cliath, áit a mbeidh na línte uile nasctha agus ceangailte lena chéile.

Is iad seo na príomhghnéithe den Chlár:

- DART+ Thiar, lena soláthrófar seirbhís nua DART go Maigh Nuad/ Páircbhealach M3 ar Líne Mhaigh Nuad/ Shligigh;
- DART+ Thiar Theas, lena soláthrófar seirbhís nua DART go Collchoill agus go Cill Droichid ar Líne Chill Dara;
- DART+ an Chósta Thuaidh, lena soláthrófar seirbhís nua DART idir Lár na Cathrach agus Droichead Átha ar Líne an Tuaiscirt;
- DART+ an Chósta Theas, rud lena soláthrófar seirbhís bhreisithe DART go Bré/go dtí na Clocha Liatha ar Líne an Oirdheiscirt.
- Flít DART+ - Traenacha breise a cheannach chun tacú le seirbhísí nua agus breisithe DART.

I mí Lúnasa, chuir Iarnród Éireann tús le próiseas comhairliúcháin phoiblí ar an rogha roghnaithe éiritheach do DART+ Thiar go Maigh Nuad agus go Páircbhealach M3. Tar éis an próiseas sin a chríochnú i mí Dheireadh Fómhair, lean Iarnród Éireann leis an dearadh scéime a fhorbairt chun aird a thabhairt ar an aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí.

Cheap Iarnród Éireann conraitheoirí ildisciplíneacha do thionscadal DART+ Thiar Theas agus do thionscadal DART+ an Chósta araon agus chuir sé tús le conraitheoirí ildisciplíneacha a sholáthar do thionscadail DART+ an Chósta lena gceapadh go luath sa bhliain 2021.

Fuarthas tairiscintí le haghaidh fhlít nua DART i mí Lúnasa agus bhí an próiseas meastóireachta tairisceana fós ar siúl ag deireadh na bliana.

Tionscadal Athchomharthaíochta Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath

Rinne Iarnród Éireann na céimeanna uile atá fágtha de Thionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach a choimisiúnú go rathúil i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna agus tosaíodh ar an gcóras nua a thástáil ar aon dul le ceanglais an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid.

An Flít Iarnróid atá ann cheana a Bhreiseiú

Leanadh le 41 carráiste nua iarnróid a mhonarú chun an flít iarnróid chomaitéireachta a mhéadú le linn na bliana. De bharr moilleanna a tháinig as paidéim Covid-19, áfach, táthar ag súil leis anois go seachadfar na carráistí nua le linn na bliana 2022.

An tIonad Náisiúnta um Rialú Traenach

Dámhadh an conradh tógála don Ionad Náisiúnta um Rialú Traenach i mí na Bealtaine agus tosaíodh an obair thógála ar an láithreán i mí an Mheithimh. Tá an tIonad nua lonnaithe ag Stáisiún Heuston agus beidh sé ina chóras nua-aimseartha úrscothach um bainistiú traenach. Dámhadh an conradh don chóras um rialú traenach ag deireadh mhí na Bealtaine freisin, agus tús á chur le hobair forbartha ar an gcóras nua i mí an Mheithimh.

Clár Cothabhála Iarnróid Throm

Chríochnaigh Iarnród Éireann an obair chun saolré 63 Carr Iarnróid Idirchathrach a athnuachan. Áiríodh leis na hoibreacha sin dúshraitheanna raftúla innill a chothabháil agus a ollchóiriú, bógaithe a ollchóiriú agus tacair rothaí a athsholáthar, córais neomataice agus choscán a ollchóiriú, agus uathchúplóirí a ollchóiriú.

Clár Athnuachana Ardaitheoirí agus Staighrí Creasa/Glaochórais do phaisinéirí ardaitheora

Le cistiú ón Údarás, tá Iarnród Éireann ag tabhairt faoi chlár infheistíochta um athnuachan, rud a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar iontaofacht ardaitheoirí agus staighrí creasa i stáisiúin traenach agus an fháil atá orthu a mhéadú.

Bhí 17 láthair ar ghréasán Bhaile Átha Cliath i gceist leis an gclár oibre sa bhliain 2020. Cé go raibh roinnt moilleanna ann ar an gclár de bharr phaindéim Covid-19, críochnaíodh an obair ar 14 láthair. Tá an obair ar na 3 láthair eile le críochnú sa bhliain 2021.

Chun maolú a dhéanamh ar eachtraí iompraíochta frithshóisialta a bhí ag tarlú arís agus arís eile agus a bhí ina gcúis le bristeacha ardaitheora ag stáisiúin gan foireann, suiteáladh glaochórais do phaisinéirí ardaitheora ag stáisiúin DART agus ag stáisiúin na Líne Thuaidh i 25 láthair thosaíochta. Chomh maith leis sin, suiteáladh 50 ceann de chórais amhairc inchloiste idirchum agus TCI in ardaitheoirí a ndéantar faireachán orthu 24 uair an chloig sa lá, 7 lá sa tseachtain ag Gabhal Bhinn Éadair.

FOCHLÁR IARNRÓID ÉADROIM

MetroLink

Rinne Bonneagar Iompair Éireann tuilleadh forbartha ar an Réamhdhearadh, an Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus an Réamhchás Gnó le haghaidh an mhórtionscadail seo, a bhfuil mar aidhm leis seirbhís meitreo a sholáthar ón Stad ó Shord go Charlemont ar Líne Uaine Luas. Leanadh le cumarsáid shuntasach a dhéanamh le geallsealbhóirí maidir leis an tionscadal ar fud na bliana.

Acmhainn Líne Uaine Luas a Bhreiseiú

Leanadh le hobair ar an bhflít atá ann cheana de thramanna Citadis 402 a thiontú ina dtramanna 55 méadar agus

ar thramanna nua 55 méadar de chineál Citadis 502 a fháil.

Faoi dheireadh na bliana, tiontaíodh 22 ceann de 26 tram Citadis 402 agus bhí sé cinn d'ocht dtram Citadis 502 nua i seirbhís.

Rinneadh dul chun cinn ar an samhaltú iompair agus an measúnú roghanna le haghaidh saoráid tiontaithe siar i bhFaiche Stiabhna.

Athnuachaintí Sócmhainní Saolré Luas

Is é atá in Athnuachaintí Sócmhainní Saolré Luas ná sraith tionscadal a bhfuil mar aidhm leo sócmhainní agus bonneagar Luas a uasghrádú chun acmhainn agus riocht reatha an chórais a chothabháil.

Áiríodh leis na príomhoibreacha a rinneadh an rothstoc a ollchóiriú, ráillrian a athsholáthar, agus an t-uathchóras oibriúcháin bailithe táillí a uasghrádú.

Áiríodh le hoibreacha eile córas seoltóra lasnairde a athsholáthar, pointí cabhrach éigeandála agus ardaitheoirí paisinéirí a athnuachan, agus na staighrí creasa ag Stáisiún Uí Chonghaile a uasghrádú.

FOCHLÁR BUS

BusConnects Bhaile Átha Cliath - Croíchonairí Bus

Lean an tÚdarás lena chuid oibre pleanála agus deartha ar fud na bliana 2020. Áiríodh leis an obair sin forbairt a dhéanamh ar thograí uasdátaithe roghanna bealaigh roghnaithe inar mionsonraíodh gach conair, mar aon le roinnt dréacht-tuarascálacha tacaíochta teicniúla.

Tugadh faoi dhara babhta comhairliúcháin phoiblí ar na bealaí roghnaithe i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin. De bharr shrianta Covid-19, áfach, ní rabhthas in ann leanúint le himeachtaí beartaithe faisnéise poiblí agus bhí sé riachtanach an comhairliúchán a chur ar siúl ar líne. Mar thoradh air sin, seoladh an tríú babhta comhairliúcháin phoiblí i mí na Samhna

agus i mí na Nollag trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht fhíorúil faisnéise poiblí chun cur ar chumas geallsealbhóirí, lena áiríodh an pobal i gcoitinne agus ionadaithe poiblí, na tograí a rochtain go sábháilte agus idirchaidreamh a dhéanamh le baill foirne an Údaráis.

Ag teacht sna sála ar chríochnú an chomhairliúcháin phoiblí i mí na Nollag, chuir an tÚdarás tús leis na haighneachtaí a fuarthas a athbhreithniú chun ullmhú d'iarrais fhoirmiúla phleanála a chur chuig an mBord Pleanála. Fuarthas níos mó ná 3,500 aighneacht san iomlán.

Athnuachan Fhlít Busanna Réigiún Bhaile Átha Cliath

Rinneadh mórdhifear diúltach do sheachadadh flít busanna sa bhliain 2020 de bharr phaindéim Covid-19 agus toisc go ndeachaigh ceann de sholáthraithe bus an Údaráis faoi riarachán sa bhliain 2019.

I dteannta 20 bus dhá urlár a sheachadadh ó orduithe roimhe, leanadh le linn na bliana 2020 le monarú a dhéanamh ar an gcéad ordú ón Údarás le haghaidh busanna díosail-leictreacha hibrideacha dhá urlár. Tá 74 feithicil san iomlán ón ordú sin le húsáid i réigiún Bhaile Átha Cliath agus táthar ag súil leis go gcuirfear i seirbhís iad go luath sa bhliain 2021. Ordaíodh 145 bus hibrideach dhá stór sa bhreis do limistéar Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair, agus iad le seachadadh le linn na bliana 2021.

Athnuachan an Fhlít Busanna/Cóistí Réigiúnacha

Ghlac an tÚdarás le seachadadh:

- cúig bhus mheánfhada; agus
- ocht bhfeithicil réigiúnacha comaitéireachta aonstóir;

Ba lena n-úsáid ag oibritheoirí Nasc Áitiúil a bhí trí cinn de na busanna meánfhada a seachadadh sa bhliain. Is iad sin na chéad mhórfheithicilí seirbhíse poiblí riamh a bhfuair an tÚdarás go díreach iad le haghaidh seirbhísí Nasc Áitiúil a oibriú.

Leanadh le linn na bliana 2020 le monarú a dhéanamh ar 26 bus díosail-leictreach hibrideach dhá urlár lena n-úsáid sna cathracha réigiúnacha agus táthar ag súil leis go seachadfar na feithicilí lena gcur i seirbhís go luath sa bhliain 2021. Ordaíodh 35 feithicil den chineál céanna sa bhreis do na cathracha réigiúnacha i mí Dheireadh Fómhair.

Rinneadh orduithe le haghaidh 93 cóiste, a chuimsigh 40 feithicil réigiúnach comaitéireachta aonstóir agus 53 feithicil réigiúnach comaitéireachta dhá stór. Cuimseofar sna feithicilí deireanacha sin dromchla cothrom ar an stór íochtair agus síleáil níos airde ar an stór uachtair chun an spás a bheidh ar fáil do phaisinéirí a mhéadú. Beidh spás buan do chathaoireacha rothaí ar fáil ar an stór íochtair freisin.

Tábla 10 – Seachadadh busanna/cóistí nua do Sheirbhísí Bhaile Átha Cliath agus do Sheirbhísí Réigiúnacha

Operator	2019	2020
Dublin Bus	104	15
Bus Éireann	77	8
Go-Ahead Ireland	39	5
Kilkenny City Service	0	2
Local Link	0	3
Totals	220	33

Scáthláin Bhus agus Stadanna Bus

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar le húdaráis áitiúla chun comhordú a dhéanamh ar chlár scáthlán bus a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar leibhéal an chontae, in ionad déanamh amhlaidh trí shocruithe píosa ar phíosa. Is riachtanas é sin toisc go mbeidh sé riachtanach go minic cosáin agus/ nó bóithre a uasghrádú, lena n-áirítear seirbhísí faoi thalamh a athlonnú, i gcás go suiteálfar scáthlán bus.

Suiteáladh 56 scáthlán bus nua sa bhreis sa tír. Anuas air sin, athsholáthraíodh roinnt scáthlán bus a bhain deireadh a saolré amach. I mBaile Átha Cliath, suiteáladh roinnt scáthlán bus de dhearadh saincheaptha ar Shráid Uí Chonaill agus ar Shráid Westmoreland.

Ar leithligh uaidh sin, forbraíodh dearadh nua le haghaidh cuailí bus. Cuirfear i bhfeidhm é ar fud na tíre i gceann tamaill. Is é an toradh a bheidh ar an dearadh nua go soláthrófar comhsheasmhacht do phaisinéirí bus, is cuma cá bhfuil siad sa tír nó cén t-oibritheoir a úsáideann siad. Toradh eile a bheidh air is ea go soláthrófar i bhfad níos mó faisnéise do gach paisinéir bus. Chun dul chun tairbhe do dhaoine lagamhairc, cuimsítear sa chuaille bus nua timpeallán buí faisnéise agus “bratach” mhór bhuí/ghlas.



FOCHLÁR IOMPAIR INBHUANAITHE AGUS CHOMHTHÁITE/CLÁR IOMPAIR INBHUANAITHE NA GCATHRACHA RÉIGIÚNACHA

Tionchar phaindéim Covid-19

Sa tréimhse tar éis mhí an Mhárta, spreag paindéim Covid-19 athruithe meara suntasacha i bpatrúin taistil agus i roghanna modha iompair. Bhí aistriú mór ann i dtreo taisteal de shiúl na gcós agus de rothar agus bhí éileamh ann ar spás breise chun daoine a chumasú cloí le ceanglais scartha shóisialta.

Chuaigh an tÚdarás i mbun idirchaidrimh lom láithreach le húdaráis áitiúla i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus i gcathracha réigiúnacha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge chun freagairt don staid nua éiritheach trí bhearta gearrthéarmacha éagsúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Áiríodh na nithe seo a leanas leis na bearta sin:

- córais aontreo a thabhairt isteach;
- cosáin a leathnú chun scaradh sóisialta a éascú;
- agaí feithimh a laghdú do choisithe ag soilse tráchta;
- gníomhachtú “lámhshaor” na gcéimeanna coisithe ag soilse tráchta;
- feabhsuithe inrochtaineachta; agus
- spásanna a chruthú chun tacú le gníomhaíochtaí iteacháin amuigh faoin spéir.

Ag obair dó i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, d'fhoilsigh an tÚdarás Plean Soghluaisteachta Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine ar mhaithe le creat tograí a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha nua a bhaineann le gníomhaíocht agus soghluaisteacht tráchtála i Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath mar fhreagairt do phaindéim Covid-19.

Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le húdaráis áitiúla eile sa tír chun cabhair theicniúil a thairiscint dóibh le haghaidh scéimeanna a fhorbairt agus chun cistiú a thairiscint dóibh le haghaidh tacú le cur chun feidhme na scéimeanna sin.

Pacáiste Spreagthaí Lúil

I mí Iúil, fuair an tÚdarás leithdháileadh breise €52 milliún le haghaidh bearta iompair inbhuanaithe a chur chun feidhme. Fuarthas an leithdháileadh ó Phacáiste Spreagthaí Lúil an Rialtais, a raibh mar aidhm leis téarnamh geilleagrach agus gnó a chur chun cinn mar fhreagairt do phaindéim Covid-19.

Úsáideadh an cistiú sin chun ath-leithdháileadh an spáis bhóthair a éascú ar mhaithe le bealaí níos fearr, níos sábháilte agus níos inrochtana a sholáthar do choisithe agus do rothaithe ar fud Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus i limistéir uirbeacha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge.

Áiríodh na nithe seo a leanas leis na bearta a cuireadh chun feidhme:

- bóithre/sráideanna a mbaineann modhanna iompair inbhuanaithe úsáid astu a athdhromchlú agus a athlíniú;
- cosáin nó raonta rothar atá fabhtach a atógáil/a athnuachan;
- cosáin nó raonta rothar atá nua nó leathnaithe a sholáthar;
- áiteanna páirceála rothar a sholáthar;
- áiseanna trasnaithe níos fearr do choisithe/rothaithe, lena n-áirítear dromchlaí ardaithe, trasrianta síogacha agus trasrianta comharthaithe;
- gan ligean d'fheithiclí roinnt bóithre a úsáid, seachas le haghaidh rochtain amháin; agus
- cosáin a mhionathrú ag acomhail, trasrianta ardaithe coisithe a thabhairt isteach, agus leithead bóithre a laghdú ag pointí trasnaithe.

Ar an iomlán, cistíodh 179 tionscadal trí na socruithe cistiúcháin deontais bhliantúil le haghaidh tionscadail iompair inbhuanaithe. Leagtar na tionscadail amach i dTábla 11 de réir costais.

De bhreis air sin, b'amhlaidh, de bharr phaindéim Covid-19, gur soláthraíodh cistiú do níos mó ná 550 tionscadal iompair inbhuanaithe ar fud Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath, sna cathracha réigiúnacha agus i limistéar seacht n-údarás áitiúla eile.

Tábla 11 - Tionscadail iompair inbhuanaithe ar chistigh an tÚdarás iad

Gníomhaireacht	< €500,000	€0.5 milliún - €5 mhilliún	> €5 mhilliún	> €20 milliún
Comhairle Cathrach Chorcaí	7	14	6	0
Comhairle Contae Chorcaí	2	1	2	0
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	4	20	9	8
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	4	10	4	0
Comhairle Contae Fhine Gall	1	1	5	0
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	10	6	2	0
Comhairle Contae Chill Dara	0	2	1	0
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	4	8	2	0
Comhairle Contae na Mí	3	11	1	0
An Scéim Réigiúnach Rothar	0	1	0	0
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	3	5	1	0
An Taisce	1	0	0	0
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	2	0	0	0
Comhairle Contae Chill Mhantáin	8	5	0	0
Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	0	1	3	1
Iomlán	49	85	36	9

SCÉIMEANNA POIBLÍ ROTHAR

De bharr phaindéim Covid-19, chonaic an scéim réigiúnach rothar laghdaithe sa líon úsáideoirí cláraithe agus sa líon turas a taifeadadh.

Go háirithe, bhí tionchar díreach ar úsáid ag na srianta ar thaisteal agus ag an aistriú a rinne cuideachtaí agus coláistí chuig obair ar líne agus chuig foghlaim ar líne.

Tábla 12 - Scéimeanna poiblí rothar (turas a tógadh)

Cathair	An Líon Iomlán Turas sa bhliain 2019	An Líon Iomlán Turas sa bhliain 2020
Corcaigh	241,064	81,504
Gaillimh	27,190	6,604
Luimneach	22,129	10,447
Iomlán	290,383	98,555

Tábla 13 - Scéimeanna poiblí rothar (an líon úsáideoirí cláraithe⁸)

Cathair	2019	2020
Corcaigh	6,594	5,220
Gaillimh	4,127	4,349
Luimneach	1,824	1,344
Iomlán	9,633	7,635

⁸ Ríomhtar an líon úsáideoirí cláraithe mar mheán ar fud na bliana

AN CLÁR INROCHTAINÉACHTA IOMPAIR PHOIBLÍ

Eochairghné de bhonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar is ea feabhas a chur ar inrochtaineacht iompair phoiblí do dhaoine faoi mhíchumas, agus tugann an tÚdarás faoi lear gníomhaíochtaí sa réimse seo.

Stadanna Bus

Ar an iomlán, suiteáladh 11 stad bus atá oiriúnach do chathaoir rothaí sna háiteanna seo a leanas: Carraig Thuathail, Baile na Martra, Mainistir na Corann, an Caisleán Nua, Rinn an Scidígh agus Eochail.

Ag deireadh na bliana, bhí obair fós ar siúl chun stadanna bus atá oiriúnach do chathaoir rothaí a shuiteáil ag 10 láthair eile sna háiteanna seo: Sionainn, Éadan Doire, Tulach Mhór, Cloich na Coillte agus Droichead na Bandan.

Stáisiún Bhus

Tógadh bána bus atá oiriúnach do chathaoir rothaí ag stáisiún bhus i dTrá Lí, i gCill Airne, i bPort Láirge agus in Eorafort Ros Láir.

I mí na Nollag, dámhadh conradh le haghaidh bána bus atá oiriúnach do chathaoir rothaí a shuiteáil ag na stáisiún bhus seo: Béal an Átha, Baile Átha Luain, Trá Mhór agus Loch Garman.

Choimisiúnaigh an tÚdarás iniúchtaí ar na stáisiún bhus eile chun a dhéanamh amach cé na hoibreacha a bheadh ag teastáil chun iad a thabhairt suas chuig na caighdeáin riachtanacha inrochtaineachta. Rinneadh iniúchtaí ar na stáisiún bhus seo a leanas: Baile Átha Luain, Béal an Átha, Béal Átha Seanaidh, Busáras (Baile Átha Cliath), an Cabhán, Cluain Meala, Corcaigh, Droichead Átha, Dún Dealgan, Inis, Gaillimh, Cill Airne, Leitir Ceanainn, Luimneach, Muineachán, Sligeach, Trá Lí agus Port Láirge.

Stáisiún Iarnróid

Tógadh ardaitheoirí inrochtana agus droichid coisithe inrochtana ag Stáisiún Iarnróid Chúil Mhín, ag Stáisiún Iarnróid Cheatharlach agus ag Stáisiún Iarnróid Inse agus cuireadh tús leis an obair thógála ar dhroichead coisithe nua agus ardaitheoirí nua a sholáthar ag Stáisiún Mheathas Troim.

Cuireadh tús le díon a thógáil thar an droichead coisithe ag Stáisiún Cheatharlach.

Tugadh faoi obair ar ardaitheoirí agus droichid coisithe a dhearadh do Stáisiún Iarnróid Bhaile Mhic Gormáin agus do Stáisiún Iarnróid Dheilginse.

Tacsaithe agus fruilcharranna atá oiriúnach do chathaoir rothaí

Ba é an toradh a bhí ar an Scéim Deontas le haghaidh Feithiclí atá Oiriúnach do Chathaoir Rothaí, 2020, gur cuireadh 227 ceadúnas nua d'fheithiclí atá oiriúnach do chathaoir rothaí leis an bhflít náisiúnta tacsaithe (agus go ndearnadh 37 uasghrádú ar fheithiclí atá ann cheana).

Ag deireadh na bliana, bhí 3,133 feithicil atá oiriúnach do chathaoir rothaí ann sa fhlít náisiúnta. B'ionann an líon sin agus 16% den fhlít náisiúnta.



Teicneolaíocht Iompair

*Chuir an tÚdarás tús le
próiseas soláthair phoiblí
le haghaidh réiteach nua
ticéadaithe chliste*



CÁRTA TFI LEAP

Cé go raibh fás leantach ann i mí Eanáir agus i mí Feabhra ar úsáid chártaí TFI Leap, b'amhlaidh, ó mhí an Mhárta ar aghaidh, go raibh an laghdú i bpátrúnacht iompair phoiblí de bharr phaindéim Covid-19 le feiceáil san úsáid a bhí á baint as scéim Chárta TFI Leap de réir mar a thit an líon paisinéirí agus leibhéil ghníomhaíochta i ngach réimse.

Tháinig laghdú 62%, go 347,166 cárta, ar an líon ceann de Chártaí TFI Leap a eisíodh agus laghdaigh luach iomlán na mbreisithe creidmheasa a próiseáladh faoina leath go €136 milliún. Cé gur tháinig laghdú 49% ar luach foriomlán na mbreisithe creidmheasa, leanadh leis an aistriú chuig breisithe creidmheasa móibíleacha, áit ar tháinig méadú 5% ar an sciar, de réir luacha, de na breisithe creidmheasa iomlána a bhí á ndéanamh tríd an Aip Breisithe Creidmheasa.

Ba iad díolacháin ticéid an rud ba mhó a ndearnadh difear dó de bharr phaindéim Covid-19. Thit an líon iomlán ticéad a díoladh go pas beag níos mó ná €36 milliún, figiúr arbh ionann é agus laghdú 66%. I mí Lúnasa, fuair an tÚdarás ceadú ón Rialtas chun ticéid bhliana TaxSaver a bhí bailí ag an am a fhadú go ceann sé mhí

eile mar fhreagairt do phaindéim Covid-19. Chabhraigh sé sin lena lán custaiméirí nach mbíodh ach turais annamha á dtógáil acu. Ag an am céanna, lean na hoibritheoirí fóirdheonaithe uile le haisíocaíochtaí a thairiscint do chustaiméirí agus bhain an-chuid díobh leas astu sin. Ar an iomlán, tháinig laghdú 66%, go figiúr chomh híseal le €29 milliún, ar an luach iomlán ar thicéid TaxSaver a díoladh.

Toradh eile a bhí ar phaindéim Covid-19 ba ea gur chealaigh an tÚdarás an feachtas bliantúil Kids Go Free, a tairgeadh gach bliain ó bhí an bhliain 2014 ann.

Sheol an tÚdarás tionscadal sínithe isteach singil ar shuíomh Gréasáin Chárta Leap chun cabhrú le custaiméirí cuntas singil a úsáid chun clárú ar na suíomhanna Gréasáin éagsúla agus na haipeanna éagsúla atá ag an Údarás. De bhreis air sin, comhtháthaíodh roinnt oibritheoirí ceadúnaithe bus isteach i scéim Chárta Leap agus chabhraigh an tÚdarás le soláthraí nua trealaimh thicéid a ghléasanna a chumasú chun Cártaí Leap agus pasanna saorthaistil a léamh. Rud ba thábhachtaí fós, thionscain an tÚdarás tionscadal chun leagan iOS a sholáthar d'aip rathúil Breisithe Creidmheasa Leap d'fhóin Android.

Tábla 14 – Staitisticí Chárta Leap

Tomhas	2019	2020	Athrú mar %
2020 v 2019	913,971	347,166	-62%
Líon Chártaí TFI Leap a díoladh	913,971	347,166	-62%
An líon Pasanna Saorthaistil a eisíodh ⁹	155,379	-19,133 ¹⁰	-112%
Luach an Chreidmheasa Taistil a ceannaíodh	€267.7 milliún	€136.0 milliún	-49%
Luach an Chreidmheasa Taistil a úsáideadh	€240.4 milliún	€119.4 milliún	-50%
Díolacháin táirgí ticéid	€108 milliún	€36.4 milliún	-66%
Turais (gan Pasanna Saorthaistil a áireamh)	163.8 milliún	83 milliún	-51%
Turais a tógadh le Pasanna Saorthaistil	35.3 milliún	18.4 milliún	-48%
An líon Breisithe Creidmheasa trí Aip Breisithe Creidmheasa TFI Leap	€67.8 milliún	€39.7 milliún	-40%

⁹ Eisíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí Pasanna Saorthaistil

¹⁰ Chuir an Roinn Coimirce Sóisialaí eisiúint na bPasanna saorthaistil ar fionraí de bharr phaindéim Covid-19. Is figiúr diúltach é an figiúr sin dá bharr, á léiriú gur mhó an líon cártaí a chuaigh as feidhm sa bhliain ná an líon cártaí nua a eisíodh sa bhliain.

TICÉADÚ NA CHÉAD GHLÚINE EILE

Tá an tÚdarás ag iarraidh córais ticéadaithe nua agus níos solúbtha a thabhairt isteach trína thionscadal maidir le Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile, ar gné thábhachtach de Chlár BusConnects é.

I mí an Mheithimh, triaileadh réiteach móibíleach nua ticéadaithe ar sheirbhís amháin de chuid Bhus Éireann. Leis an réiteach sin, cuirtear ar chumas paisinéirí beartaitheacha ticéad bus a cheannach ar bhealach amháin faoi láthair ach is céim shuntasach ar aghaidh í i dtreo cainéal díolacháin eile a chur leis an margadh.

I mí Mheán Fómhair, chuir an tÚdarás tús leis an bpróiseas soláthair phoiblí lena gcuirfí ar chumas an Údaráis conradh chun réiteach nua ticéadaithe a sholáthar agus a oibriú ar leibhéal náisiúnta a dhámhachtain agus, ar an mbealach sin, custaiméirí a chumasú a bhfóin chliste, cártaí dochair agus creidmheasa gan tadhall agus barrachóid a úsáid chun an t-iompar poiblí a rochtain.

UATHAIMSIÚ FEITHICLÍ

Ceanglaítear uathaimsiú feithiclí le haghaidh rialú seirbhíse a dhéanamh ar bhusanna, cumarsáid a dhéanamh le tiománaithe, feidhmíocht bealaí a rianú, agus faisnéis fíor-ama do phaisinéirí a ghiniúint le haghaidh scáileáin taispeána ar an tsráid agus aipeanna móibíleacha. Tá sé ina chuid dhílis d'fheidhm bainistíochta conartha an Údaráis maidir leis an líon ciliméadar arna n-oibriú agus poncúlacht an oibritheora de réir bealaigh a rianú.

Tá na córais reatha uathaimsithe feithiclí ag druidim le deireadh a saolré agus tá an tÚdarás ag iarraidh aistriú chuig an gcéad ghlúin eile de réitigh uathaimsithe feithiclí, a bheidh ar fáil le húsáid ar leibhéal náisiúnta ar fud na n-oibritheoirí bus uile sa tír. Le linn na bliana, rinneadh méid suntasach oibre ar thaighde margaidh a dhéanamh, samhlacha costais a fhorbairt, roghanna straitéiseacha a imscrúdú agus oibriú le hoibritheoirí ar mhaithe le riachtanais theicniúla agus ghnó a shainiú d'fhonn réamhchás gnó a fhorbairt.

FAISNÉIS FÍOR-AMA DO PHAISINÉIRÍ

Is é is Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí ann ná córas lena gcabhraítear le faisnéis dhinimiciúil iompair phoiblí a sholáthar do chustaiméirí trí aipeanna, suíomhanna Gréasáin agus scáileáin taispeána ar an tsráid.

De réir mar a thugtar seirbhísí nua iompair phoiblí isteach agus a dhéantar athruithe ar sheirbhísí atá ann cheana, soláthraítear le réitigh an Údaráis um fhaisnéis fíor-ama do phaisinéirí faisnéis iompair phoiblí trí roinnt cainéal, lena n-áirítear:

- Amchláir atá sonrach don stad agus léaráidí bealaigh a phostáiltear ag stadanna bus agus ag stáisiúin tram;
- Ríomhscáileáin taispeána imeachta fíor-ama ag stadanna roghnaithe bus (thart ar 800 ceann sa tír); agus
- Nuashonruithe ar na sonraí bunúsacha sa Phleanálaí Turais Náisiúnta, agus faisnéis imeachta thuartha fíor-ama a chur i láthair.

Comhroinntear an fhaisnéis ar fad le cainéil tríú páirtí amhail Google Maps, HERE Maps, Apple Maps agus an pobal sonraí oscailte. Sa bhliain 2020, uasghrádaíodh an fhoirmáid sonraí sin chuig fotha GTFS-R (Sonraíocht Fotha Trasdula Ghinearálta – Fíor-am), rud a cabhraíodh le tomhaltas tríú páirtí a mhéadú agus le húsáid níos leithne a bhaint as sonraí na faisnéise fíor-ama do phaisinéirí.

Dámhadh dhá chonradh i réimse na faisnéise fíor-ama do phaisinéirí mar thoradh ar chomórtais shuntasacha soláthair phoiblí. Ar an gcéad dul síos, dámhadh conradh chun an flít reatha atá comhdhéanta de thart ar 800 scáileán taispeána faisnéise imeachta ar an tsráid a uasghrádú chun a saolré a fhadú agus an córas cúloifige a uasghrádú ina thimpeallacht néalbhunaithe a bhfuil an-fháil uirthi. Ar an dara dul síos, dámhadh conradh chun sraith nua feidhmchlár a thabhairt isteach, lena n-áirítear Pleanálaí Turais Náisiúnta nua agus bogearraí nua táirgthe amchlár.

An tEispéireas Custaiméirí a Fheabhsú agus Tacú le Taisteal Inbhuanaithe

*Tugadh faoi fheachtas
mórscála TFI chun eolas a
thabhairt do phaisinéirí faoi
thionchar shrianta Covid-19
ar oibriú seirbhísí iompair
phoiblí*



COVID-19

Ó mhí an Mhárta ar aghaidh, aistríodh margaíocht agus cumarsáid iompair phoiblí an Údaráis i dtreo theachtaireachtaí sláinte agus sábháilteachta poiblí an Rialtais maidir le paindéim Covid-19.

Reáchtáil an tÚdarás feachtas mórsála Iompar d'Éirinn (TFI) chun eolas a thabhairt do phaisinéirí faoi thionchar shrianta Covid-19 ar sheirbhísí iompair phoiblí. Áiríodh le hinneachar an fheachtais faisnéis faoi bhearta scartha shóisialta, tabhairt isteach srianta acmhainne, caitheamh éigeantach clúdach aghaidhe agus leasuithe amchláir. Chomhordaigh an tÚdarás na teachtaireachtaí trí theachtaireachtaí ar bord, ardáin mheán sóisialta agus fógraíocht ar an raidió agus ag scáthlái bhus. Bhí gnéithe den fheachtas ar siúl ar fud na coda eile den bhliain agus coigeartaíodh iad ar bhonn tráthrialta, bunaithe ar an gcomhairle sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm ag an am.

De réir mar a mhéadaigh an t-éileamh ar an iompar poiblí tar éis mhaolú na srianta tar éis na chéad ráige de phaindéim Covid-19, thug an tÚdarás faoi fheachtas lena spreagfaí na daoine sin a mbeadh orthu taisteal níos mó ama a fhágáil le haghaidh a dturais, taisteal le linn amanna beagéilimh nó taisteal de shiúl na gcos nó de rothar nuair ab fhéidir i bhfianaise an tsrianta leantaigh ar an líon paisinéirí a bheadh ceadaithe ar sheirbhísí.

Chuir an tÚdarás úsáid clúdach aghaidhe ar an iompar poiblí chun cinn go láidir a luaith a bhí sí ina cuid den chomhairle sláinte poiblí agus cuireadh dlús leis an ngníomhaíocht sin a luaith a rinneadh ceanglas éigeantach d'úsáid clúdach aghaidhe ar an iompar poiblí i mí Iúil.

Chun ullmhú d'athoscailt na scoileanna i mí Mheán Fómhair, d'fhostaigh an tÚdarás tionchairí meán sóisialta chun inneachar a chruthú thar ceann TFI lena gcuirfí caitheamh clúdach aghaidhe chun cinn.

FEACHTAS FRITHCHINÍOCHAIS

I mí Dheireadh Fómhair, chomhoibrigh an tÚdarás le Comhairle um Inimircigh na hÉireann agus le hoibritheoirí iompair phoiblí an athuair ar fheachtas a raibh mar aidhm leis aird a tharraingt ar fhadhb an chiníochais ar sheirbhísí iompair phoiblí. Ba é 'Bíonn fáilte roimh chách ar an iompar poiblí' téama an fheachtais.

Mar chuid den fheachtas, chomhoibrigh TFI le Humans of Dublin chun béim a leagan ar roinnt gníomhaithe i réimse na héagsúlachta agus na cuimsitheachta. Tógadh portráidí ar an iompar poiblí agus i stáisiúin. Ar fud an fheachtais, tugadh mionsonraí faoi eispéiris phearsanta na rannpháirtithe ar chuntas Humans of Dublin ar Instagram.

MEAS AR AN BHFOIREANN

I mí Dheireadh Fómhair, reáchtáil TFI feachtas nua a raibh mar aidhm leis úsáideoirí iompair phoiblí a spreagadh caitheamh le baill foirne iompair ar bhealach cineálta measúil mar aitheantas do na jabanna éigeantacha a dhéanann siad agus don obair atá á déanamh acu chun an tír a choinneáil ag dul le linn phaindéim Covid-19. Anuas ar ghníomhú mar ghlaio chun caitheamh le gach ball foirne ar bhealach measúil, aidhm eile a bhí leis an teachtaireacht ba ea aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann siad agus buíochas a ghabháil leo as a gcuid iarrachtaí.

CÁRTA TFI LEAP A CHUR CHUN CINN

Ós rud é gur bhliain bhisigh í an bhliain 2020, thug an tÚdarás faoi phromóisean Cárta Lae Bisigh i mí Feabhra i gcomhpháirt le Today FM.

Rinneadh na gnéithe gan tadhall de Chárta TFI Leap, lena áiríodh Aip Breisithe Creidmheasa Leap, a chur chun cinn ar fud na bliana mar chuid den tsraith fhoriomlán cumarsáidí a bhain le paindéim Covid-19.

SUIOMHANNA GRÉASÁIN

I mí Mheán Fómhair, sheol an tÚdarás a shuíomh Gréasáin nua ‘tús áite do ghléasanna móibíleacha’ le haghaidh a shuímh Ghréasáin chorpóraidigh. Ar na gnéithe den suíomh Gréasáin athdheartha tá roghchlár nua atá cuíchóirithe chun eispéireas atá níos áisiúla a chruthú don úsáideoir, uirlis nua mapála tionscadal chun béim a leagan ar na tionscadail éagsúla atá á gcistiú ag an Údarás ar fud na tíre agus uirlis sho-úsáidte cuardaigh agus scagtha tuairisce.

Rinne an tÚdarás a shocruithe suímh Ghréasáin a chuíchóiriú tuilleadh tríd an suíomh Gréasáin tiomnaithe le haghaidh Taisteal Níos Cliste a chumasc le suíomh Gréasáin corparáideach an Údaráis. I mí Dheireadh Fómhair, cumascadh an suíomh Gréasáin tiomnaithe le haghaidh Nasc Áitiúil le suíomh Gréasáin TFI atá dírithe ar fhaisnéis do chustaiméirí.

Bhí laghdú suntasach ann i ngníomhaíocht ar fud shuíomhanna Gréasáin TFI agus Chárta TFI Leap, rud a bhí ag teacht leis an laghdú san éileamh ar thaisteal de bharr phaindéim Covid-19.

I mí na Nollag, cuireadh chun cinn

tionscadal a bhfuil mar aidhm leis cabhrú le custaiméirí cuntas singil a úsáid chun clárú ar na suíomhanna Gréasáin éagsúla agus na haipeanna éagsúla atá ag an Údarás.

NASC ÁITIÚIL TFI A CHUR CHUN CINN

I mí Eanáir, sheol Nasc Áitiúil TFI urraíocht raidió bliana ar fud 15 stáisiún raidió réigiúnacha chun Nasc Áitiúil TFI a chur chun cinn i measc lucht éisteachta pobail agus lucht éisteachta áitiúil ar fud na hÉireann. Bhí tairbhe ar leith ag baint le huainiú na hurraíochta sin toisc gur chuir sí ar chumas Nasc Áitiúil TFI cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí faoi thionchair phaindéim Covid-19 ar sheirbhísí.

NA MEÁIN SHÓISIALTA

Bhí méadú mór ann i dteagmháil an Údaráis ar fud cainéil mheán sóisialta sa bhliain, go háirithe ar LinkedIn agus Instagram. Bhí an t-inneachar meán sóisialta dírithe go príomha ar fhaisnéis a thabhairt faoi athruithe ar sheirbhísí iompair phoiblí de bharr phaindéim Covid-19 agus de bharr treoirlínte sláinte poiblí.

Tábla 15 – An líon leantóirí ar chainéil mheán sóisialta an Údaráis

	2019	2020	Athrú mar %
Facebook	11,000	13,538	+23%
Twitter	34,000	36,200	+6.5%
Instagram	1,300	1,862	+43%
LinkedIn	4,500	7,699	+71%
Iomláin	50,800	59,299	+16.7%

Tábla 16 – Gníomhaíocht suíomhanna Gréasáin

Suíomh Gréasáin	2019	2020	Athrú mar %
www.transportforireland.ie	2,534,380	1,641,764	-35%
www.leapcard.ie	1,962,809	769,142	-61%
www.nationaltransport.ie	484,898	591,393	+22%
www.busconnects.ie	149,633	124,415	-17%
Iomláin	5,368,615	3,256,958	-39%

CLÁR TAISTIL NA SCOILEANNA GLASA

Oibríonn Clár Taistil na Scoileanna Glasa le scoileanna ar fud na tíre chun modhanna iompair níos inbhuanaithe le haghaidh taisteal chun na scoile a chur chun cinn i measc daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí. Is é an Taisce a oibríonn an Clár thar ceann an Údaráis.

De bharr phaindéim Covid-19, ní raibh Oifig Chlár Taistil na Scoileanna Glasa in ann cuairt a thabhairt ar scoileanna ar feadh an-chuid den bhliain. Ina ionad sin, d'aistrigh na hOifigigh chuig acmhainní ar líne a fhorbairt agus thug roinnt díobh cuairteanna fíorúla ar scoileanna.

D'ainneoin thionchar phaindéim Covid-19, d'éirigh le hOifigigh Chlár Taistil na Scoileanna Glasa 735 cuairt a thabhairt ar scoileanna agus chuir siad 145 iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhaineann le siúl agus 16 iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhaineann le rothaíocht i gcrích chun na bacainní ar dhaoine taisteal chun na scoile de shiúl na gcos nó de rothar a shainaithint. Cuireadh fionnachtana an iniúchta i láthair na n-údarás áitiúil ábhartha lena mbreithniú.

I mí Iúil, sheol Chlár Taistil na Scoileanna Glasa Taisteal Sábháilte chuig na Scoileanna - Doiciméad Smaointe le haghaidh Rochtain Shábháilte ar Scoileanna i gcomhthráth le hathoscailt na scoileanna le linn phaindéim Covid-19.

Sholáthair Clár Taistil na Scoileanna Glasa cistiú do 300 spás páirceála rothair agus 45 raca páirceála scútair a sholáthar i scoileanna. Chomh maith leis sin, thug sé páirtchistiú do 2,892 dalta bunscoile chun go mbeadh siad in ann tabhairt faoi oiliúint Rothaíocht i gCeart.

Thug Clár Taistil na Scoileanna Glasa an athuair faoi raon gníomhartha agus imeachtaí chun leanaí scoile a spreagadh taisteal chun na scoile agus ar fud na dúiche ar bhealach gníomhach. Tá roinnt díobh sin leagtha amach thíos:

- Cuireadh an Dúshlán Taistil MÓR ar siúl i mí Feabhra;
- Cuireadh an tSeachtain Náisiúnta 'Dul ar Scoil ar Scútar' ar siúl i mí an Mhárta;
- Cruthaíodh sraith acmhainní (e.g. físeáin, pleananna ceachta, bileoga gníomhaíochta, ceardaíocht) chun tacú le múinteoirí agus teaghlaigh le linn na tréimhse ina raibh na scoileanna dúnta de bharr phaindéim Covid-19;
- Cuireadh an tSeachtain Náisiúnta 'Siúl ar Scoil' i mí na Bealtaine siar. Mar sin féin, iarradh ar dhaltaí agus teaghlaigh páirt a ghlacadh i seachtain a bhí lán de ghníomhaíochtaí téamaithe siúil do dhaltaí;
- Cuireadh Seachtain Náisiúnta na Rothar siar ó mhí an Mheithimh go mí Mheán Fómhair. I mí an Mheithimh, sheol Clár Taistil na Scoileanna Glasa seachtain #CelebrateCycling, ar lena linn a scaoileadh acmhainní agus comórtais de théama na rothaíochta. I mí Mheán Fómhair, ghlac Oifigigh Chlár Taistil na Scoileanna Glasa páirt in imeachtaí ar líne agus in imeachtaí i bpearsa;
- Seimineáir phoiblí ar líne ar Shráideanna Insiúlta agus ar 'Ceiliúraimis Rothaíocht', a raibh freastal maith orthu;
- Cuireadh an dara Seachtain Bhliantúil Aeir Ghlain ar siúl i mí na Samhna. Tugadh spreagadh do scoileanna an Fhoireann Uirlisí 'Cosc ar Réchasadh' ó Chlár Taistil na Scoileanna Glasa a rochtain agus an teachtaireacht #beatairpollution a chomhroinnt. Cuireadh an feachtas chun cinn i 1,700 scoil;
- Den dara bliain, tugadh faoi fheachtas (#andshecycle) chun fiosrú a dhéanamh ar na bacainní atá le sárú ag cailíní sna déaga ar mhaith leo dul ar scoil de rothar. Mar sin féin, bhí sé riachtanach taispeántas taistil tacaíochta a chealú de bharr phaindéim Covid-19;

- Cuireadh na chéad chomhdhálacha ar líne ó Chlár Taistil na Scoileanna Glasa do bhunscoileanna agus meánscoileanna ar siúl i mí Dheireadh Fómhair. Bhain scoileanna leas as spreagchainteoirí, gníomhaíochtaí agus seisiúin ar leithligh.

Bronnadh an Bhratach Ghlas as Taisteal agus as Taisteal Saoránachta Domhanda ar 198 scoil san iomlán ag ócáid ar líne a cuireadh ar siúl i mí Dheireadh Fómhair.

CLÁIR THAISTIL NÍOS CLISTE

Tá cláir na nÁiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus na gCampas Taistil Níos Cliste ina gcláir náisiúnta dheonacha athraithe iompraíochta lena dtacaítear le fostóirí agus le hinstitiúidí tríú leibhéal pleananna taistil inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme do chuallacht na foirne agus do chuallacht na mac léinn.

Le himeachtaí de chuid an chláir amhail *Marchathon* agus *Walktober*, tugtar spreagadh do bhaill foirne agus mic léinn an turas comaitéireachta ar fad, nó cuid de, a thógáil de shiúl na gcos agus a gcuid sláinte agus folláine a fheabhsú. Leis an *Dúshlán Rothaíochta agus le Seachtain na Rothar*, spreagtar fostaithe agus mic léinn dul ar an rothar le haghaidh turais chomaitéireachta agus turais fóillíochta.

Leanadh leis an dá imeacht siúil d'ainneoin phaindéim Covid-19. Bhí an *Marchathon* chóir a bheith críochnaithe roimh theacht phaindéim Covid-19. Cé go raibh laghdú 15% ann sa líon daoine a ghlac páirt in *Walktober* i gcomparáid leis an mbliain roimhe, ba dhearfach a bhí an t-aiseolas a fuarthas uathu sin a ghlac páirt ann agus thuairiscigh a lán daoine díobh gur mhothaigh siad go raibh siad athcheangailte le comhghleacaithe agus ina gcuid d'fhoireann agus iad ag obair ón mbaile.

Idir mí Aibreáin agus mí Iúil, tugadh cuireadh d'eagraíochtaí comhpháirtíochta páirt a ghlacadh i suirbhé chun sonraí a

bhailiú faoi conas a bheadh baill foirne ag iarraidh taisteal chun na hoibre ar fhilleadh ar an áit oibre dóibh. Fiafraíodh de na freagraithe freisin cé na tuairimí atá acu ar obair ón mbaile agus ar an iompar poiblí a úsáid. Bhí na torthaí ina léargas tráthúil agus rinne siad eolas do bhearta sábháilteachta a chur chun feidhme ar an iompar poiblí.

Cuireadh imeacht *CycleLocal* ar siúl le linn an tsamhraidh chun gníomhaíocht a mhéadú, spiorad foirne a thógáil agus aistriú chuig an rothaíocht a spreagadh de réir na treorach sláinte poiblí. Cuireadh searmanas bronnta Ghradaim na gCampas Taistil Níos Cliste ar siúl go fíorúil i mí Dheireadh Fómhair. Leanann an clár sin le páirt a thabhairt do bhaill foirne acadúla agus do mhic léinn i dtionscadail taistil inbhuanaithe mar chuid den churaclam. Fuarthas éagsúlacht iontrálacha.

Áiríodh leo fógraí raidió, beochaintí, físeáin, póstaeir, fréamhshamhlacha innealtóireachta, pleananna gnó agus moltaí, podchraoltaí, aipeanna agus imeachtaí.

Ba é an feachtas *Light Up* an feachtas deiridh den bhliain, ar dá bharr a soláthraíodh níos mó ná 8,000 solas rothair d'eagraíochtaí comhpháirtíochta lena ndáileadh ar fhostaithe agus ar mhic léinn.



Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí

Chuir an tÚdarás bearta éagsúla chun feidhme chun tacú leis an earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí le linn phaindéim Covid-19



RÉAMHRÁ

Tá an earnáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí comhdhéanta d'fheithiclí tacsáí, fruilchairr agus limisín, dá gcuid tiománaithe agus úinéirí agus de gach seirbhís choimhdeach beagfheithiclí seirbhíse poiblí amhail seirbhísí áirithinte agus oibritheoirí seachadta. Foilsíonn an tÚdarás faisnéis staitistiúil mhionsonraithe faoi bheagfheithiclí seirbhíse poiblí san Fheasachán bliantúil ar Staitisticí Tacsáí.

COVID-19

Bhí tionchar millteanach ag paindéim Covid-19 ar chumas na n-oibritheoirí beagfheithiclí seirbhíse poiblí a gcuid a shaothrú sa bhliain 2020.

Bhí an tÚdarás an-eolach ó thús ar a thábhachtaí a bheadh sé faisnéis thráthúil chruinn a dháileadh ar oibritheoirí beagfheithiclí seirbhíse poiblí faoi athruithe rialála, faoi fhorbairtí agus faoi thacaí airgeadais Rialtais a cuireadh ar fáil mar fhreagairt do phaindéim Covid-19. Dá réir sin, foilsíodh an t-eolas is deireanaí go tráthrialta ar shuíomh Gréasáin an Údaráis agus eisíodh é chuig oibritheoirí go díreach agus trí theagmháil mhionsonraithe leis an gCoiste Comhairleach ar Bheagfheithiclí Seirbhíse Poiblí agus le hionadaithe tionscail.

Áiríodh na nithe seo leis na gníomhartha sonracha a rinne an tÚdarás mar fhreagairt do thionchar phaindéim Covid-19 ar an tionscal beagfheithiclí seirbhíse poiblí:

- dul i dteagmháil le soláthraithe árachais chun laghdú i bprémheanna árachais beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus i bhfionraí ceadúnas d'oibritheoirí atá neamhárachaithe go sealadach a éascú;
- dáta athnuachana na gceadúnas beagfheithiclé seirbhíse poiblí a bhí le dul as feidhm idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh a chur siar, gan táille a ghearradh ar úinéir na feithiclé;
- dul i dteagmháil le soláthraithe tástála feithiclé chun ionaid neamhspleácha bheagfheithiclí seirbhíse poiblí a athoscailt de réir mar is gá agus chun úsáid a bhaint as réamhchúirteanna a bhfuil pearsanra an Údaráis ina

bhfeighil chun cabhair dhíreach a thabhairt d'oibritheoirí;

- rialacháin faoi theorainn ama a achtú chun na ceanglais aoise uasta is incheadaithe a mhéadú i dtaca le feithiclí atá ceadaithe chun oibriú sa fhlít;
- rialacháin a achtú chun costais oibriúcháin don tionscal a íoslaghdú trí tháillí déanacha agus caighdeánacha athnuachana ceadúnais a tharscaoileadh;
- treoirlínte comhairleacha mionsonraithe a fhoilsiú maidir le scáthláin roinnte shealadacha Covid-19 i dtacsaithe;
- dul i dteagmháil leis an gCoiste Comhairleach ar Bheagfheithiclí Seirbhíse Poiblí, lena n-áirítear, go sonrach, freagairtí agus gníomhartha a thagann sna sála ar “Tograí an Tionscail Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí le haghaidh Théarnamh an Tionscail - Freagairt an Choiste Chomhairligh ar Bheagfheithiclí Seirbhíse Poiblí do phaindéim Covid-19”;
- suirbhéanna a dhéanamh ar thiománaithe agus tomhaltóirí chun measúnú a dhéanamh ar thionchar phaindéim Covid-19 ar oibritheoirí agus seirbhísí beagfheithiclí seirbhíse poiblí. Aimsíodh sa suirbhé a rinneadh i mí Mheán Fómhair gur mhothaigh 92% de thomhaltóirí go mbeadh siad sábháilte agus iad ag taisteal i dtacsáí le linn phaindéim Covid-19;
- feachtais a sheoladh sna meáin maidir le húsáid beagfheithiclí seirbhíse poiblí le linn phaindéim Covid-19, maidir le clúdaigh aghaidhe agus maidir le meas ar oibritheoirí túslíne;
- comhoibriú san obair chun pointí díghalrán láimhe a sholáthar ag cómhálartuithe móra iompair mar a n-aistríonn paisinéirí beagfheithiclí seirbhíse poiblí chuig modhanna eile iompair nó ó mhodhanna eile iompair; agus
- cabhrú le clár oiliúna Fháilte Éireann do thiománaithe beagfheithiclí seirbhíse poiblí um ionfhabhtú a chosc agus a rialú.

CEADÚNÚ FEITHICLÍ

Tháinig laghdú géar ar an líon feithiclí ceadúnaithe de bharr phaindéim Covid-19.

Faoi dheireadh na bliana, tháinig laghdú geall le 10%, go 19,352 feithicil, ar an líon feithiclí a bhí ann sa fhlít beagfheithiclí seirbhíse poiblí.

CIGIREACHTAÍ AR OIRIÚNACHT FEITHICLÍ

Ní mór gach ceadúnas feithicle a athnuachan ar bhonn bliantúil ar a laghad chun leanúint ar aghaidh lena n-oibriú. Suitear ródacmhainneacht feithicle ar an gcéad dul síos tríd an Tástáil Náisiúnta Gluaistean, rud a soláthraíonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre é. Is ann do chigireacht leithleach ina dhiaidh sin, rud a soláthraíonn an tÚdarás é, chun a dhéanamh amach an bhfuil an fheithicil oiriúnach dá húsáid mar bheagfheithicil seirbhíse poiblí nó nach bhfuil.

D'ainneoin dhúnadh forchurtha na n-ionad cigireachta feithiclí ar feadh tamaill de bharr phaindéim Covid-19, rinneadh 22,898 cigireacht aonair san iomlán ar oiriúnacht feithiclí sa bhliain 2020.

AN SCÉIM DEONTAS LE HAGHAIDH FEITHICLÍ ATÁ OIRIÚNACH DO CHATHAOIR ROTHÁÍ

Sholáthair an tÚdarás scéim deontas an athuair chun cabhrú le hoibritheoirí beagfheithiclí seirbhíse poiblí atá nua agus atá ann cheana feithiclí atá oiriúnach do chathaoir rothaí a cheannach nó feithiclí caighdeánacha a thiontú chun paisinéirí a bhfuil cathaoir rothaí acu a iompar.

Cuireadh tús leis an scéim i mí Eanáir agus dúnadh í an 1 Bealtaine. Ba roimh theacht phaindéim Covid-19 a rinneadh gach ceann de na 640 iarratas a fuarthas, áfach. Cheadaigh an tÚdarás 264 deontas, arbh fhiú €1.24 milliún san iomlán iad.

Bhí 3,133 feithicil atá oiriúnach do chathaoir rothaí ann sa fhlít faoi dheireadh na bliana. Is ionann an líon sin agus 16% den fhlít náisiúnta.

AN SCÉIM DEONTAS LE HAGHAIDH FEITHICLÍ LEICTREACHA

Bhí an bhliain 2020 ar an tríú bliain inar cuireadh an scéim deontas le haghaidh beagfheithiclí leictreacha seirbhíse poiblí ar fáil. Tá sé mar aidhm leis an scéim oibritheoirí tacsaithe agus fruilcharranna atá nua agus atá ann cheana a spreagadh feithiclí leictreacha agus feithiclí astaíochtaí ísle a fháil.

Is é an tÚdarás a oibríonn an scéim deontas le haghaidh beagfheithiclí leictreacha seirbhíse poiblí thar ceann na Roinne Iompair. Údaráíodh 20 deontas san iomlán lena n-íoc. Bhain siad le 15 fheithicil cheallra-leictreacha agus cúig fheithicil leictreacha hibrídeacha inluchtaithe.

SEIRBHÍSÍ FRUILCHAIRR LIMISTÉIR ÁITIÚIL

Is é atá sa chatagóir ceadúnais fruilchairr limistéir áitiúil ná ceadúnas teoranta sonrach a cruthaíodh chun soláthar seirbhísí fruilchairr a éascú i limistéir iargúlta nach féidir leo tacú le hoibriocht lánaimseartha tacsáí nó fruilchairr. Dá réir sin, ní gá d'iarratasóirí gach ceann de na gnáthcheanglais um beagfheithiclí seirbhíse poiblí a cheadúnú a chomhlíonadh.

Is ábhar díomá é an líon ceadúnas den sórt sin atá á nglacadh. Ar an drochuair, rinne paindéim Covid-19 difear do chur i bhfeidhm na treoirscéime a raibh mar aidhm léi glacadh breise na gceadúnas teoranta sin a spreagadh trí ranníocaíocht a dhéanamh i leith na gcostas atá i gceist. Cé go raibh sé beartaithe seirbhísí a chur i bhfeidhm i 15 limistéar tuaithe ainmnithe, ní rabhthas in ann seirbhísí a chur chun feidhme ach go páirteach in dhá limistéar sa bhliain.

Ag deireadh na bliana, b'ann do 21 seirbhís chaighdeánach agus ainmnithe fruilchairr limistéir áitiúil a bhí ceadúnaithe sa Stát.

CEADÚNÚ TIOMÁNAITHE

Cé gurb é an Garda Síochána an t-údarás ceadúnúcháin le haghaidh ceadúnas tiománaithe beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus go bhfuil sé freagrach as grinnfhiosrú a dhéanamh ar thiománaithe, oibríonn an tÚdarás i ndlúthchomhar leis an nGarda Síochána chun riar a dhéanamh ar na próisis um iarratas a dhéanamh ar cheadúnas agus um cheadúnas a athnuachan, lena n-áirítear an tástáil iontrála do thiománaithe a riar agus cártaí aitheantais tiománaithe beagfheithiclí seirbhíse poiblí a eisiúint.

Cuireadh soláthar na tástála iontrála do thiománaithe ar fionraí i lár mhí an Mhárta de bharr phaindéim Covid-19. Ar an iomlán, rinne 874 iarrthóir 1,247 tástáil sular cuireadh an clár ar fionraí. De bharr shrianta Covid-19, ní rabhthas in ann tástáil tiománaithe a atosú roimh dheireadh na bliana.

Cé gur eisíodh ceadúnais chuig 851 tiománaí nua, tháinig laghdú 4% ar an líon tiománaithe ceadúnaithe beagfheithiclí seirbhíse poiblí a bhí ann. B'ionann é sin agus 26,105 tiománaí faoi dheireadh na bliana.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMIÚCHÁIN

Rinne oifigigh chomhlíonta an Údaráis breis agus 102,000 seiceáil chianda ar cheadúnú feithiclí agus tiománaithe i leith 14,000 feithicil aonair (72% den fhlít). Rinneadh gníomhaíocht leantach chuí i gcás gur aimsíodh neamhréireachtaí. Chomh maith leis sin, rinne oifigigh chomhlíonta 3,707 iniúchadh cois bóthair roimh theacht phaindéim Covid-19.

Mar thoradh ar na seiceálacha agus na hiniúchtaí a rinneadh, eisíodh 494 Fógra Íocaíochta Seasta as cionta éagsúla. Tháinig 26% díobh chun cinn toisc gur mhainnigh tiománaithe beagfheithiclí seirbhíse poiblí cloí leis an gceanglas chun fógra a thabhairt don Údarás faoin

bhfeithicil atá á hoibriú. Leis an gceanglas sin, tacaítear leis an Aip Seiceála Tiománaí, lena gcuirtear ar chumas custaiméirí tacsáí stádas ceadúnais a bhfeithicle roghnaithe agus a dtiománaí roghnaithe a sheiceáil.

IONCHÚISIMH

Thionscain an tÚdarás 161 ionchúiseamh coiriúil, ar bhain níos mó ná a leath (56%) le seirbhís neamhcheadúnaithe a oibriú. Ba toisc gur mhainnigh oibritheoirí fógraí íocaíochta seasta a íoc a tionscnaíodh 21% sa bhreis de na hionchúisimh a tionscnaíodh.

D'éirigh leis an Údarás i 91% de na hionchúisimh a tionscnaíodh.



Tábla 17 – Ionchúisimh de réir catagóir ciona

		2019 Cásanna	2020 Cásanna
Beagfheithicil neamhcheadúnaithe seirbhíse poiblí a oibriú	Gan ceadúnas tiomána ná ceadúnas feithicle a bheith ann	36	15
	Gan ceadúnas tiomána a bheith ann	28	18
	Gan ceadúnas feithicle a bheith ann	51	41
	Cead a thabhairt do thiománaí neamhcheadúnaithe oibriú/ cead a thabhairt feithicil neamhcheadúnaithe a oibriú/ Mainneachtain taifid chruinne a choimeád	7	16
Táille ró-ard a ghearradh (costais ‘bhreise’ nach raibh aon údar leo ach a bhí dleathach a chur le táille)		3	3
Riocht na feithicle		2	0
Na dualgais ar thiománaithe beagfheithiclí seirbhíse poiblí		0	8
Comhartha tacsáí a chur ar taispeáint go neamhdhleathach/Mainneachtain comharthaíocht a bhaint d’fheithicil neamhcheadúnaithe		27	16
Seirbhís neamhcheadúnaithe beagfheithiclí seirbhíse poiblí a fhógairt		2	3
Dul thar an líon uasta paisinéirí		4	1
Faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach do dhuine údaráithe		0	3
Fruilcharr/limisín a bheith ina sheasamh lena fhruiiliú		4	3
Mainneachtain Fógra Íocaíochta Seasta a íoc		93	34
Iomlán		257	161



GEARÁIN Ó THOMHALTÓIRÍ

Ní nach ionadh, tháinig laghdú géar ar an líon gearán a fuarthas ó chustaiméirí, rud a bhí ag teacht leis an laghdú ar an éileamh ar sheirbhísí beagfheithiclí seirbhíse poiblí de bharr phaindéim Covid-19. Fuarthas 466 gearán san iomlán, a bhí cothrom le laghdú 66% ar an líon a fuarthas sa bhliain roimhe.

Ní rabhthas in ann dul chun cinn a dhéanamh ar leath na ngearán uile (49%) toisc nárbh ann do go leor fianaise go ndearnadh aon chion nó toisc nach raibh an gearánach ag iarraidh an gearán a shaothrú tuilleadh. Maidir le 4% eile de na gearáin a fuarthas, tarchuireadh iad chuig gníomhaireachtaí eile, lenar áiríodh an Garda Síochána, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, chun a n-aird a tharraingt orthu.



Tábla 18 – Gearáin ó Thomhaltóirí faoi Bheagfheithiclí Seirbhíse Poiblí

Catagóir Gearáin	2019	2020
Riocht, ródacmhainneacht agus glaineacht na feithicle	78	11
Iompar, iompraíocht agus aithint tiománaí beagfheithicle seirbhíse poiblí	496	204
Táille ró-ard a ghearradh agus nithe eile a bhaineann le táillí	529	189
Fruiliú agus áirithint na beagfheithicle seirbhíse poiblí	277	61
Aithint na beagfheithicle seirbhíse poiblí agus an chuma ginearálta a bhí uirthi	3	1
Iomlán	1,383	466

Teanntáil Feithiclí

De bharr phaindéim Covid-19, bhí laghdú 55% ann ar an líon achomharc teanntála a fuarthas



CÓD CLEACHTAIS

De réir fhorálacha an Achta um Theanntáil Feithicilí, 2015, bhunaigh an tÚdarás Cód Cleachtais reachtúil an 1 Eanáir 2020 chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Treoir phraiticiúil a sholáthar do rialaitheoirí páirceála agus oibritheoirí teanntála maidir le comhlíonadh na reachtaíochta; agus
- Caighdeáin a bhunú maidir lena n-iompraíocht ghinearálta, lena gcomhlíonadh dualgas agus lena n-iompar.

ACHOMHAIRC DARA CÉIM

Tá gluaisteánaí a ndearnadh a f(h)eithicil a theanntáil nó a athlonnú i dteideal achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh. Bunaíodh próiseas achomhairc dhá chéim chun na críche sin. Ní mór do ghluaisteánaí achomharc céadchéime a dhéanamh go díreach chuig an rialaitheoir páirceála atá freagrach as teanntáil/ athlonnú na feithicle. I gcás go mbeidh an gluaisteánaí míshásta leis an toradh ar an achomharc sin, áfach, beidh sé/sí i dteideal achomharc dara céim a dhéanamh chuig Oifigeach Achomhairc Theanntála atá ainmnithe ag an Údarás.

De bharr phaindéim Covid-19, bhí laghdú 55% ann ar an líon achomharc a fuarthas. Ba iad na príomhfhórais achomhairc ar luaigh gluaisteánaíthe iad sna haighneachtaí achomhairc dara céim uathu ná earráidí a rinneadh le linn cláruimhir na feithicle a thaifeadadh, taispeáint mhícheart ticéad páirceála nó ceadanna ar fheithicil, saincheistanna maidir le feidhmiúlacht iarratas páirceála nó comharthaíocht neamh-leordhóthanach le haghaidh breac-chuntas a thabhairt ar na téarmaí agus coinníollacha le haghaidh páirceáil ag láthair.

I gcás go seasfaidh Oifigeach Achomhairc Theanntála le hachomharc dara céim, ceanglófar ar an Rialaitheoir Páirceála an táille scaoilte teanntáin nó an táille aslonnaithe ar íoc an gluaisteánaí í a aisíoc. Tá an tÚdarás i dteideal freisin ordú le haghaidh costas a dhéanamh in aghaidh an Rialaitheora Páirceála. I gcás deich gcinn de na hachomhairc ar sheas Oifigigh Achomhairc Theanntála leo, chuir an tÚdarás tús le gníomh forfheidhmiúcháin in aghaidh rialaitheoir páirceála de bharr mainneachtain aisíocaíochtaí a phróiseáil laistigh den tréimhse riachtanach 14 lá. I gcás na ndéich n-achomharc uile, aisíocadh an t-airgead ábhartha leis an achomharcóir.

Tábla 19 - Achomhairc Dara Céim

Cineál	2019	2020
Achomhairc a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe	106	209
Achomhairc nua a fuarthas	2,532	1,121
Iomláin	2,638	1,330
Cásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2020	2,429	1,272
Cásanna a bhí le cinneadh fós amhail an 31 Nollaig 2020	320	105

Tábla 20 - An Toradh ar Achomhairc Theanntála Dara Céim

An Líon Achomharc a Breithníodh	Achomhairc a Ceadaíodh (Aisíocaíocht Iomlán)	Achomhairc Nár Ceadaíodh		
		Níor Tugadh Aisíocaíocht	Aisíocaíocht Pháirteach	Aisíocaíocht Iomlán
1,272	512	757	1	2

GEARÁIN

De bhreis ar an bpróiseas achomhairc dhá chéim atá leagtha amach thuas, tugtar leis an reachtaíocht um theanntáil feithiclí an ceart do ghluaisteanaithe gearáin a chur in iúl go díreach don Údarás maidir le ceithre chatagóir fhadréimseacha d'oibríochtaí rialaitheora páirceála agus oibrítheora teanntála:

1. Comhlíonadh freagrachtaí ag rialaitheoirí páirceála;
2. Iompraíocht, iompar agus aithint oibrítheoirí teanntála;
3. Moill neamhriachtanach ag rialaitheoirí páirceála nó oibrítheoirí teanntála ar fhreagra a thabhairt ar ghearáin, nó ar chumarsáid eile, ó dhaoine den phobal; agus
4. Aithint na bhfeithiclí arna n-úsáid ag oibrítheoirí teanntála (lena n-áirítear lógónna, greamáin agus fógraíocht ar fheithiclí den sórt sin).

Féadfaidh an tÚdarás imeachtaí a thionscnamh in aghaidh rialaitheoirí páirceála agus oibrítheoirí teanntála as sárúithe ar na ceanglais reachtúla.

Bhain na gearáin a fuarthas sa bhliain le ceithre cinn dhifriúla de rialaitheoirí páirceála agus d'oibrítheoirí teanntála.

COMHARTHAÍOCHT

Lean an tÚdarás le comhlíonadh comharthaíochta in áiteanna teanntála ar fud na tíre a mheas in aghaidh na gceanglas teicniúil forordaithe agus le measúnú a dhéanamh ar an ngá le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh in aghaidh rialaitheoirí páirceála chun an comhlíonadh sin a chinntiú.

Cuireadh 17 meastóireacht ar chomharthaíocht ar an láithreán i gcrích. Cuireadh tuarascálacha cuimsitheacha ar fáil ina dhiaidh sin do na rialaitheoirí páirceála a bhí i gceist, ar tugadh tréimhse tosaigh 12 sheachtain dóibh chun aon chásanna neamhchomhlíonta a tugadh faoi deara a leigheas. Fadaíodh an tréimhse sin i roinnt cásanna de bharr phaindéim Covid-19.

TEANTÁIL NEAMHDHLEATHACH

Déanann an tÚdarás oibríochtaí follasacha agus rúnda comhlíonta chun cásanna gníomhaíochta teanntála neamhdhleathaí a shainaithint.

Ní raibh ach beagán deiseanna ann chun oibríochtaí comhlíonta den sórt sin a chur i gcrích sa bhliain de bharr phaindéim Covid-19, áfach.

Tábla 21 - Gearáin

Cineál	2019	2020
Gearáin a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe	7	14
Gearáin nua	59	31
Iomláin	66	44
Cásanna a cuireadh i gcrích	52	37
Cásanna a bhí le cinneadh fós amhail an 31 Nollaig 2020	14	7

Tábla 22 - Torthaí ar Ghearáin

Iomlán	Seasadh leo	Seasadh go páirteach leo	Níor seasadh leo
42	9	12	21

Ceartha Paisinéirí

D'oibrigh an tÚdarás leis an gCoimisiún Eorpach chun mionmheastóireachtaí a chur i gcrích ar na Rialacháin maidir le Ceartha Paisinéirí



RÉAMHRÁ

Is é an tÚdarás an Comhlacht Forfheidhmiúcháin Náisiúnta ainmnithe d'Éirinn le haghaidh Chearta Paisinéirí an Aontais Eorpaigh i dtaca leis na hionstraimí reachtacha seo a leanas maidir le cearta paisinéirí:

- Rialachán 1371/2007 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí;
- Rialachán 1177/2010 maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre; agus
- Rialachán 181/2011 maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste.

Mar achoimre, is é cuspóir na Rialachán maidir le Cearta Paisinéirí an Aontais Eorpaigh ardleibhéal cosanta a chinntiú do phaisinéirí atá ag úsáid iompar de bhus agus de chóiste, iompar d'iarnród agus iompar ar uisce san Aontas Eorpach nó ón Aontas Eorpach. Baineann na rialacháin sin le hábhair an neamh-idirdhealaithe agus an chúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; le faisnéis a sholáthar do gach paisinéir roimh a dturas agus lena linn; le cúnamh a thabhairt do gach paisinéir i gcás moilleanna; agus, in imthosca áirithe, le cúiteamh a thabhairt as moilleanna fada nó as cealú turas.

COVID-19

Bhí drochthionchar suntasach ag paindéim Covid-19 ar gach cineál taistil. Mar thoradh ar an gcás do roinnt mhaith paisinéirí, ar cealaíodh a socruithe taistil nó nár mhian leo taisteal nó nár ceadaíodh dóibh taisteal de bharr phaindéim Covid-19, bhí méadú ann sa líon ceisteanna agus gearán a fuair an tÚdarás.

An 18 Márta, d'eisigh an Coimisiún Eorpach “Treoirínte Léirmhínteacha ar na rialacháin maidir le cearta paisinéirí an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs na staide atá ag teacht chun cinn de bharr phaindéim Covid-19” chun a chinntiú

go gcuirfí cearta paisinéirí i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach ar fud an Aontais Eorpaigh, á lua gurb ionann paindéim Covid-19 agus “imthosca neamhghnácha” faoi na Rialacháin. Chomh maith leis sin, d'eisigh an Coimisiún moltaí maidir le dearbháin a tairgeadh do phaisinéirí de rogha ar aisíocaíocht a dhéanamh as seirbhísí taistil lánáirithe agus iompair a cealaíodh.

Ar mhaithe lena ról mar Chomhlacht Forfheidhmiúcháin Náisiúnta, d'fhoilsigh an tÚdarás faisnéis ar a shuíomh Gréasáin maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí agus oibritheoirí iompair faoi na Rialacháin agus faoi na Treoirínte Léirmhínteacha ón gCoimisiún. Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis na hoibritheoirí iompair go díreach freisin maidir leis na hoibleagáidí atá orthu i leith paisinéirí le linn phaindéim Covid-19.

MEASTÓIREACHT

D'oibrigh an tÚdarás leis an gCoimisiún Eorpach chun mionmheastóireachtaí a chur i gcrích ar Rialachán 1177/2010 maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus ar Rialachán 181/2011 maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste.

Ba iad sin na chéad mheastóireachtaí den sórt sin a rinneadh ó tháinig na Rialacháin i bhfeidhm sna blianta 2012 agus 2013 faoi seach. Chuir an tÚdarás barúlacha mionsonraithe isteach faoin dá Rialachán agus ghlac sé páirt i roinnt ceardlann idirghníomhach in éineacht le comhlachtaí forfheidhmiúcháin náisiúnta eile agus le geallsealbhóirí.



GNÍOMHAÍOCHT

Thug an tÚdarás freagra ar níos mó ná 100 fiosrú a fuarthas ón bpobal maidir lena gcearta faoi na Rialacháin. Fuarthas 70 gearán san iomlán, ar bhain a bhformhór leis an iompar muirí. Bhain na príomh-shaincheistean le heaspa faisnéise, le hathróid agus le haisíocaíocht, go háirithe i gcás go bhféadfadh gur dhiúltaigh iompróirí do phaisinéirí a chúiteamh in airgead tirim agus nár tairgeadh ach dearbháin dóibh i gcásanna inar chealaigh an t-oibritheoir seirbhís.

I dTáblaí 23 agus 24, tugtar miondealú ar an líon gearán a fuarthas i gcás gur chealaigh an t-oibritheoir seoladh agus i gcás gur chealaigh paisinéir a t(h)uras ar a t(h)ionscnamh féin.



Tábla 23 – Cealú ag an Oibritheoir

An Cineál Gearáin	An Líon Gearán a Fuarthas	An Líon a cuireadh i gcrích i bhfabhar an Phaisinéara
Athródú/Aisíocaíocht	13	11 ¹¹

Tábla 24 – Cealú ag an bPaisinéir

An Cineál Gearáin	An Líon Gearán a Fuarthas	An Líon a cuireadh i gcrích i bhfabhar an Phaisinéara
Athródú/Aisíocaíocht	53	0 ¹²
Eile	4	0

¹¹ Tá dhá chás faoi imscrúdú fós

¹² Ní thugtar aghaidh go sonrach leis na Rialacháin ón Aontas Eorpach ar chásanna nach féidir le paisinéirí taisteal iontu agus inar mhaith leo turas a chealú

Seirbhísí Corparáideacha

Bhí díriú láidir ann ar leanúnachas gnó agus cianobair shábháilte a chothabháil chun tacú le hobair ón mbaile le linn phaindéim Covid-19



TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

Sa bhliain 2020, bhí díriú láidir ann ar leanúnachas gnó agus cianobair shábháilte a chothabháil chun tacú le hobair ón mbaile le linn phaindéim Covid-19. Cuireadh líon mór tionscadal TFC agus slándála chun feidhme, rud a chinntigh slándáil chórais an Údaráis le linn phaindéim Covid-19. Bhí díriú comhchosúil ann ar rialachas slándála ár bpríomhsholáthraithe, a raibh orthu córais an Údaráis a rochtain agus a bhainistiú trí theicneolaíocht cianoibre a úsáid. Tháinig oibríochtaí slándála an Údaráis in aibíocht go mór an athuair sa bhliain. Measúnaíonn an tÚdarás a aibíocht i gcomparáid le caighdeáin tionscail (mar atá Creat Cibearshlándála NIST) gach bliain, agus baineann sé úsáid as an bpróiseas sin chun feabhas seasmhach a bhrú chun cinn.

Cuireadh roinnt tionscnaimh straitéiseacha TFC chun feidhme chun cobhsaíocht agus athléimneacht chórais an Údaráis a mhéadú. Rinneadh an plean leanúnachais ghnó agus athshlánaithe ó thubaiste a athrú chun dáta agus a chomhaontú le haghaidh gach ceann d'fheidhmeanna an Údaráis agus, go deimhin, tástáladh go cuimsitheach é le linn phaindéim Covid-19.

Leanadh sa bhliain 2020 le haistriú suntasach chuig néalteicneolaíocht a ghlacadh, rud a chuir ar chumas an Údaráis an inscálaitheacht, an chobhsaíocht, an lúfaireacht, luas na tógála agus na buntáistí costais ar tairiscint a ghíaráil.

Ghlac an tÚdarás ról an-ghníomhach an-chomhoibríoch an athuair i slándáil fhoriomlán an éiceachórais oibritheoirí iompair a fheabhsú, ag obair dó i gcomhar le hoibritheoirí iompair chun feabhsuithe slándála a bhrú chun cinn agus chun comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí a bhaint amach. Lean an tÚdarás le maoirseacht a dhéanamh ar aistear Iarnród Éireann i dtreo comhlíonadh na Treorach maidir le Slándáil Gréasán agus Faisnéise. Baineadh ardleibhéal comhlíonta amach faoi

dheireadh na bliana 2020.

Tá tacaíocht éifeachtach TFC ina cuid ríthábhachtach de roinnt de chláir oibre straitéiseacha an Údaráis a sholáthar trí sheirbhísí bainistíochta tionscadal agus straitéis TF a sholáthar agus trí riachtanais theicniúla agus slándála sa todhchaí agus riachtanais anailísíochta sonraí agus faisnéise a shonrú. Soláthraíodh 65 tionscadal san iomlán sa bhliain, agus bhí na critéir ábhartha ó thaobh cáilíochta, sceidil agus costais de á gcomhlíonadh ag breis agus 90% díobh.

COSAINT SONRAÍ

Rinneadh méid suntasach oibre chun a chinntiú go mbeadh gach tionscadal nua agus gach córas nua ag teacht leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí tráth a seolta. Cuireadh samhail rialachais oibriúcháin chun feidhme chun comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí a choinneáil ar bun i ngach réimse gnó. Rinneadh méid suntasach oibre chun a chinntiú go gcuirfí an fhéidearthacht go dtiocfadh Breatimeacht “Gan Mhargadh” chun cinn ag deireadh na bliana ar áireamh i gcomhaontuithe próiseála sonraí an Údaráis le soláthraithe.

ACMHAINNÍ DAONNA AGUS SAORÁIDÍ

D'eascair athrú gan fasach d'fhórsa saothair an Údaráis as paindéim Covid-19 agus as na bearta a rinneadh chun a thionchar a mhaolú. I mí an Mhárta, d'aistrigh geall le 400 ball foirne chuig an gcianobair agus bhí oifigí an Údaráis dúnta den chuid is mó ar feadh na coda eile den bhliain. D'ainneoin an tsuaite sin, lean an tÚdarás lena raon leathan feidhmeanna gnó a chomhlíonadh go rathúil.

Áiríodh na nithe seo leis na príomhthorthaí sa bhliain:

- Plean Straitéiseach Soláthar Foirne an Údaráis a athrú chun dáta. D'earcaigh

an tÚdarás 64 ball foirne faoi dheireadh na bliana 2020, agus iad ag clúdach ról nua agus ról a bhí ann cheana agus ag aisliónadh ról ar éirigh daoine astu;

- Roinnt clár folláine a chur i bhfeidhm chun tacú le folláine shóisialta, fhisiciúil agus mheabhrach na foirne, agus suirbhéanna a dhéanamh chun sainathint a dhéanamh ar na saincheisteanna/na dúshláin a mbíonn baill foirne ag dul i ngleic leo sa tréimhse seo atá gan fasach; agus
- Le linn dó tacú le cultúr fáis agus deise agus leis an gcultúr sin a chothú, chuir an tÚdarás tús le hobair ar Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe a fhorbairt.
- Leanadh le hobair chun a chinntiú go bhfuil an Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine leabaithe isteach i gcreat Rialachais Chorporáidigh an Údaráis.

COTHROMAÍOCHT INSCNE AN BHOIRD

Sonraítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) sprioc go ndéanfaí ionadaíocht 40% ar a laghad don dá inscne i gcomhaltas na mBord Stáit.

Ag deireadh na bliana 2020, bhí beirt chomhaltaí baineanacha (22%) agus seachtar comhaltaí fireannacha (78%) ag an mBord agus bhí trí fholúntas aige.

Chuir an tÚdarás an Roinn Iompair ar an eolas faoin éagothroime inscne atá ann ar an mBord faoi láthair agus táthar ag súil leis go gcuirfidh an Roinn í sin san áireamh le linn di folúntais atá ann cheana agus folúntais a bheidh ann sa todhchaí a líonadh ar leibhéal an chomhalta Boird.

NOCHTADH COSANTA

Ní bhfuair an tÚdarás aon nochtadh cosanta.

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

I mí Dheireadh Fómhair, tháinig suíomh Gréasáin an Údaráis chun bheith ar fáil i nGaeilge.

D'ullmhaigh an tÚdarás Scéim Teanga nua don tréimhse 2020-2023 de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tháinig an scéim nua in éifeacht i mí na Bealtaine.

IDIRCHADREAMH LEIS AN OIREACHTAS

Fuair an tÚdarás 1,298 fiosrú ó ionadaithe poiblí le linn na bliana.

I mí an Mheithimh, d'fhreastail an Príomhfheidhmeannach ar chruinniú de chuid an Choiste Speisialta Oireachtais a bunaíodh chun breithniú a dhéanamh ar fhreagairt an Stáit do phaindéim Covid-19 agus chun fianaise a thógáil ina leith.

I dtreo dheireadh na bliana, thug an tÚdarás freagra ar iarrataí ón gCoiste um Chuntais Phoiblí ar fhaisnéis faoi fhorbairtí flít iarnróid.

ROCHTAIN AR FHAISNÉIS

Ar an iomlán, fuair an tÚdarás 130 iarraidh faoin reachtaíocht um shaoráil faisnéise.

Chomh maith leis sin, fuair an tÚdarás seacht n-iarraidh ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaol faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol).



Ról an Údaráis Náisiúnta Iompair



RÉAMHRÁ

Tá an tÚdarás ina chomhlacht reachtúil neamhthráchtála Stáit a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair.

Bunaíodh an tÚdarás de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008.

Ceapadh é ar dtús chun a bheith ina údarás iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Athainmníodh é ina dhiaidh sin, áfach, mar Údarás Náisiúnta Iompair san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009, rud lenar leathnaíodh feidhmeanna an Údaráis chun go n-áireofaí leo busanna agus beagfheithiclí seirbhíse poiblí a cheadúnú ar bhonn náisiúnta.

Rinneadh an raon feidhme geografach atá ag roinnt feidhmeanna de chuid an Údaráis a leathnú go leibhéal náisiúnta freisin leis an Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013, rud lenar comhdhlúthaíodh reachtaíocht phríomha a bhaineann le beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe a cheadúnú agus lenar tugadh an reachtaíocht sin cothrom le dáta.

Leis an Acht Iompair Phoiblí, 2016, leathnaíodh na cumhachtaí atá ag an Údarás arís eile trí é a chumasú fodhlíthe a dhéanamh lena rialáiltear úsáid seirbhísí bus poiblí fóirdheonaithe áirithe ag paisinéirí.

Tháinig an tAcht um Theanntáil Feithiclí, 2015, i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2017, rud lena leagtar freagracht ar an Údarás as gníomhaíochtaí teanntála a rialáil ar bhonn náisiúnta.

Tá roinnt feidhmeanna sonracha ag an Údarás maidir le bonneagar agus maidir le pleanáil iompair agus úsáide talún a chomhtháthú i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath freisin, rud a léiríonn na riachtanais iompair poiblí agus bhainistíochta tráchta ar leith atá ag an réigiún, a chuimsíonn 40% de dhaonra an Stáit agus 43% d'fhostaíocht iomlán an Stáit de réir áit chónaithe.

FEIDHMEANNA REACTÚLA

I dtéarmaí leathana, is féidir feidhmeanna reachtúla an Údaráis a achoimriú mar a leanas:

Náisiúnta (lena n-áirítear Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath)

- Seirbhísí iompair poiblí a sholáthar trí chonarthaí i leith seirbhísí iompair poiblí;
- Ticéadú comhtháite, táillí agus faisnéis iompair poiblí a sholáthar;
- Gréasán iompair poiblí atá comhtháite agus inrochtana a fhorbairt;
- Ceadúnú a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí bus do phaisinéirí nach bhfuil faoi réir conradh i leith seirbhísí iompair poiblí;
- An Clár Iompair Tuaithe a bhainistiú;
- Bonneagar agus flít busanna a sholáthar;
- Bonneagar agus scéimeanna rothaíochta a sholáthar chun an rothaíocht a chur chun cinn;
- Branda aonair iompair poiblí a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
- Creat rialála a fhorbairt agus a chothabháil le haghaidh beagfheithiclí seirbhíse poiblí (tacsaithe, fruilcharranna agus limisíní) a rialú agus a oibriú agus le haghaidh a dtiománaithe;
- Gníomhaíochtaí teanntála feithiclí a rialáil sa Stát;
- Aighneachtaí reachtúla a ullmhú i leith Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnacha;
- Sonraí agus faisnéis staidrimh ar an iompar a bhailiú;
- Cearta paisinéirí AE a fhorfheidhmiú san iompar d'iarnród, san iompar muirí agus san iompar de bhus agus de chóiste;
- Údaruithe agus foirmeacha turais AE a bhailíochtú i ndáil leis an taisteal de

bhus agus de chóiste de réir Rialachán (AE) Uimh. 1073/2009; agus

- Oibriú mar chomhlacht idir-réitigh náisiúnta do sholáthraithe seirbhísí dola leictreonaigh.

I Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath amháin

- Tabhairt faoi phleanáil straitéiseach iompair;
- Infheistiú i ngach bonneagar iompair phoiblí; agus
- Bainistiú éifeachtach ar thrácht agus bainistiú éifeachtach ar éileamh ar an iompar a áirithiú.

FEIDHMEANNA EILE

I dteannta na bhfeidhmeanna reachtúla atá aige, comhlíonann an tÚdarás roinnt feidhmeanna thar ceann na Roinne Iompair ar bhonn neamhreachtúil. Áirítear iad seo a leanas leis na feidhmeanna neamhreachtúla sin:

- Tionscadail iompair inbhuanaithe a phleanáil agus a chistiú sna cathracha réigiúnacha, mar atá Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge;
- Cláir na nÁiteanna Oibre Taistil Níos Cliste agus na gCampas Taistil Níos Cliste a riar;
- Clár Taistil na Scoileanna Glasa a bhainistiú;
- Cistiú inrochtaineachta a sholáthar d'oibritheoirí iompair agus do chomhlachtaí ábhartha eile; agus
- Pleanáil straitéiseach iompair a dhéanamh do na cathracha réigiúnacha (Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge).

RIALACHAS

An Bord

Tá an tÚdarás faoi rialú ag Bord a chuimsíonn dháréag comhaltaí a gceapann an tAire Iompair iad. Is poist ex officio iad trí cinn de na poist ar an mBord, atá forchoimeádta don Phríomhfheidhmeannach, d'ardbhainisteoir eile de chuid an Údaráis agus don Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Féadfar comhaltaí Boird a cheapadh ar feadh tréimhse cúig bliana ar a mhéad agus féadfar iad a athcheapadh. Féadfaidh comhaltaí fónamh ar an mBord ar feadh tréimhse deich mbliana ar a mhéad. Níl feidhm ag an srian sin maidir le comhaltaí ex officio, a fhanfaidh ar an mBord fad a shealbhóidh siad an post ábhartha.


An comhlacht comhairleach

Is é ról an Choiste Chomhairligh ar Bheagfheithiclí Seirbhíse Poiblí comhairle a thabhairt don Údarás nó don Aire Iompair, de réir mar is cuí, maidir le saincheistean a bhaineann le beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus lena dtiománaithe.

Is é an tAire Iompair a cheapann na comhaltaí den Choiste Comhairleach.



Faisnéis faoi Chomhaltaí an Bhoird



FRED BARRY



Ceapadh Fred Barry mar Chathaoirleach ar an Údarás Náisiúnta Iompair i mí na Samhna 2017. Tá sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin de chuid Ervia, áit a bhfuil sé ar an gCathaoirleach ar an gCoiste Infheistíochta agus Bonneagair agus ina chomhalta de Choiste an Chreata Oibriúcháin don Tionscal Uisce. Chomh maith leis sin, tá sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin de chuid PM Group, áit a bhfuil sé ina chomhalta den Choiste Éadálacha agus den Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais. Roimhe sin, bhí sé ina stiúrthóir de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais, an Údaráis um Bóithre Náisiúnta agus cuideachtaí éagsúla laistigh de Jacobs Engineering Group Inc.

Bhí sé ar an bPríomhfheidhmeannach ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta idir an bhliain 2005 agus an bhliain 2015. Roimhe sin fós, chaith sé 25 bliain ag obair ar leibhéal idirnáisiúnta le Jacobs, áit a raibh an ról mar Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa don Ríocht Aontaithe agus d'Éirinn ar cheann de na rólí bhainistíochta a bhí aige. Is Innealtóir Cairte é, tá sé cáilithe mar abhcóide, agus tá sé ina Chomhalta d'Innealtóirí Éireann agus d'Acadamh Innealtóireachta na hÉireann, áit a bhfuil sé ina chomhalta den chomhairle freisin.

HUGH CREEGAN



Tá Hugh Creegan ina Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ina Stiúrthóir um Infheistíocht Iompair san Údarás. D'oibrigh sé roimhe sin leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta mar Cheann Rannóige, agus é freagrach as Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí, as Oibríochtaí Tráchtála agus as Pleanáil Straitéiseach. Is innealtóir sibhialta é ag a bhfuil taithí leathan ar mhórchionascadail san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, lena n-áirítear Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath, leathnú M50 agus bailiú an dola saorshreafa ghaolmhair.

ANN FITZGERALD



Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin neamhspleách í Ann Fitzgerald. San am i láthair, tá sí ina Leas-Chathaoirleach ar Phainéal Táthcheangail na hÉireann. Rinne sí cathaoirleacht ar an nGrúpa Straitéise Tomhaltóirí, a raibh a chuid oibre taobh thiar den chinneadh ón Rialtas an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí a bhunú. D'fhóin sí mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an nGníomhaireacht ar feadh cúig bliana suas go mí Dheireadh Fómhair 2012. Roimhe sin, bhí sí ina hArd-Rúnaí ar Chumann Bainisteoirí Infheistíochta na hÉireann. Chuaigh sí isteach sa Chumann ar fhágáil na Roinne Tionscail agus Tráchtála di sa bhliain 1989. Chaith Ann níos mó ná 20 bliain mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, go príomha i gcomhlachtaí tráchtála agus neamhthráchtála san earnáil phoiblí.

Athcheapadh Ann chuig an mBord i mí Mheán Fómhair 2020 le haghaidh téarma cúig bliana.

ANNE GRAHAM



Ceapadh Anne Graham mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an Údarás Náisiúnta Iompair i mí Eanáir 2015. D'fhóin sí roimhe sin mar Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Phoiblí an Údaráis. Is Innealtóir Cairte í Anne agus tá sí ina Comhalta d'Innealtóirí Éireann agus d'Acadamh Innealtóireachta na hÉireann. Tá céim Mháistreachta aici san Eolaíocht Innealtóireachta i réimse an Iompair ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá céim MBA aici ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. D'oibrigh sí le hÚdarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath mar Innealtóir Sibhialta, mar Bhainisteoir Tionscadal ar a lán tionscadal difriúil agus mar Bhainisteoir Limistéir i limistéar Thiar Theas Chathair Bhaile Átha Cliath, agus í ag tabhairt seirbhísí údaráis áitiúil níos gaire do thomhaltóirí i gceithre oifig áitiúla.

OWEN KEEGAN



Ceapadh Owen P. Keegan mar Bhainisteoir Cathrach Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2013, tar éis dó fónamh mar Bhainisteoir Contae ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ó mhí Feabhra 2006. Sula ndeachaigh sé isteach sa Chomhairle, d'oibrigh sé sna róil mar Bhainisteoir Cathrach Cúnta agus mar Stiúrthóir Tráchtála i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Roimh mhí Dheireadh Fómhair 1993, d'oibrigh sé mar eacnamaí do DKM Economic Consultants/Davy Stockbrokers. D'oibrigh sé sa Roinn Airgeadais agus san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta freisin agus chaith sé dhá thréimhse sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is as Baile Átha Cliath don Uas. Keegan. Tá céimeanna aige sa riarachán poiblí, san eacnamaíocht agus san innealtóireacht shibhialta.

KEVIN KELLY



Tá taithí dhíreach ag Kevin Kelly ar an míchumas. Chaill sé a radharc sa bhliain 2001 agus é ceithre bliana déag d'aois. Sealbhaíonn sé an ról mar Cheann Beartais, Tathanta agus Feachtas le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill faoi láthair. Roimhe sin, bhí sé ina Bhainisteoir Tathanta agus Cumarsáide le Cumann Asma na hÉireann. D'fhóin sé mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach ar an gCumann le linn a thionachta freisin. Roimhe sin, d'oibrigh Kevin mar chúntóir parlaiminteach i dTeach Laighean. D'oibrigh sé sna meáin áitiúla agus náisiúnta freisin. Sealbhaíonn sé céim san iriseoireacht ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus céim Mháistreachta i nGnóthaí Poiblí agus sa Chumarsáid Pholaitiúil ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

D'éirigh Kevin as an mBord i mí na Nollag 2020.

PAT MANGAN



D'fhóin Pat Mangan mar Rúnaí Cúnta sa Roinn Iompair ón mbliain 1995 go dtí an bhliain 2010. I measc na nithe a raibh sé freagrach astu bhí iompar poiblí, infheistíocht iompair agus airgeadas.

Roimhe sin, bhí sé ina Cheann um Beartas Bóithre sa Roinn Comhshaoil agus rinne sé cathaoirleacht ar Thionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath. Tá sé ina Chomhalta den Institiúid Chairte um Lóistíocht agus Iompar in Éirinn.

Athcheapadh Pat chuig an mBord i mí Mheán Fómhair 2020 le haghaidh téarma cúig bliana.

FRANK O'CONNOR



Tá Frank O'Connor ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Airtel ATN Limited, ar cuideachta í a sholáthraíonn réitigh chumarsáide sonraí don tionscal eitlíochta. Chomhbhunaigh sé an cuideachta sa bhliain 1998. Sular chomhbhunaigh sé Airtel, d'oibrigh sé i roinnt cuideachtaí forbartha bogearraí, lenar áiríodh cuideachtaí ilnáisiúnta sna Stáit Aontaithe ar nós Retix agus CACI. Thosaigh sé a ghairm ag Systems Dynamics sa bhliain 1976. D'oibrigh sé leis an gcuideachta ar feadh ocht mbliana, ar chaith sé dhá bhliain díobh sa Ghearmáin agus san Ísiltír. Bhí sé ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin de chuid Aer Lingus sa bhliain 2014/15.

Athcheapadh Frank chuig an mBord i mí Mheán Fómhair 2020 le haghaidh téarma cúig bliana.

SINÉAD WALSH



Agus cúlra aici i réimse an mhíchumais agus an oideachais riachtanas speisialta, tá Sinéad Walsh ag obair le breis agus fiche bliain anuas chun feasacht fhianaisebhunaithe ar an míchumas a mhéadú i líne thosaigh an iompair phoiblí.

Thacaigh sí le hOibleagáidí Seirbhíse Poiblí na hÉireann, lena n-áirítear Bus Átha Cliath agus é ag aistriú go rathúil chuig flíteanna ísealurláir atá inrochtana go huilíoch.

D'oibrigh Sinéad go rathúil le príomhghníomhaithe míchumais chun oiliúint agus nuálaíocht i gcúram custaiméirí a fhorbairt agus a sholáthar d'oibritheoirí iompair phoiblí na hÉireann.

Tá Sinéad i bhfách le hiompar poiblí atá inrochtana, cothromasach agus cobhsaí agus a fhreastalaíonn ar riachtanais an phobail ar fad.

Tá Sinéad Walsh ina céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus tá céim Mháistreachta aici sna Meáin Dhigiteacha.

Chuir Sinéad a téarma oifige mar chomhalta Boird i gcrích i mí Mheán Fómhair 2020.

BRIAN MCCORMICK



Tá Brian McCormick ina Stiúrthóir Cairte ag a bhfuil taithí leathan ar bhainistíocht ghinearálta agus oibriúcháin, ar fhorbairt gnó agus ar airgeadas corparáideach in Éirinn agus thar lear araon. D'oibrigh sé le déanaí mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin de chuid An Post, áit a raibh sé ina Chathaoirleach ar fhochuideachtaí na cuideachta freisin, ba iad sin: Árachas An Post agus Air Business Limited, ar cuideachta dáileacháin irisí agus bainistíochta síntiús sa Ríocht Aontaithe í. D'oibrigh sé roimhe sin mar Stiúrthóir de chuid Merrion Corporate Finance agus i ról ardbhainistíochta le CRH plc sna Stáit Aontaithe. Tá Brian ina chéimí innealtóireachta de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá céim MBA aige ó Scoil Wharton in Ollscoil Pennsylvania.

DAVID GRAY



Tá David Gray ina Chuntasóir Cairte agus ina Shainchomhairleoir Neamhspleách atá lonnaithe i mBéal Feirste. Chaith sé an chuid is mó dá ghairm sa Chleachtadh Poiblí, ag obair dó i ndisciplíní an Airgeadais Chorporáidigh agus an Rialachais Chorporáidigh. Roimhe sin, bhí sé ina Chomhpháirtí i gCeannas ar Sheirbhísí Iniúchóireachta Seachtraí agus Rialachais Chorporáidigh do RSM UK LLP i mBéal Feirste.

Tá taithí fhairsing Coiste Iniúchóireachta agus Rialachais Chorporáidigh aige agus tá sé ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca do Sheirbhís Fuilastriúcháin na hÉireann agus d'Údarás Cuain an Phointe araon.

Ar na ceapacháin roimhe tá an ról mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus/nó mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta don Roinn Bonneagair (Tuaisceart Éireann); do Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann; don Choimisiún Beostoic agus Feola do Thuaisceart Éireann; agus d'Ontaobhas Pobail agus Ospidéal Uladh.

Is Idirghabhálaí cáilithe é David agus tá taithí fhairsing aige ar Réiteach Díospóide.

RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

FAISNÉIS FAOIN ÚDARÁS

67

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BOIRD

69

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

76

AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE
TUARASCÁIL LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

83

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS
AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM

85

RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH

87

RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS

88

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

89


NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

90

Faisnéis faoin Údarás

COMHALTAÍ BOIRD:

An tUas. Fred Barry	(Cathaoirleach)
Anne Graham Uas.	(Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)
An tUas. Hugh Creegan	
Ann Fitzgerald Uas.	(A athcheapadh an 23 Meán Fómhair 2020)
An tUas. Owen Keegan	
An tUas. Pat Mangan	(A athcheapadh an 23 Meán Fómhair 2020)
An tUas. Frank O'Connor	(A athcheapadh an 23 Meán Fómhair 2020)
Sinéad Walsh Uas.	(Ar tháinig a ceapachán chun deiridh an 23 Meán Fómhair 2020)
An tUas. Kevin Kelly	(A d'éirigh as an 18 Nollaig 2020)
An tUas. Brian McCormick	
An tUas. David Gray	



SOLICITORS:

McCann Fitzgerald

Riverside One

37-42 Cé Sir John Rogerson

Baile Átha Cliath 2

D02 X576

BANKERS:

Bainc-Aontas Éireann cpt

1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

D02 X342

Banc na hÉireann cpt

Sráid Bhagóid Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

D02 Y754

AUDITORS:

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

D01 PF72

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

RIALACHAS

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”) ina chomhlacht reachtúil neamhthráchtála stáit a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair (“RI”).

Bunaíodh an tÚdarás de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, agus ceapadh é ar dtús chun a bheith ina údarás iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Athainmníodh é ina dhiaidh sin, áfach, mar Údarás Náisiúnta Iompair san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí, 2009, rud lenar leathnaíodh feidhmeanna an Údaráis chun go n-áireofaí leo Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a dhámhachtain agus faireachán a dhéanamh orthu agus busanna agus beagfheithiclí seirbhíse poiblí a cheadúnú ar bhonn náisiúnta.

Rinneadh an raon feidhme geografach atá ag roinnt feidhmeanna de chuid an Údaráis a leathnú go leibhéal náisiúnta freisin leis an Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013, rud lenar comhdhlúthaíodh reachtaíocht phríomha a bhaineann le beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe a cheadúnú agus lenar tugadh an reachtaíocht sin cothrom le dáta.

Leis an Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015, leagtar freagracht ar an Údarás as gníomhaíochtaí teanntála a rialáil ar bhonn náisiúnta.

Leis an Acht Iompair Phoiblí, 2016, leathnaíodh na freagrachtaí atá ar an Údarás arís eile trí é a chumhachtú fodhlíthe a dhéanamh lena rialáiltear úsáid seirbhísí bus poiblí fóirdheonaithe áirithe ag paisinéirí.

Coimeádann an tÚdarás roinnt feidhmeanna sonracha maidir le bonneagar agus maidir le pleanáil iompair agus úsáide talún a chomhtháthú i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn na riachtanais iompair poiblí agus bhainistíochta tráchta ar leith atá ag an réigiún.

Tá feidhmeanna Bhord an Údaráis leagtha amach in alt 14 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as an Údarás a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i ndoiciméid Rialachais Chorporáidigh an Údaráis dar teideal ‘Treoirphrionsabail don Údarás Náisiúnta Iompair’, ‘Struchtúr Corparáideach agus Nithe atá forchoimeáda don Bhord’ agus ‘Cód iompair ghnó do chomhaltaí den Údarás’. Is é atá sa dara ceann de na doiciméid sin ná nithe atá forchoimeáda go sonrach dá gcinneadh ag an mBord. Áirítear na nithe seo leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord:

- » dearbhú leasanna;
- » tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca;
- » tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta;
- » bainistíocht riosca;
- » tuarascálacha feidhmíochta; agus
- » nithe forchoimeáda.

Ceanglaítear le halt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, ar Bhord an Údaráis gach cuntas is cuí agus is gnách a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair le toiliú an Aire Airgeadais, ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé, lena n-áirítear Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim agus Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis:

- » beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- » breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- » na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú; agus
- » a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad bliantúil a cheadú. Ceadaíodh meastóireacht ar fheidhmíocht an Údaráis i gcomparáid leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad bliantúil i mí na Samhna 2020. Athbhreithníonn an Bord feidhmíocht an Údaráis i gcomparáid leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad bliantúil ag eatraimh thráthrialta le linn na bliana.

Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais an Údaráis ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis ag an 31 Nollaig 2020.

STRUCHTÚR AN BHOIRD

Tá an tÚdarás faoi rialú ag Bord a chuimsíonn dháréag comhaltaí a gceapann an tAire lompair iad. Is poist ex officio iad trí cinn de na poist ar an mBord, atá forchoimeádta don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, d'ardbhainisteoir eile de chuid an Údaráis agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Féadfar comhaltaí Boird a cheapadh ar feadh tréimhse cúig bliana ar a mhéad agus féadfar iad a athcheapadh. Féadfaidh comhaltaí fónamh ar an mBord ar feadh tréimhse deich mbliana ar a mhéad. Níl feidhm ag an srian sin maidir le comhaltaí ex officio, a fhanfaidh ar an mBord fad a shealbhóidh siad an post ábhartha. Tháinig an Bord le chéile ar 10 n-ócáid agus tá miontuairiscí na gcruinnithe boird foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Ag an 31 Nollaig 2020, bhí beirt chomhaltaí baineanacha (22%) agus seachtar comhaltaí fireannacha (78%) ag an mBord agus bhí trí fholúntas aige. Agus é ag iarraidh go líonfaí na folúntais, chuir an Cathaoirleach in iúl gur ghá aghaidh a thabhairt ar chothromaíocht inscne reatha an Bhoird.

Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceapacháin
An tUas. Fred Barry	Cathaoirleach	28 Samhain 2017
Anne Graham Uas. (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	Gnáthchomhalta (ex officio)	7 Eanáir 2015
An tUas. Hugh Creegan (Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin)	Gnáthchomhalta (ex officio)	29 Samhain 2010
An tUas. Owen Keegan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)	Gnáthchomhalta (ex officio)	3 Meán Fómhair 2013
Ann Fitzgerald Uas.	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015 Athcheapadh an comhalta seo an 23
An tUas. Pat Mangan	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015 Athcheapadh an comhalta seo an 23
An tUas. Frank O'Connor	Gnáthchomhalta	24 Meán Fómhair 2015 Athcheapadh an comhalta seo an 23
An tUas. Brian McCormick	Gnáthchomhalta	1 August 2019
An tUas. David Gray	Gnáthchomhalta	1 August 2019

Athcheapadh an tUas. Pat Mangan, Ann Fitzgerald Uas. agus an tUas. Frank O'Connor ar feadh dara téarma cúig bliana ón 23 Meán Fómhair 2020 i leith. D'fhág Sinéad Walsh Uas. an Bord ar chríochnú a téarma oifige an 23 Meán Fómhair 2020 agus d'éirigh an tUas. Kevin Kelly as an mBord le héifeacht ón 18 Nollaig 2020.

Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht an Bhoird le linn na bliana. I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'athbhreithnigh an Bord na moltaí a rinneadh agus chomhaontaigh sé roinnt gníomhartha ina leith.

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, a chuimsíonn triúr comhaltaí den Bhord agus beirt chomhaltaí seachtracha. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

neamhspleách ar lucht bainistíochta na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe Coiste agus tugann sé tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn don Bhord gach bliain.

Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: an tUas. Frank O'Connor (Cathaoirleach), an tUas. Pat Mangan, an tUas. David Gray, an tUas. Brian Hayes (Comhalta Neamhspleách agus Comhpháirtí ag Moore Chartered Accountants), agus an tUas. John Smyth (Comhalta Neamhspleách agus ceann feadhna ag Chartered Direction Limited). Bhí seacht gcrúinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2020.

SCEIDEAL FREASTAIL, TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS

Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Bhoird agus na gCoistí don bhliain 2020 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

	An Bord	An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	Táillí 2020 (€)	Speansais 2020 (€)	Táillí 2019 (€)	Speansais 2019 (€)
An líon cruinnithe	10	7				
	An líon cruinnithe a rabhthas incháilithe chun freastal orthu (An líon cruinnithe ar freastalaíodh orthu)					
An tUas. Fred Barry	10(10)	-	20,520	-	20,520	-
Anne Graham Uas.	10(10)	-	-	-	-	-
An tUas. Hugh Creegan	10(10)	-	-	-	-	-
Ann Fitzgerald Uas.	10(10)	-	11,970	83	11,970	42
An tUas. Owen Keegan	10(10)	-	-	83	-	-
An tUas. Pat Mangan	10(10)	7(7)	-	83	-	40
An tUas. Frank O'Connor	10(10)	7(7)	11,970	-	11,970	44
Sinéad Walsh Uas.	7(7)	-	9,084	83	11,970	80
An tUas. Kevin Kelly	10(10)	-	11,929	181	11,970	492
An tUas. Brian McCormick	10(10)	-	11,970	83	4,719	-
An tUas. David Gray	10(10)	7(7)	11,970	679	4,719	379
An Dr Berna Grist	-	-	-	-	10,782	200
Speansais Eile*	-	-	-	3,199	-	2,890
			89,413	4,474	88,620	4,167

* Baineann Speansais Eile leis an gcostas ar chóiríocht do chruinniú Boird amháin a tionóladh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

D'fhreastail an tUas. Brian Hayes, ar comhalta seachtrach den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca é, ar gach ceann de na seacht gcruinniú a bhí ag an gCoiste le linn na bliana. B'ionann a tháille don bhliain, a bhí iníoctha le Moore Chartered Accountants, agus €20,520 (CBL san áireamh) (2019: €14,760 (CBL san áireamh)).

D'fhreastail an tUas. John Smyth, ar comhalta seachtrach den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca é, ar gach ceann de na seacht gcruinniú a bhí ag an gCoiste le linn na bliana. B'ionann a tháille don bhliain, a bhí iníoctha le Chartered Direction Limited, agus €20,520 (CBL san áireamh) (2019: €17,712 (CBL san áireamh)).

Tharscaoil an tUas. Pat Mangan na táillí uile a bhí iníoctha leis mar chomhalta de Bhord an Údaráis.

Ní bhfuair triúr stiúrthóirí – Anne Graham Uas., an tUas. Hugh Creegan agus an tUas. Owen Keegan – aon táillí Boird faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'. Is mar chuid dá gconradh fostaíochta, agus ní mar thoradh ar a bhfreastal ar chruinnithe boird, a thabhaítear speansais do Anne Graham Uas. agus don Uas. Hugh Creegan. Dá bhrí sin, níl a speansais ar áireamh sa nóta seo.

ATHRUITHE PRÍOMHPHEARSANRA

Athcheapadh an tUas. Pat Mangan chuig an mBord le héifeacht ón 23 Meán Fómhair 2020.

Athcheapadh an tUas. Frank O'Connor chuig an mBord le héifeacht ón 23 Meán Fómhair 2020.

Athcheapadh Ann Fitzgerald Uas. chuig an mBord le héifeacht ón 23 Meán Fómhair 2020.

D'éirigh an tUas. Kevin Kelly as an mBord le héifeacht ón 18 Nollaig 2020.

Tháinig an téarma oifige a bhí ag Sinéad Walsh Uas. ar an mBord chun deiridh le héifeacht ón 23 Meán Fómhair 2020.

AN NOCHTADH A CHEANGLAÍTEAR LEIS AN GCÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód:

COSTAIS CHOMHAIRLEACHTA

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe “gnáthghnó”.

	2020 €'000	2019 €'000
Seirbhísí comhairleacha iompair	3,184	2,067
Comhairle dhlíthiúil	1,072	2,329
Seirbhísí comhairleacha cánach agus airgeadais	341	189
Ullmhúchán do chosaint sonraí agus don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí	91	37
Pinsin agus acmhainní daonna	10	7
	4,698	4,629

Costais chomhairleachta a muirearaíodh ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim	4,375	4,629
Costais chomhairleachta a caipitlíodh	323	-
	4,698	4,629

COSTAIS DLÍ AGUS SOCRAÍOCHTAÍ

Sa tábla thíos, tugtar miondealú ar shuimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i dtaca le costais dlí, le socraíochtaí agus le himeachtaí réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis caiteachas a tabhaíodh ar an gcomhairle ghinearálta a fuair an tÚdarás. Tá an caiteachas sin ar áireamh sna Costais chomhairleachta thuas.

	2020 €'000	2019 €'000
Imeachtaí dlíthiúla	29	147
Íocaíochtaí réitigh agus eadrána	-	-
Socraíochtaí	-	-
	29	147

CAITEACHAS TAISTIL AGUS COTHAITHE

Catagóirítear caiteachas taistil agus cothaithe mar a leanas:

	2020 €'000	2019 €'000
Taisteal agus cothú intíre		
Bord	4	4
Fostaithe	13	82
Taisteal agus cothú idirnáisiúnta		
Bord	-	-
Fostaithe	9	27
	26	113

CAITEACHAS FÁILTEACHAIS

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas leis an Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim:

	2020 €'000	2019 €'000
Staff hospitality	11	12
Client hospitality	-	1
	11	13

RÁITEAS FAOI CHOMHLÍONADH

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an tÚdarás an Cód go hiomlán sa bhliain 2020.

SIGNED ON BEHALF OF THE BOARD OF THE NATIONAL TRANSPORT AUTHORITY



An tUas. Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham Uas.
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Dáta: 22 Meitheamh 2021

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

RAON FREAGRACHTA

Thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”), aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”).

CUSPÓIR AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

AN CUMAS CHUN RIOSCA A BHAINISTIÚ

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca i bhfeidhm ag an Údarás, rud a chuimsíonn triúr comhaltaí Boird, a bhfuil duine amháin díobh ina gCathaoirleach ar an gCoiste, agus beirt chomhaltaí seachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta ag duine amháin díobh. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile seacht n-uaire sa bhliain 2020.

Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás feidhm iniúcháireachta inmheánaí ar bun trí leas a bhaint as gnólacht iniúcháireachta tríú páirtí. Tá sách acmhainní ag an bhfeidhm sin agus seolann sí clár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

D’fhorbair an tÚdarás creat bainistíochta riosca agus shainigh sé beartais ghaolmhara agus nósanna imeachta gaolmhara. Leag sé amach an fonn riosca atá air freisin. Áirítear leis na nósanna imeachta bainistíochta riosca mionsonraí faoi na róil atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh na gnéithe cuí de na beartais bhainistíochta riosca agus de na nósanna imeachta bainistíochta riosca chuig gach pearsa san Údarás. Is é atá i gceist leis sin gach duine, agus an lucht bainistíochta go háirithe, a chur ar a n-airdeall faoi rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus a n-aird a tharraingt ar an gceanglas atá orthu freagracht a ghlacadh laistigh dá réimsí oibre féin. Tá Príomhoifigeach Riosca ag an Údarás, ar a bhfuil freagracht oibríochtúil as an gcreat bainistíochta riosca a riar.

AN CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Chuir an tÚdarás córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir agus is cuí, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Trí phróisis bhainistíochta riosca, sainaithníodh na príomhrioscaí atá roimh an Údarás, agus tá cláir rioscaí i bhfeidhm lena dtaifeadtar na rioscaí sin. Rinneadh na rioscaí a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Déanann an Bord agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na cláir a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ag gach cruinniú dá gcuid. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú, a mhéid is indéanta, go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- » Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó;
- » Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo;
- » Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta agus ag an mBord;
- » Tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- » Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint; agus
- » Cinntíonn nósanna imeachta um rialú ar chistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach ann ar dheontais a cheadú agus go ndéantar faireachán agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur úsáideadh cistiú deontais chun na críche beartaithe.

FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- » Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú;
- » Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais; agus
- » Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhair i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

SOLÁTHAR

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon an tÚdarás na nósanna imeachta sin sa bhliain 2020.

Úsáideann an tÚdarás dhá ardán le haghaidh néalseirbhís TF nár soláthraíodh trí thairiscint iomaíoch a fógraíodh go poiblí. Soláthraíodh na seirbhísí sin ar bhonn measúnuithe margaidh inmheánaigh a rinneadh ar chostas agus ar cháilíocht sna blianta 2017 agus 2019, agus samhlacha costais óstála Gréasáin a bhí ar fáil go poiblí ó dhíoltóirí á n-úsáid. B'ionann agus €0.7m an caiteachas ar an dá ardán sa bhliain 2020. Tá an tÚdarás i gcomhairle leis an Oifig um Sholáthar Rialtais faoi láthair maidir le néalseirbhísí a sholáthar sa todhchaí. Cé nach bhfuil aon chreat-chomhaontuithe i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais le haghaidh seirbhísí den sórt sin a sholáthar faoi láthair, chuir sí tús le próiseas le haghaidh creat-chomhaontuithe a bhunú agus d'iarr sí ionchur ón Údarás ina leith sin. Tá sé beartaithe ag an Údarás tabhairt faoi thuilleadh taighde margaidh chun a iniúchadh cé acu atá nó nach bhfuil aon roghanna eile soláthair luach ar airgead ann.

CISTIÚ INFHEISTÍOCHTA CAIPITIL – RIALUITHE

B'ionann cistiú Infheistíochta Caipitil sa bhliain 2020 agus €410m (2019: €271m). Áirítear na nithe seo a leanas leis na rialuithe ar an gcistiú sin:

- » A chinntiú go bhfuil tionscadail aonair ailínithe leis na ceithre chlár infheistíochta caipitil san iompar poiblí (i.e. Bearta um Thaisteal Níos Cliste agus Iompar Inbhuanaithe, Sábháilteacht agus Forbairt Iarnróid Throm, Bonneagar Iompair Phoiblí, agus Rothaíocht agus Siúl) agus le pleananna straitéiseacha;
- » Idirchaidreamh tráthrialta a dhéanamh leis an Roinn Iompair agus cuspóirí, spriocanna, buiséid agus an cistiú atá ar fáil a shocrú i gcomhar léi, mar aon le tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn;
- » Pleananna cur chun feidhme tionscadal a ullmhú agus a cheadú agus dlúth-idirchaidreamh a dhéanamh i leith tionscadail a phleanáil agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí Stáit, ar oibritheoirí iompair agus ar údarais áitiúla a ghníomhaíonn thar ceann an Údarais chun na tionscadail éagsúla a chur chun feidhme;
- » Doiciméid bheartais agus nósanna imeachta tionscadal a athbhreithniú agus na leasuithe ábhartha a ionchorprú laistigh de na hathruithe ar an gCód Caiteachais Phoiblí.
- » A chinntiú go mbunaíonn an lucht ardbhainistíochta buiséid do thionscadail aonair agus go ndéanann sé faireachán orthu agus go ndéantar aon imeachtaí ó na buiséid sin a shainaithint agus a imscrúdú ar bhealach tráthúil. I gcás tionscadal mór, a chinntiú go dtugtar tuairisc don Bhord gach mí ar an gcaiteachas iarbhir i gcomparáid leis an mbuiséad;
- » Idirchaidreamh a dhéanamh le Bord an Údarais chun treoir agus ceaduithe ábhartha a lorg agus chun tuarascálacha ar dhul chun cinn a sholáthar;
- » Formhaoirseacht inmheánach atá cuí agus leordhóthanach a chinntiú; agus
- » A chinntiú go bhfaightear dearbhuithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchóireachta inmheánaí.

CISTIÚ OIBLEAGÁIDE SEIRBHÍSE POIBLÍ - RIALUITHE

B'ionann cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí sa bhliain 2020 agus €576m (2019: €294m). Áirítear na nithe seo a leanas leis na rialuithe ar an gcistiú sin:

- » Conarthaí láidre seirbhíse le hoibritheoirí iompair phoiblí, idir chuideachtaí atá faoi úinéireacht an Stáit agus chuideachtaí príobháideacha, le haghaidh seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar, ar seirbhísí iad atá riachtanach ón taobh sóisialta de agus nach bhfuil, tríd is tríd, inmharthana ó thaobh na tráchtála de;
- » Rialuithe láidre a chinntiú i leith ioncam táillí a bhailiú thar ceann an Údaráis;
- » Tuairisciú agus faireachán tráthrialta a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta, lena n-áirítear iontaofacht agus poncúlacht seirbhísí;
- » Ceadú a fháil ón Údarás le haghaidh na n-athruithe uile ar na conarthaí i leith seirbhísí iompair phoiblí;
- » Conarthaí i leith seirbhísí iompair phoiblí a athbhreithniú ar mhaithe le fás in úsáid iompair phoiblí a spreagadh agus ar mhaithe le freagairt d'athruithe ar an éileamh;
- » Cruinnithe tráthrialta a thionól le hoibritheoirí iompair phoiblí chun a chinntiú go mbíonn seirbhísí ag freastal ar riachtanais phaisinéirí agus go mbíonn siad ag baint luach ar airgead amach;
- » Tuairisciú go tráthrialta do Bhord an Údaráis agus don Roinn Iompair agus idirchaidreamh a dhéanamh go tráthrialta leo; agus
- » A chinntiú go bhfaightear dearbhuithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchóireachta inmheánaí.

Bhí tionchar mór ag géarchéim Covid-19 ar an earnáil tráchtála bus. D'iarr an Roinn Iompair ar an Údarás bainistiú a dhéanamh ar na sásraí tacaíochta airgeadais a d'fhógair an tAire Iompair le haghaidh oibritheoirí tráchtála bus. I gcás oibritheoirí móra, dhámh an tÚdarás conradh Dír-Dhámhachtana éigeandála Oibleagáide Seirbhíse Poiblí i gcás go raibh cur isteach ann ar sheirbhísí nó i gcás go raibh riosca láithreach ann go mbeadh cur isteach ann ar sheirbhísí. Forbraíodh scéim cúnaimh dheontais le haghaidh oibríochtaí beaga. Tríd an scéim sin, chúiteofaí oibritheoirí tráchtála bus na táillí a chaillfeadh siad de bharr na srianta a d'fhorchuir an Rialtais mar fhreagairt do ghéarchéim Covid-19. Soláthraíodh cistiú ar feadh tréimhse sé mhí. Soláthraíodh cistiú arbh fhiú €32m san iomlán é sa bhliain 2020. Cuireadh rialuithe atá cosúil leo sin atá leagtha amach thuas le haghaidh cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm i leith an chistiúcháin a soláthraíodh don earnáil tráchtála bus.

SCÉIM TICÉADAITHE CHOMHTHÁITE CHÁRTA LEAP - RIALUITHE

B'ionann an t-ioncam táillí iompair phoiblí a próiseáladh trí scéim chárta Leap agus €163m sa bhliain 2020 (2019: €367m). Áirítear na nithe seo a leanas leis na rialuithe ar an scéim:

- » Tacar fairsing bailíochtuithe idirbheart córais a chur i gcrích ar gach idirbheart táille a phróiseáiltear i gcórais chárta Leap;

- » Creat cuimsitheach rialuithe airgeadais/imréiteach airgeadais a chothabháil go leanúnach. I measc cuspóirí eile, tá siad sin deartha chun teacht ar aon aimhrialtachtaí idir córais chárta Leap nó sna gluaiseachtaí airgeadais ar fud scéim chárta Leap;
- » Tacar cuimsitheach beart slándála a chur san áireamh chun rochtain a rialú, chun leochaileachtaí a bhrath agus chun teacht ar iompraíochtaí aimhrialta neamhghnácha ar an ngréasán. Mar chuid den obair sin, déantar roinnt athbhreithnithe agus iniúchtaí slándála ar an gcóras, lena n-áirítear bréagionsaithe tástála slándála;
- » Sraith chuimsitheach príomhtháscairí feidhmíochta (táscairí airgeadais, oibríochtúla, TFC, etc.) a chothabháil go leanúnach chun aird a tharraingt ar aon treochtaí neamhghnácha gnó;
- » Athbhreithniú leanúnach feidhmíochta a bheith á dhéanamh ag lucht bainistíochta na scéime agus ag foireann ardbhainistíochta an Údaráis ar sholáthraithe seirbhísí, mar aon le dlúth-idirchaidreamh a dhéanamh leis na hoibritheoirí iompair atá páirteach;
- » Roinnt beart leanúnachais ghnó agus athshlánaithe ó thubaiste a chur ar áireamh chun athléimneacht agus dearbhú ó thaobh leanúnachais ghnó de a sholáthar; agus
- » Athbhreithniú bliantúil Chaighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Lontaofachta (ISAE) 3402 a bheith á dhéanamh ag iniúcháirí seachtracha, ar athbhreithniú é ina gcumhdaítear na gnéithe den scéim atá faoi rialú agus faoi bhainistiú ag an Údarás. Comhlánaítear an t-athbhreithniú sin le hathbhreithnithe a dhéantar ar na móroibritheoirí iompair atá páirteach, ar athbhreithnithe iad a dhéanann iniúcháirí neamhspleácha na n-oibritheoirí sin agus ina gcumhdaítear na gnéithe den scéim atá faoi rialú agus faoi bhainistiú ag na hoibritheoirí iompair.

SÓCMHAINNÍ FEITHICLÍ PAISINÉIRÍ BÓTHAIR – RIALUITHE

Bhí glanluach leabhar €227m ar Fheithiclí Paisinéirí Bóthair sa bhliain 2020 (2019: €181m). Áirítear na nithe seo a leanas leis na rialuithe ar na sócmhainní sin:

- » A chinntiú go gcuirtear na rialacháin uile ón Aontas Eorpach maidir le soláthar poiblí i bhfeidhm, agus go gcomhlíontar na rialacháin sin, agus Feithiclí Paisinéirí Bóthair á gceannach;
- » Ról gníomhach a thabhairt don fhoireann soláthair i ngach gné d'Fheithiclí Paisinéirí Bóthair a sholáthar;
- » Ceadú a fháil ón mBord le haghaidh gach conartha a dhámhtar i leith ceannach Feithiclí Paisinéirí Bóthair ag an Údarás;
- » I gcás seirbhísí ar seoladh próiseas iomaíoch tairisceana ina leith, a chinntiú go gcuirtear socruithe le haghaidh Feithiclí Paisinéirí Bóthair a aistriú chuig an Oibritheoir Iompair ar áireamh mar chroífhóráil i ngach conradh, áit a bhfuil freagrachtaí an Oibritheora i leith bainistíocht sócmhainní leagtha amach go soiléir;
- » I gcás conarthaí dí-rdhámhachtana, a chinntiú go bhfuil comhaontuithe i bhfeidhm le haghaidh Feithiclí Paisinéirí Bóthair a aistriú chuig an Oibritheoir faoi shocruithe léasaithe. Mionsonraítear sna comhaontuithe atá i bhfeidhm na ceanglais chothabhála le haghaidh an fhlít busanna;

- » Soláthraíodh seirbhísí cigireachta feithiclí chun cigireachtaí mionsonraithe a dhéanamh ar Fheithiclí Paisinéirí Bóthair ag iostaí. Tosaíodh ar na cigireachtaí sin a dhéanamh sa bhliain 2020 agus comhaontaíodh clár rollach cigireachtaí leis an soláthraí seirbhíse don bhliain 2021;
- » Tuarascálacha ráithiúla a fháil ó na hoibritheoirí maidir leis na Feithiclí Paisinéirí Bóthair, lena n-áirítear aon fhadhbanna a tháinig chun cinn i ndáil le sócmhainní a oibriú, a chothabháil nó a dheisiú, agus fianaise a fháil gur cuireadh fadhbanna a bhaineann le sócmhainní i láthair ar leithligh laistigh de na tuarascálacha;
- » A chinntiú go bhfuil rialuithe láidre i bhfeidhm maidir le sócmhainní a shainaithint, a thaifeadadh agus a aicmiú, lena n-áirítear clár mionsonraithe sócmhainní seasta a chothabháil, ar clár é a thugtar cothrom le dáta, a réitítear agus a dtugtar tuairisc air gach mí; agus
- » Cosaint sócmhainní a chinntiú trí idirphlé leanúnach a dhéanamh leis na hoibritheoirí iompair maidir le húsáid an fhlíit, lena n-áirítear athbhreithnithe fíorúcháin fisiciúla bliantúla agus deimhnithe ó oibritheoirí iompair maidir le riocht agus stádas an fhlíit, lena gcumhdaítear aon tásca ar bhearnú.

COVID-19

Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar ghníomhaíochtaí an Údaráis sa bhliain 2020, ar lena linn a tháinig laghdú mór ar an éileamh ar sheirbhísí iompair agus a d'oibrigh baill foirne go cianda sa tréimhse ó mhí an Mhárta 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020 agus ar aghaidh go dtí an bhliain 2021. Tugadh rialuithe isteach chun a chinntiú nach mbeadh aon mheath ann sa timpeallacht rialaithe. Áiríodh iad seo a leanas leis na gníomhartha ina leith sin:

- » Cumarsáid thráthrialta a dhéanamh le hoibritheoirí iompair agus le soláthraithe eile seirbhísí don Údarás maidir leis an tionchar a bhí á imirt ag paindéim COVID-19 orthu agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar sin.
- » Trí chumarsáid ón lucht bainistíochta, béim a chur ar fheasacht a mhéadú i measc an lucht bainistíochta agus baill foirne ar an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag paindéim COVID-19 ar an timpeallacht rialaithe.
- » Tacú leis an obair ón mbaile trí threalamh, ardáin agus naisc shlána TF agus tacaí eile foirne a sholáthar chun timpeallacht shlán oibre a chruthú i láithreacha cianda.
- » Córas DocuSign a thabhairt isteach chun síniú/ceadú cianda a éascú i dtimpeallacht shlán.
- » Clár rioscaí a fhorbairt chun na rioscaí a ghabhann le paindéim COVID-19 a shainaithint go sonrach agus na gníomhartha maolaithe atá riachtanach a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
- » Clár rioscaí soláthraithe a thabhairt isteach chun sainaithint a dhéanamh ar aon rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don Údarás i slabhra an tsoláthair.
- » Scrúdú agus measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar an doiciméad 'Léargais OCAG: Tionchar COVID-19 ar do thimpeallacht rialaithe'.
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe le linn na tréimhse chun a chinntiú go raibh siad fós láidir.

- » Athbhreithnithe tráthrialta a bheith á ndéanamh ag an Lucht Bainistíochta, ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ag an mBord.
- » Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna gnó agus ar bhuiséid ghnó, lena n-áirítear riachtanais chistiúcháin.
- » Cumarsáid thráthrialta a dhéanamh leis an Roinn Iompair.

ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACTHACHT

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2020 i mí Feabhra 2021.

SAINCHEISTEANNA RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Seachas na míreanna thuas, níor sainaithníodh sa rialú inmheánach i dtaca leis an mbliain 2020 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais. Réitíodh go sásúil na saincheistean a tarraingíodh anuas sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach don bhliain 2019, mar atá tugtha faoi deara sa Ráiteas sin.

CAITEACHAS TIONSCADAIL AR CHÓRAS BAINISTÍOCHTA DEONTAS

Sa bhliain 2015, chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair tús le córas nua bainistíochta deontas a fhorbairt. Idir na blianta 2015 agus 2020, tabhaíodh costais bhogearraí agus forbartha arbh fhiú €0.3m iad agus tabhaíodh costais inmheánacha bhainistíochta tionscadail arbh fhiú €0.1m iad. Tar éis thabhairt isteach an Phlean Forbartha Náisiúnta 2018 - 2027, tháinig méadú suntasach ar Chlár Caipitil an Údaráis agus ba ghá tuilleadh formhaoirseachta, rialaithe agus tuairiscithe a dhéanamh ar na tionscadail sin. Mar thoradh ar an méadú sin ar ghníomhaíocht agus ar riachtanais bhreise, rinneadh athbhreithniú ar riachtanais an chórais agus cuireadh measúnú roghanna i gcrích. Tar éis an mheasúnaithe sin, chinn an lucht bainistíochta sa bhliain 2020 cur chun feidhme an tionscadail a fhoirceannadh agus, ina ionad sin, an feidhmchlár bainistíochta deontas a bhí ann cheana a athfhorbairt agus a uasghrádú chun go bhféadfaí freastal ar an mbealach is fearr ar cheanglais rialaithe agus faireacháin an Údaráis sa todhchaí.

SÍNITHE THAR CEANN BHORD AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR



An tUas. Fred Barry
Cathaoirleach

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas National Transport Authority

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the National Transport Authority for the year ended 31 December 2020 as required under the provisions of section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended). The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the National Transport Authority at 31 December 2020 and of its income and expenditure for 2020 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the National Transport Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The National Transport Authority has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

Non-effective expenditure

The Authority has disclosed in the statement on internal control that it incurred costs totaling €0.4 million in the period 2015 to 2020 to develop a new grant management system. A decision was made in 2020 to terminate the project and instead to redevelop the existing grant management system. As a result, the Authority's expenditure on development of the new grant management system was ineffective.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

24 June 2021

Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report, the Board members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended)
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended) to audit the financial statements of the National Transport Authority and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the National Transport Authority's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the National Transport Authority to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

Ioncam	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Deontais ón Oireachtas			
Cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	2.1	576,367	293,668
Cistiú don Scém Tacaíochta le haghaidh Oibritheoirí Tráchtála Bus	2.2	32,304	-
Cistiú Infheistíochta Caipitil	2.3	410,271	271,461
Scéimeanna eile iompair	2.4	18,455	17,799
Deontas riaracháin	2	16,018	16,068
Ioncam táillí	3	18,232	24,847
Ioncam Ticéadaithe agus Teicneolaíochta	4	1,402	15,909
Ioncam ceadúnúcháin	5	5,116	6,326
Glanchistiú iarchurtha le haghaidh pinsean	16.3	2,739	2,004
Ioncam eile	6	4,099	6,967
Gnóthachan ar aistriú busanna	18	-	6,205
Ioncam iomlán		1,085,003	661,254

Caiteachas	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Caiteachas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	7	579,096	314,449
Caiteachas ar an Scéim Tacaíochta le haghaidh Oibritheoirí Tráchtála Bus	7.1	32,562	-
Caiteachas Ticéadaithe agus Teicneolaíochta	7.2	25,622	21,426
Caiteachas infheistíochta caipitil	8	349,617	222,883
Caiteachas eile deontais	9	18,977	17,994
Caiteachas eile clár	10	2,551	1,990
Caiteachas ceadúnúcháin	11	3,654	4,408
Baill foirne, baill foirne ar iasacht, agus seirbhísí socrúcháin sheachfhoinisithe	12	18,591	14,551
Costas sochair scoir	15	2,770	2,073
Costais chóiríochta oifige	13	2,649	2,835
Costais eile riaracháin	14	7,169	6,854
Caiteachas iomlán		1,043,258	609,463
Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh Leithreasuithe		41,745	51,791
Aistriú (chuig an)/ón gcuntas caipitil	22	(39,237)	(59,621)
Barrachas/(Easnamh) don bhliain tar éis Leithreasuithe		2,508	7,830
larmhéid a tugadh ar aghaidh ag an 1 Eanáir		(1,023)	(6,807)
larmhéid a tugadh ar aghaidh ag an 31 Nollaig		1,485	1,023

Tá nótaí 1 go 33 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

SÍNITHE THAR CEANN BHORD AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR



An tUas. Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham Uas.
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Dáta: 22 Meitheamh 2021

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		2,508	(7,830)
Ioncam cuimsitheach eile			
Atomhas ar an nglanoibleagáid sochair shainithe	16.2	(7,892)	(9,392)
Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochair scoir	16.2	7,892	9,392
Barrachas/(easnamh) aitheanta iomlán don bhliain		2,508	(7,830)

Tá nótaí 1 go 33 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

SÍNITHE THAR CEANN BHORD AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR



An tUas. Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham Uas.
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Dáta: 22 Meitheamh 2021

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní doláimhsithe	17	25,564	28,457
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	18	237,846	191,501
		263,410	219,958

Sócmhainní Reatha			
Suimeanna infhaighte	19	5,494	8,150
Airgead agus coibhéisí airgid		46,316	39,298
		51,810	47,448
Suimeanna iníoctha: a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	20	(57,180)	(50,816)
Glansócmhainní reatha		(5,370)	(3,368)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		258,040	216,590

Oibleagáidí sochair scoir	16.2	(54,122)	(43,491)
Sócmhainn cistiúcháin iarchurtha sochair scoir	16.2	54,122	43,491
Suimeanna iníoctha a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	21	(300)	(595)
Glansócmhainní iomlána		257,740	215,995

Maoinithe ag			
Cuntas caipitil	22	256,255	217,018
Cúlchistí coinnithe ioncaim		1,485	(1,023)
		257,740	215,995

Tá nótaí 1 go 33 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

SÍNITHE THAR CEANN BHORD AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR



An tUas. Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham Uas.
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Dáta: 22 Meitheamh 2021

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas ioncaim/(easnaimh) thar chaiteachas		2,508	(7,830)
Aistrithe cuntais chaipitil – sócmhainní seasta	22	39,237	59,621
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	17	11,301	9,044
Dímheas réadmhaoin, gléasra agus trealamh	18	22,225	20,243
Coigeartú le haghaidh athaicmiú sócmhainní seasta		255	181
Gnóthachan ar aistriú busanna	18	-	(6,205)
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	14	143	-
Ús bainc (is iníoctha)/is infhaighte		139	103
(Méadú)/laghdú i suimeanna infhaighte		2,657	(3,783)
Méadú i suimeanna iníoctha		6,069	8,222
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		84,534	79,596

Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní doláimhsithe a cheannach	17	(8,678)	(4,417)
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach	18	(68,699)	(80,491)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(77,377)	(84,908)

Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin			
Ús bainc (a íocadh)/a fuarthas		(139)	(103)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin		(139)	(103)

Glanmhéadú in airgead agus i gcoibhéisí airgid sa bhliain	7,018	(5,415)
Airgead agus coibhéisí airgid ag an 1 Eanáir	39,298	44,713
Airgead agus coibhéisí airgid ag an 31 Nollaig	46,316	39,298

Tá nótaí 1 go 33 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

SÍNITHE THAR CEANN BHORD AN ÚDARÁIS Náisiúnta Iompair



An tUas. Fred Barry
Cathaoirleach



Anne Graham Uas.
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Dáta: 22 Meitheamh 2021

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá na boinn chuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an tÚdarás iad leagtha amach thíos.

A) GINEARÁLTA

Tá ceannoifig an Údaráis lonnaithe i nDún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an Údarás córas éifeachtúil, inrochtana agus comhtháite iompair a áirithiú i gceantair thuaithe agus uirbeacha na hÉireann. Tá freagracht ar an Údarás freisin as rialáil a dhéanamh ar sheirbhísí amhail seirbhísí iompair bus poiblí tráchtála agus Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (“SPSV”).

Is eintiteas leasa phoiblí é an tÚdarás.

Is é Euro an t-airgeadra ina gcuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair agus airgeadra feidhmiúil na ráiteas airgeadais seo. Slánaíodh gach suim sna ráitis airgeadais go dtí an €1,000 is gaire.

B) BONN AN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus i gcomhréir le FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Iompair le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

C) AIRGEADRA EACHTRACH

Idirbhearta agus iarmhéideanna

Le linn ráitis airgeadais an Údaráis a ullmhú, déantar idirbhearta in airgeadraí seachas airgeadra feidhmiúil an Údaráis a aithint de réir an spotráta ag dátaí na n-idirbheart nó de réir meánráta i gcás go bhfuil an ráta sin gar don ráta iarbhair ag dáta an idirbhirt. Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar míreanna airgeadúla atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a athaistriú de réir na rátaí is infheidhme ag an dáta sin. Maidir le míreanna neamhairgeadúla a thomhaistear de réir costas stairiúil in airgeadra eachtrach, ní dhéantar iad a athaistriú.

Aithnítear difríochtaí malairte sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn, seachas difríocht malairte i leith ceannach sócmhainní seasta a scaoiltear chuig an Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas thar shaolré na sócmhainne ábhartha.

D) IONCAM

Deontais ón Oireachtas

Aithnítear ioncam sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim ar bhonn fáltas airgid. I gcás go bhfuil coinníoll sonracha a bhaineann le feidhmíocht amach anseo ag gabháil le gné éigin den chistiú, aithnítear an t-ioncam sin nuair a chomhlíontar an coinníoll. Tá mionsonraí faoi na foinsí agus na cineálacha deontais don bhliain 2020 leagtha amach thíos:

Department	Grant Type
Roinn	Cineál Deontais
RI* - Vóta	Deontais reatha - fo-mhírcheann B9.2
RI* - Vóta	Cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí - fo-mhírcheann B7.1
RI* - Vóta	Beartha um thaisteal níos cliste agus iompar inbhuanaithe - fo-mhírcheann B8.1
RI* - Vóta	Sábháilteacht agus forbairt iarnróid throm - fo-mhírcheann B8.2
RI* - Vóta	Bonneagar iompair phoiblí - fo-mhírcheann B8.3
RI* - Vóta	Rothaíocht agus siúl - fo-mhírcheann B8.5
RI* - Vóta	Deontas um thaisteal níos cliste - fo-mhírcheann B8.1
RI* - Vóta	Deontas do scoileanna glasa - fo-mhírcheann B8.4
RI* - Vóta	Deontais Iompair Tuaithe - fo-mhírcheann B7.2
RCS** - Vóta	Cistiú do shaorthaisteal - fo-mhírcheann A38

* An Roinn Iompair (“RI”)

** An Roinn Coimirce Sóisialaí (“RCS”)

Is ionann an cuntas caipitil agus an chuid neamhamúchta den ioncam a úsáideadh chun críocha caipitil. Cistítear sócmhainní seasta as ioncam deontais a aistrítear chuig an gcuntas caipitil agus a amúchtar ar aon dul le hamúchadh sócmhainní doláimhsithe agus le dímhéas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh.

Ceadúnú

Baineann sé seo le hioncam a eascraíonn as ceadúnú feithiclí/tiománaithe, as gníomhaíochtaí measúnachta agus forfheidhmiúcháin maidir le rialáil beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus as ceadúnú seirbhísí bus poiblí tráchtála. Aithnítear ioncam ar bhonn fáltas airgid.

Scéim chárta TFI Leap

Eascraíonn ioncam as athmhúirearú costas oibriúcháin ar na hoibritheoirí iompair atá páirteach i scéim chárta Leap. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhrúithe.

Córais faisnéise taistil

Eascraíonn ioncam as athmhúirearú costas oibriúcháin ar na hoibritheoirí ioncaim a bhaineann tairbhe as an bPleanálaí Turais Náisiúnta agus as Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhrúithe.

Fógraíocht ar scáthláin bhus

Baineann sé seo le hioncam a eascraíonn as spás fógraíochta ar scáthláin bhus a dhíol. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhruithe.

Ioncam ó shaoráidí páirceála cóistí

Baineann sé seo le hioncam a eascraíonn as úsáid na saoráide páirceála cóistí ag oibritheoirí cóistí, de réir na rátaí is infheidhme. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhruithe.

An scéim réigiúnach rothar

Eascraíonn ioncam as rothair a ligean ar fruiliú agus as spás fógraíochta a dhíol. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhruithe.

E) IONCAM TÁILLÍ

Faigheann an tÚdarás ioncam táillí ó bhealaí éagsúla a chuirtear amach ar thairiscint phoiblí a oibriú. Tá ag an Údarás roinnt conarthaí le haghaidh seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a cuireadh amach ar thairiscint oscailte a sholáthar. Áirítear leo sin na seirbhísí sin ar oibrigh Bus Átha Cliath agus Bus Éireann iad roimhe sin mar chuid dá gconarthaí. Is é an tÚdarás, agus ní an t-oibritheoir, a shocraíonn nithe amhail táillí, minicíocht agus sceidealú go fóill. Baineann an tÚdarás úsáid as an ioncam sin agus as cistiú deontais ón Oireachtas chun gníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a chistiú.

Airgead ar Bhord Busanna:

Aithnítear ioncam airgid ag an bpointe díola, arb é an lá ar a soláthraítear an tseirbhís é.

Ioncam ríomhsparáin ó scéim ticéadaithe chomhtháite chárta TFI Leap:

Aithnítear ioncam ríomhsparáin ó scéim ticéadaithe chomhtháite chárta TFI Leap ar an lá ar a soláthraítear an tseirbhís

TaxSaver:

Aithnítear ticéid bhliantúla TaxSaver go cothrom thar na tréimhsí sa bhliain lena mbaineann an táirge.

Ioncam ón Roinn Coimirce Sóisialaí:

Faightear ioncam ón Roinn Coimirce Sóisialaí gach mí agus aithnítear é sa mhí lena mbaineann sé. Ríomhtar na fáлтаis ioncaim ar bhonn an lín phaisinéirí saorthaistil ag táille lascainithe agus faightear iad i riaráiste.

F) ÚS INFHAIGHTE/ÚS INÍOCTHA

Aithnítear ioncam úis nó caiteachas úis ar bhonn fabhruithe.

G) CAITEACHAS DEONTAIS

Déantar caiteachas sa bhliain a aithint ar bhonn na suimeanna a eisíoctar le deontaithe agus ar bhonn na gcostas a thabhaítear le haghaidh tionscadail a gcuireann an tÚdarás chun feidhme go díreach iad.

H) SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

Luaitear sócmhainní doláimhsithe de réir a gcostais stairiúil nó a luachála stairiúla, lúide amúchadh carntha. Muirearaítear amúchadh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim de réir méid cothrom, de réir na rátaí atá leagtha amach thíos, arna ríomh chun díscríobh a dhéanamh ar na sócmhainní arna gcoigeartú

i leith luach iarmharach thar a saolré úsáideach thuartha. Muirearaítear amúchadh bliana iomláine ar shuim iomlán na sócmhainní seasta doláimhsithe uile sa bhliain ina bhfaightear iad, agus ní mhuirearaítear aon amúchadh i mbliain na diúscartha.

Bogearraí córas iompair 10-20% de réir méid cothrom

Déantar luach iarmharach, saolré úsáideach agus modh dímheasa sócmhainní doláimhsithe a athbhreithniú ag deireadh gach bliana airgeadais agus coigeartaítear go hionchasach iad, más cuí.

Maidir le hathruithe i saolré úsáideach thuartha nó patrún tuartha úsáide na sochar eacnamaíoch amach anseo atá ag gabháil leis an tsócmhainn, breithnítear iad chun an tréimhse dímheasa nó an modh dímheasa, de réir mar is cuí, a mhionathrú agus caitear leo mar athruithe i meastacháin chuntasaíochta.

Aithnítear costais forbartha bogearraí mar shócmhainn dholáimhsithe i gcás go dtaispeántar gur comhlíonadh na critéir uile seo a leanas:

- » An fhéidearthacht theicniúil a bhaineann leis na bogearraí a chur i gcrích chun go mbeidh siad ar fáil lena n-úsáid nó lena ndíol;
- » An rún chun na bogearraí a chur i gcrích agus iad a úsáid nó a dhíol;
- » An cumas chun na bogearraí a úsáid nó iad a dhíol;
- » An fháil ar acmhainní leordhóthanacha teicniúla agus airgeadais agus ar acmhainní leordhóthanacha eile chun an fhorbairt a chur i gcrích agus chun na bogearraí a úsáid nó a dhíol; agus
- » An cumas chun an caiteachas atá inchurtha i leith na mbogearraí agus iad á bhforbairt a thomhas ar bhealach iontaofa.

I) RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

Luaitear Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh de réir a gcostais stairiúil nó a luachála stairiúla, lúide dímheas carntha. Muirearaítear dímheas ar an Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim de réir méid cothrom, de réir na rátaí atá leagtha amach thíos, arna ríomh chun díscríobh a dhéanamh ar na sócmhainní arna gcoigeartú i leith luach iarmharach thar a saolré úsáideach thuartha. Muirearaítear dímheas bliana iomláine ar shuim iomlán na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh ar fad sa bhliain ina bhfaightear iad, agus ní mhuirearaítear aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Feabhsuithe réadmhaoine léasaí	5% de réir méid cothrom nó ar aon dul le saolré an léasa
Feithiclí paisinéirí bóthair	8.33% de réir méid cothrom
Crua-earraí córas iompair	10% - 25% de réir méid cothrom
Trealamh oifige	10% i gcás troscáin agus feisteas agus 25% i gcás trealamh ríomhaire, de réir méid cothrom
Bonneagar iompair	6.67%-25% de réir méid cothrom

Déantar luach iarmharach, saolré úsáideach agus modh dímheasa réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a athbhreithniú ag deireadh gach bliana airgeadais agus coigeartaítear go hionchasach iad, más cuí.

Maidir le hathruithe i saolré úsáideach thuartha nó patrún tuartha úsáide na sochar eacnamaíoch amach anseo atá ag gabháil leis an tsócmhainn, breithnítear iad chun an tréimhse dímheasa nó an modh dímheasa, de réir mar is cuí, a mhionathrú agus caitear leo mar athruithe i meastacháin chuntasaíochta.

Tá bonneagar iompair comhdhéanta den chuid is mó de shócmhainní a úsáidtear le haghaidh na scéime réigiúnaí rothar, le haghaidh faisnéis fíor-ama do phaisinéirí agus le haghaidh scáthlín bhus.

J) FEITHICLÍ PAISINÉIRÍ BÓTHAIR

Ón mbliain 2017 i leith, tá an tÚdarás ag fáil busanna chun flít láraithe caighdeánaithe busanna a chothabháil le haghaidh iompar poiblí. Cuirtear na busanna sin ar fáil d'oibritheoirí iompair phoiblí ansin trí shocruithe ceadúnais (táille ríchiosa nialasach) nó trí shocruithe léasa (cíós ainmniúil bliantúil €1 in aghaidh an bhus) chun seirbhísí iompair phoiblí a oibriú thar ceann an Údaráis.

Chinn an tÚdarás go gcomhlíonann na busanna sin an sainmhíniú ar shócmhainn agus go meastar go dtiocfaidh tairbhí eacnamaíocha as na busanna amach anseo, rud a fhágann gur féidir na busanna a aithint mar shócmhainn faoi FRS 102. Cuid lárnach den chinneadh sin is ea go meastar gur eintiteas sochair phoiblí é an tÚdarás, faoi mar atá leagtha amach sna beartais chuntasaíochta. Aithnítear na busanna ar dtús de réir costais nó de réir costas dímhasta tráth a fhaightear iad.

Chinn an tÚdarás freisin nach ionann na socruithe ceadúnais ná na socruithe léasa leis na hoibritheoirí iompair phoiblí agus léas de réir alt 20 de FRS 102. Cuid dhílis den chinneadh sin is ea go gcoimeádann an tÚdarás an ceart sa dá chás chun treoir a thabhairt maidir le conas atá na busanna le húsáid, agus maidir le cén cuspóir a bhfuil na busanna le húsáid lena aghaidh, ar feadh thréimhse iomlán a n-úsáide ag na hoibritheoirí iompair phoiblí.

K) BEARNÚ SÓCMHAINNÍ SEASTA

I gcás go dtugann eachtraí nó athruithe ar imthosca le fios go bhféadfadh nach in-aisghafa a bheadh an tsuim ghlanluacha, déantar athbhreithniú ar shócmhainní seasta i leith bearnú. Déantar suim in-aisghafa aon sócmhainne lena mbaineann a mheas agus a chur i gcomparáid lena suim ghlanluacha. Más ísle an tsuim in-aisghafa mheasta, laghdaítear an tsuim ghlanluacha go dtí a suim in-aisghafa mheasta agus aithnítear caillteanas bearnaithe láithreach sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim.

Is le haghaidh a n-acmhainneachta seirbhíse, agus ní chun brabús airgeadais a thabhairt, a shealbhaítear busanna. Úsáideann an tÚdarás samhail tomhais an chostais athsholáthair dhímhasta chun a mheas cé acu a tharla nó nár tharla aon chaillteanas bearnaithe.

Má aisiompaíonn caillteanas bearnaithe ina dhiaidh sin, méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne go meastachán athbhreithnithe a suime in-aisghafa, ach ní théitear thar an tsuim a chinntí dá mba rud é nach ndearnadh aon chaillteanas bearnaithe a aithint i ndáil leis an tsócmhainn sna blianta roimhe sin. Déantar aisiompú aon chaillteanais bearnaithe a aithint láithreach sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim.

L) SOCHAIR FOSTAITHE

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain. Cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Sochair scoir

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar a luach cóir, a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Údaráis agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair scoir a sholáthar sna tréimhsí cuntasáiochta ina dtuillteann fostaithe iad. Is ar bhonn achtúireach a thomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir, agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid. Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a léirítear gnóthachain achtúireacha nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sochair scoir. Déantar coigeartú comhfhreagrach a aithint sa tsuim atá in-aisghafa ón Stát don scéim neamhchistithe sochair shainithe scoir amháin.

Glacann fostaithe an Údaráis páirt sna scéimeanna pinsean seo a leanas:

- » *Scéim Sochair Shainithe – “Scéim an Údaráis Náisiúnta Iompair”*
Is scéim pinsean tuarastail deiridh lena ngabhann sochair shainithe í Scéim Aoisliúntais Fhoireann an Údaráis Náisiúnta Iompair 2010, agus déantar na sochair agus na ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt do rialacháin scéim “eiseamláireach” na hearnála poiblí. Is scéim neamhchistithe í seo d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí na mball leis an Roinn Iompair. Cuireadh na costais, na dliteanais agus na sócmhainní a bhaineann le hoibriú na scéime seo ar áireamh sa nochtadh i Nótaí 15 agus 16 maidir leis na scéimeanna pinsean sochair shainithe.
- » *Scéim Sochair Shainithe – “An Scéim Aonair”*
Is scéim pinsean meantuarastail sochair shainithe í an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Is scéim pinsean sochair shainithe í seo d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí na mball leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh na costais, na dliteanais agus na sócmhainní a bhaineann le hoibriú na scéime seo ar áireamh sa nochtadh i Nótaí 15 agus 16 maidir leis na scéimeanna pinsean sochair shainithe.
- » *Scéim Ranníocaíochta Sainithe – “Scéim na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid”*
D’aistrigh roinnt fostaithe isteach san Údarás ó Bhonneagar Iompair Éireann (“BIÉ”) i ndiaidh dóibh a bheith ina bhfostaithe de chuid na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid (“RPA”) sular glacadh a gníomhaíochtaí isteach in BIÉ. Is baill iad de Phlean Pinsin agus Árachais Saoil na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid 2003 fós, ar scéim pinsean ranníocaíochta sainithe í. Ní ghlacann an scéim sin le haon iontrálaithe nua. Cistítear sochair phinsin thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe trí bhíthin ranníocaíochtaí an fhostaí agus an fhostóra leis an scéim. Muirearaítear ranníocaíochtaí fostóra ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas de réir mar a thagann siad chun bheith iníoctha. Níl aon sócmhainn phinsin/dliteanas pinsin ag an Údarás maidir leis an scéim seo ós rud é nach bhfuil sé faoi dhliteanas ach amháin i leith na ranníocaíochtaí fostóra atá dlite i leith na bhfostaithe sin.

M) LÉASANNA

Aicmítear léasanna mar léasanna airgeadais nuair a aistrítear leo chuig an Údarás na rioscaí agus na luaíochtaí uile, nach mór, a bhaineann le húinéireacht ar na sócmhainní léasaithe. Aicmítear mar léasanna oibriúcháin na léasanna eile nach n-aistrítear leo chuig an Údarás na rioscaí agus na luaíochtaí uile, nach mór, a bhaineann le húinéireacht ar na sócmhainní léasaithe.

Maidir le sócmhainní a shealbhaítear faoi léas airgeadais, cuirtear ar áireamh iad i ‘réadmhaoín, gléasra agus trealamh’ agus déantar iad a dhímheas agus a athbhreithniú i leith bearnú ar an mbealach céanna is a dhéantar sócmhainní a bhfuil úinéireacht iomlán orthu a dhímheas agus a athbhreithniú.

Mar léasaí

Maidir le híocaíochtaí a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin, aithnítear iad sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim mar chaiteachas thar théarma an léasa de réir méid cothrom.

Mar léasóir

Maidir le híocaíochtaí a fhaightear faoi léasanna oibriúcháin, aithnítear iad sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim mar ioncam thar théarma an léasa de réir méid cothrom.

N) BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHRITICIÚLA CHUNTASAÍOCHTA

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ag dáta an Ráitis faoin Staid Airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhir bheith difriúil leis na meastacháin sin. Meastar na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas a bheith tábhachtach maidir leis an léiriú ar riocht airgeadais an Údaráis:

» *Dímheas agus luachanna iarmharacha*

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach aicme sócmhainne seasta agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

» *Bearnú sócmhainní seasta*

I gcás go dtugann eachtraí nó athruithe ar imthosca le fios go bhféadfadh nach in-aisghafa a bheadh an tsuim ghlanluacha, déantar athbhreithniú ar shócmhainní i leith bearnú.

» *Feithiclí Paisinéirí Bóthair*

Chinn an tÚdarás go gcomhlíonann na busanna sin an sainmhíniú ar shócmhainn agus go meastar go dtiocfaidh tairbhí eacnamaíocha as na busanna amach anseo, rud a fhágann gur féidir na busanna a aithint mar shócmhainn faoi FRS 102. Cuid lárnach den chinneadh sin is ea go meastar gur eintiteas sochair phoiblí é an tÚdarás, faoi mar atá leagtha amach sna beartais chuntasaíochta.

» *Oibleagáid sochair scoir*

Cinntear na toimhdí atá taobh thiar de na luachálacha achtúireacha le haghaidh na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta).

» *Soláthairtí*

Déanann an tÚdarás soláthar d'oibleagáid láithreach (dhlíthiúil nó chuiditheach) mar thoradh ar eachtra ón am atá thart, más dócha go gcuirfear ceangal ar an Údarás an oibleagáid is eol dó a bheith amuigh ag dáta dheireadh na tréimhse a ghlanadh.

O) SUIMEANNA INFHAIGHTE

Tomhaistear suimeanna infhaighte gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt, lena n-áirítear costais idirbhirt, lúide aon bhearnú.

P) AIRGEAD AGUS COIBHÉISÍ AIRGID

Léirítear airgead le hairgead ar láimh agus le taiscí gearrthéarmacha le hinstiitúidí airgeadais. Is ionann coibhéisí airgid agus infheistíochtaí ríleachtacha a aibíonn

tráth nach déanaí ná trí mhí ón dáta fála agus ar féidir iad a chomhshó go réidh ina suimeanna aitheanta airgid lena mbaineann riosca neamhshuntasach go n-athrófaí a luach.

Q) SUIMEANNA INÍOCTHA

Tomhaistear suimeanna iníoctha gearrthéarmacha de réir phraghas an idirbhirt, lena n-áirítear costais idirbhirt, lúide aon bhearnú.

R) IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

Ní théann an tÚdarás isteach ach in idirbhearta bunúsacha ionstraimí airgeadais a bhfuil de thoradh orthu go n-aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais amhail suimeanna infhaighte trádála agus eile agus suimeanna iníoctha trádála agus eile.

Maidir le hionstraimí fiachais (seachas iad sin atá in-aisíoctha go hiomlán nó infhaighte go hiomlán laistigh de bhliain amháin), lena n-áirítear iasachtaí agus cuntais infhaighte eile agus cuntais iníoctha eile, déantar iad a thomhas ar dtús de réir luach láithreach na sreafaí airgid sa todhchaí agus ina dhiaidh sin de réir an chostais amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis éifeachtaigh. Is de réir shuim neamhlascainithe an airgid nó na comaoine eile a meastar go n-íocfar nó go bhfaighfear é/í a thomhaistear ionstraimí fiachais atá iníoctha nó infhaighte laistigh de bhliain amháin ar dtús nó ina dhiaidh sin. Is suimeanna iníoctha trádála agus suimeanna infhaighte trádála iad de ghnáth. Mar sin féin, más ionann socruithe aon ionstraime gearrthearmaí agus idirbheart airgeadais, amhail fiachas trádála a iarchuireadh thar ghnáth-thearmaí gnó nó a mhaoinítear ag ráta úis nach ráta margaidh é a íoc, nó i gcás iasacht ghearrthéarmach ghlan nach bhfuil ag ráta margaidh, tomhaistear an tsócmhainn airgeadais nó an dliteanas airgeadais ar dtús de réir luach láithreach an tsreafa airgeadais sa todhchaí, arna lascainiú ag ráta margaidh úis le haghaidh ionstraim fiachais den chineál céanna, agus tomhaistear é/í ina dhiaidh sin de réir costas amúchta.

Maidir le sócmhainní airgeadais a thomhaistear de réir a gcostais agus a gcostais amúchta, measúnaítear iad ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe le haghaidh fianaise oibiachtúil ar bhearnú. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim.

S) SOLÁTHAIRTÍ DO DHLITEANAS

Aithnítear soláthairtí i gcás go bhfuil oibleagáid láithreach (dhlíthiúil nó chuiditheach) ar an Údarás mar thoradh ar eachtra ón am atá thart, más dócha go gcuirfear ceangal ar an Údarás an oibleagáid a ghlanadh agus gur féidir meastachán réasúnach a dhéanamh de shuim na hoibleagáide.

Is é an tsuim a aithnítear mar sholáthar an meastachán is fearr ar an gcomaoin atá riachtanach chun an oibleagáid láithreach a ghlanadh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, agus aird á tabhairt ar na rioscaí agus na héiginnteachtaí a bhaineann leis an oibleagáid.

I gcás gurb ábhartha atá an éifeacht atá ag amluach an airgid, aithnítear an tsuim a mheastar a bheith riachtanach chun an oibleagáid a ghlanadh a aithint de réir luach láithreach trí ráta lascaine réamhchánach a úsáid. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim sa tréimhse ina dtagann sé chun cinn.

T) ATHAICMIÚ NA BHFIGIÚIRÍ Ó THRÉIMHSÍ ROIMHE

Coigeartaíodh figiúirí comparáideacha ó thréimhsí roimhe i gcás gur cuí déanamh amhlaidh chun inchomparáideacht a éascú.

2. DEONTAIS ÓN OIREACHTAS

Aithníodh na deontais seo a leanas mar ioncam de réir bheartas cuntasáiochta 1(d):

	Nóta	2020 €'000	2019 €'000
An Roinn Iompair (“RI”)			
Cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	2.1	576,171	293,583
Cistiú don Scéim Tacaíochta le haghaidh Oibritheoirí Tráchtála Bus	2.2	32,304	-
Cistiú infheistíochta caipitil	2.3	410,271	271,461
Scéimeanna eile iompair	2.4	16,955	16,299
Deontas riaracháin		16,018	16,068
		1,051,719	597,411

	Note	2020 €'000	2019 €'000
An Roinn Coimirce Sóisialaí (“RCS”)			
Scéimeanna eile iompair	2.4	1,500	1,500
Cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	2.1	196	85
		1,053,415	598,996

Tá an deontas Riaracháin €16.018m luaite glan ar ranníocaíochtaí sochair scoir ó fhostaithe dar luach €0.494m, ar €0.269m a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Iompair (i leith scéim sochair scoir fhoireann an Údaráis) agus ar €0.225m a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na scéime sochair scoir seirbhíse poiblí aonair).

2.1 DEONTAIS ÓN OIREACHTAS - CISTIÚ OIBLEAGÁIDE SEIRBHÍSE POIBLÍ

Tarraingítear cistiú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí anuas ón Roinn Iompair faoi fho-mhírcheann B7 – Íocaíochtaí chun Seirbhísí Poiblí a Sholáthar – agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí faoi fho-mhírcheann A38.

	Roinn	Fo-mhírcheann	2020 €'000	2019 €'000
Iarnród Éireann	DoT	B7.1	239,280	128,370
Bus Átha Cliath	DoT	B7.1	133,432	57,703
Bus Éireann	DoT	B7.1	101,110	67,186
Bealaí bus a cuireadh amach ar tairiscint	DoT	B7.1	43,766	26,315
Luas	DoT	B7.1	30,172	-
Ticéadú agus Teicneolaíocht	DoT	B7.1	16,249	-
Gníomhaíochtaí díreacha an Údaráis	DoT	B7.1	12,162	14,009
Saorthaisteal	DSP	A38	196	85
			576,367	293,668

2.2 CISTIÚ DON SCÉIM TACAÍOCHTA LE HAGHAIDH OIBRITHEOIRÍ TRÁCHTÁLA BUS

	2020 €'000	2019 €'000
Dír-Dhámhachtainí	23,223	-
Deontais De Minimis	3,081	-
	32,304	-

Mar thoradh ar thionchar na paindéime, soláthraíodh tacaíocht shealadach éigeandála airgeadais d'oibritheoirí tráchtála bus tríd an deontas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ar mhaithe le hoibriú leanúnach seirbhísí bunriachtanacha ceadúnaithe bus a chinntiú in Éirinn.

2.3 DEONTAIS ÓN OIREACHTAS - CISTIÚ INFHEISTÍOCHTA CAIPITIL

Tarraingítear cistiú infheistíochta caipitil anuas ón Roinn Iompair faoi fho-mhírcheann B8 - An Clár Infheistíochta Iompair Phoiblí - agus faoi fho-mhírcheann B6 - Laghdú Carbóin.

	2020 €'000	2019 €'000
B8.1 Iompar Uirbeach Inbhuanaithe	27,706	12,765
B8.2 Sábháilteacht agus Forbairt Iarnróid Throm	91,834	74,398
B8.3 Bonneagar Iompair Phoiblí	208,908	157,116
B8.6 Rothaíocht agus Siúl	81,671	26,823
B6 Laghdú Carbóin	152	359
	410,271	271,461

2.4 DEONTAIS ÓN OIREACHTAS - SCÉIMEANNA EILE IOMPAIR

Riarann an tÚdarás roinnt scéimeanna eile thar ceann na Roinne Iompair agus na Roinne Coimirce Sóisialaí. Tá an cistiú deontais a fuarthas léirithe thíos:

	Roinn	Fo-mhírcheann	2020 €'000	2019 €'000
Iompar Tuaithe	DoT	B7.2	14,996	14,402
Scoileanna Glasa	DoT	B8.4	1,464	1,451
Taisteal Níos Cliste	DoT	B8.1	495	446
			16,955	16,299

Iompar Tuaithe	DSP	A38	1,500	1,500
			18,455	17,799

3. IONCAM TÁILLÍ

	2020 €'000	2019 €'000
Bealaí bus a cuireadh amach ar tairiscint	13,669	18,628
Ioncam ó RCS – Saorthaisteal	3,035	4,428
Seirbhísí Tráthrialta Tuaithe	1,071	1,225
Seirbhísí atá Freagrúil don Éileamh i Limistéir Thuaithe	457	566
	18,232	24,847

4. TICÉADÚ AGUS TEICNEOLAÍOCHT

	2020 €'000	2019 €'000
Táillí oibritheoirí iompair faoi scéim chárta Leap	731	12,549
Ioncam ó cártaí mic léinn Leap	662	928
Costais Chóras Faisnéise Taistil a aisghabhadh ó oibritheoirí	9	2,432
	1,402	15,909

I mblianta roimhe, athmhuireachaíodh costais oibriúcháin scéim chárta Leap ar na hoibritheoirí iompair a bhí páirteach i scéim chárta Leap. Sa bhliain 2020, ba tríd an deontas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a cistíodh costais oibritheoirí Luas agus Chóras Iompair Éireann. Cuireadh athmhuireachaíodh costais oibriúcháin ar oibritheoirí tráchtála bus ar fionraí de bharr thús phaindéim Covid-19.

5. IONCAM CEADÚNÚCHÁIN

	2020 €'000	2019 €'000
Táillí ceadúnúcháin bheagfheithiclí seirbhíse poiblí	3,062	4,294
Táillí ceadúnúcháin tiománaithe beagfheithiclí seirbhíse poiblí	1,800	1,086
Ioncam eile ó bheagfheithiclí seirbhíse poiblí	136	629
Ioncam ceadúnúcháin bhus	74	199
Ioncam a bhaineann le comhlíonadh beagfheithiclí seirbhíse poiblí	44	118
	5,116	6,326

6. IONCAM EILE

	2020 €'000	2019 €'000
Fógraíocht ar scáthlín bhus	3,975	6,290
An scéim réigiúnach rothar - urraíocht, síntiúis agus fruilíú	60	539
Ioncam eile	56	100
Ioncam ó Shaoráidí Páirceála Cóistí	8	38
Ús bainc a fuarthas	-	-
	4,099	6,967

7. CAITEACHAS OIBLEAGÁIDE SEIRBHÍSE POIBLÍ

	2020 €'000	2019 €'000
Iarnród Éireann	239,280	128,370
Bus Átha Cliath	133,432	57,703
Bus Éireann	101,110	67,186
Costais bhealaí bus a cuireadh amach ar tairiscint	62,127	46,016
Luas	30,172	-
Costais Tacaíochta Oibleagáide Seirbhíse Poiblí	6,543	8,337
Pearsanra agus forchostais ghaolmhara	5,338	5,755
Dímheas	1,094	1,082
	579,096	314,449

Déanann an tÚdarás íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí atá riachtanach ón taobh sóisialta de ach nach bhfuil inmharthana ó thaobh na tráchtála de a sholáthar. Déanann an tÚdarás na híocaíochtaí sin ó airgead a sholáthraíonn an tOireachtas dó tríd an Roinn Iompair.

Bealaí bus a cuireadh amach ar tairiscint

Tá ag an Údarás roinnt conarthaí le haghaidh seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a cuireadh amach ar thairiscint oscailte a sholáthar. Áirítear leo sin na seirbhísí sin ar oibrigh Bus Átha Cliath agus Bus Éireann iad roimhe sin mar chuid dá gconarthaí. Is é an tÚdarás, agus ní an t-oibritheoir, a shocraíonn nithe amhail táillí, minicíocht agus sceidealú go fóill. Áirítear leis na figiúirí thuas costais a bhaineann le seirbhísí sceidealaithe leanúnacha Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a oibriú agus a sholáthar ar bhealaí tuaithe – atá brandáilte mar Nasc Áitiúil.

7.1 CAITEACHAS AR AN SCÉIM TACAÍOCHTA LE HAGHAIDH OIBRITHEOIRÍ TRÁCHTÁLA BUS

	2020 €'000	2019 €'000
Dír-Dhámhachtainí Eile	29,223	-
Deontais De Minimis	3,081	-
Costais Tacaíochta Oibritheoirí Tráchtála Bus	258	-
	32,562	-

Mar thoradh ar thionchar na paindéime, soláthraíodh tacaíocht shealadach éigeandála airgeadais d'oibritheoirí tráchtála bus tríd an deontas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ar mhaithe le hoibriú leanúnach seirbhísí bunriachtanacha ceadúnaithe bus a chinntiú in Éirinn.

7.2 CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN TICÉADAITHE AGUS TEICNEOLAÍOCHTA

<i>Caiteachas oibriúcháin</i>		2020 €'000	2019 €'000
Caiteachas ar scéim chárta Leap	Note 7.3	16,673	12,685
Caiteachas ar an gCóras Faisnéise Taistil		2,256	2,157
TFI Go		8	-
		18,937	14,842

Dímheas	6,685	6,584
	25,622	21,426

Tosaíodh ar an aip mhóibíleach 'TFI Go' a thriail sa bhliain 2020. Leis an aip, cumasaítear do dhaoine a bhfón a úsáid chun ticéid a cheannach go díreach le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí in Éirinn. Mar chuid den triail, is féidir le paisinéirí 10 dticéad turais a cheannach d'aosaigh agus do mhic léinn ar bhealach 133 Bhus Éireann idir Cill Mhantáin agus Baile Átha Cliath.

7.3 CAITEACHAS AR SCÉIM CHÁRTA LEAP

	2020 €'000	2019 €'000
Costais oibritheoirí díreacha	8,914	9,312
Costais Phearsanra	3,837	2,356
Coimisiúin	3,106	-
Costais eile riaracháin	816	1,017
	16,673	12,685

I mblianta roimhe, athmhuireachaíodh na costais oibriúcháin uile ar na hoibritheoirí iompair a bhí páirteach i scéim chárta Leap. Sa bhliain 2020, ba go díreach tríd an deontas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a cistíodh na costais a athmhuireachaíodh roimhe sin ar oibritheoirí iompair atá faoi úinéireacht an Stáit. Ba go díreach ar oibritheoirí a leithdháileadh costais choimisiúin don scéim. Mar sin, níor aithin an tÚdarás na costais choimisiúin sin mar chostais roimhe sin. Ós rud é go bhfuil an costas iomlán á chistiú anois trí dheontais Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, tá costais choimisiúin ar fiú €3.1m iad taifeadta i ráitis airgeadais an Údaráis den chéad uair riamh (2019: €5.5m).

8. CAITEACHAS INFHEISTÍOCHTA CAIPITIL

		2020 €'000	2019 €'000
Mórtionscadail chaipitil			
Bonneagar Iompair Éireann		63,179	53,689
Bus Éireann		1,022	1,527
Iarnród Éireann		89,535	73,002
Bus Átha Cliath		2,771	4,032
		156,507	132,250

Cistiú deontais iompair le haghaidh Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath	Note 8.1	73,311	25,590
Caiteachas eile ar thabhaigh an tÚdarás go díreach é	Note 8.1	75,677	44,125
Cistiú deontais le haghaidh iompar réigiúnach	Note 8.1	37,786	13,976
Cistiú le haghaidh scéimeanna inrochtaineachta		6,150	6,709
Laghdú carbóin		186	233
		349,617	222,883

Ba iad seo na mórtionscadail chaipitil a cistíodh agus a cuireadh ar áireamh i gcaiteachas infheistíochta caipitil:

	2020 €'000	2020 €'000	2019 €'000	2019 €'000
Bonneagar Iompair Éireann				
Acmhainn Líne Uaine Luas a bhreisiú	26,518		22,350	
MetroLink	26,637		14,783	
Athchóiriú tramanna	1,872		10,477	
Luas Traschathrach	3,873		5,423	
Tionscadail eile	4,142		573	
Bonneagar Líne Uaine Luas a uasghrádú	137	63,179	83	53,689

Bus Éireann				
Busanna nua	216		922	
Tionscadail eile	806	1,022	605	1,527
Iarnród Éireann				
Carranna Iarnróid Idirchathrach nua	16,029		39,828	
An díon ar stáisiún Shráid an Phiarsaigh a athnuachan	2,494		10,465	
Athchomharthaíocht lár na cathrach	5,748		7,062	
Lár-rialú tráchta	16,554		6,046	
Eispéireas an chustaiméara agus ticéadú a fheabhsú	1,615		3,552	
Bealaí agus Acomhail a bhreisiú	176		2,241	
DART+	15,780		1,462	

Tionscadail eile	587		1,006	
Clár na gcarrchlós	1,178		1,002	
Clár na n-uasghráduithe stáisiúin	12,624		338	
Cothabháil iarnróid throm	16,750	89,535	-	73,002

Bus Átha Cliath				
Busanna nua	2,481		4,032	
Tionscadail eile	290	2,771	-	4,032
		156,507		132,250

8.1 CISTIÚ DEONTAIS IOMPAIR LE HAGHAIDH MHÓRLIMISTÉAR BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS TIONSCADAIL EILE

<i>Cistiú deontais iompair le haghaidh Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath</i>	2020 €'000	2019 €'000
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	24,521	15,956
Comhairle Contae na Mí	8,617	2,712
Comhairle Contae Fhine Gall	4,926	2,292
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	8,571	1,759
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	19,742	1,413
Comhairle Contae Chill Dara	2,297	752
Comhairle Contae Chill Mhantáin	3,877	399
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath	471	120
An Taisce	125	125
Córas Iompair Éireann	164	-
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	-	62
	73,311	25,590

<i>Caiteachas eile ar thabhaigh an tÚdarás go díreach é</i>		
Dímheas	24,744	20,425
BusConnects	35,544	12,151
Pearsanra agus forchostais ghaolmhara	6,878	3,724
Tacaíocht theicniúil	2,768	2,105
Ticéadú agus Teicneolaíocht Faisnéise Taistil	1,662	1,610
DART+	621	1,296
Forbairt córas eile	381	1,189
Samhlacha iompair	786	1,113
Clár cothabhála cuailí agus scáthlán bus	539	367
MetroLink	824	145
Páirceáil agus taisteal	520	-
Scéimeanna poiblí rothar	410	-

	75,677	44,125
<i>Cistiú deontais le haghaidh iompar réigiúnach</i>		
Comhairle Cathrach Chorcaí	12,131	6,809
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	4,640	3,497
Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	9,636	1,723
Comhairle Contae Chorcaí	2,672	1,328
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	4,816	573
Iarnród Éireann	1,455	-
Comhairle Contae Chill Chainnigh	758	-
Comhairle Contae Lú	585	-
Comhairle Contae Chiarraí	364	-
Comhairle Contae Cheatharlach	235	-
Comhairle Contae an Chláir	291	-
Comhairle Contae Shligigh	72	-
Comhairle Contae Thiobraid Árann	53	-
Bonneagar Iompair Éireann	78	46
	37,786	13,976

Le linn na tréimhse, úsáideadh deontais infheistíochta caipitil ón Oireachtas freisin chun breiseanna a chistiú i leith réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus i leith sócmhainní doláimhsithe, go háirithe feithiclí paisinéirí bóthair, mar atá leagtha amach i nótaí 17 agus 18.

9. CAITEACHAS EILE DEONTAIS

	2020 €'000	2019 €'000
Caiteachas ar an gClár Iompair Tuaithe	16,896	15,960
Dímheas faoin gClár Iompair Tuaithe	111	142
Caiteachas ar chlár na scoileanna glasa	1,465	1,451
Caiteachas ar Chláir Thaistil Níos Cliste	485	422
Dímheas faoi Chláir Thaistil Níos Cliste	20	19
	18,977	17,994

10. CAITEACHAS EILE CLÁR

	2020 €'000	2019 €'000
Caiteachas ar scáthlái bhus	1,025	257
Dímheas ar phainéil dhigiteacha Scáthlái Bus	212	212
Caiteachas ar an scéim réigiúnach rothar	1,160	1,378
Caiteachas ar shaoráidí páirceála cóistí	154	143
	2,551	1,990

11. CAITEACHAS CEADÚNÚCHÁIN

	2020 €'000	2019 €'000
Costais a bhaineann le comhlíonadh beagfheithiclí seirbhíse poiblí	1,013	1,087
Costais riaracháin bheagfheithiclí seirbhíse poiblí	839	953
Costais cheadúnúcháin bheagfheithiclí seirbhíse poiblí	454	767
Costais cheadúnúcháin tiománaithe beagfheithiclí seirbhíse poiblí	562	647
Pearsanra agus forchostais ghaolmhara	294	518
Ceadúnú beagfheithiclí seirbhíse poiblí – costais chumarsáide	274	359
Teanntáil Feithiclí	198	54
Costais cheadúnúcháin bhus	20	23
	3,654	4,408

12. BAILL FOIRNE, BAILL FOIRNE AR IASACHT, AGUS SEIRBHÍSÍ SOCRÚCHÁIN SHEACHFHOINSITHE

	2020 €'000	2019 €'000
<i>Costais phearsanra</i>		
Pá, tuarastail agus costais foirne	11,182	7,702
Seirbhísí socrúcháin sheachfhoinsithe	6,613	5,865
Baill foirne ar iasacht agus sannaithe ón earnáil phoiblí	306	584
Earcaíocht agus oiliúint	360	271
Táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird agus na gCoistí	130	129
	18,591	14,551

Leithdháiltear seirbhísí socrúcháin sheachfhoinsithe agus costais ghaolmhara ar aonaid ghnó an Údaráis ar bhonn shocrúcháin sheachfhoinsithe dhíreacha an aonaid ghnó. Áirítear leis na costais thuas na socrúcháin sheachfhoinsithe sin i ról riaracháin lárnaigh, lena n-áirítear soláthar, airgeadas, acmhainní daonna agus teicneolaíocht faisnéise. Is ar riarachán lárnach a leithdháiltear costais fostaithe agus costais bhall foirne ar iasacht.

Baineann an tÚdarás leas as roinnt socrúcháin sheachfhoinsithe chun gníomhaíochtaí gnáthghnó a meastar gur cuid dhílis d'obair an Údaráis iad a chur i gcrích agus a fhorlíonadh. Úsáideann an tÚdarás socrúcháin sheachfhoinsithe freisin le haghaidh ról thionscadalbhunaithe nach bhfuil gá buan leo chun a chinntiú go bhfuil dóthain solúbthachta agus acmhainne ann chun tionscadail straitéiseacha a chur i gcrích. Ag deireadh na bliana, bhí 86 socrúcháin sheachfhoinsithe ag an Údarás i bpoist ina gcuirtear gníomhaíochtaí gnáthghnó i gcrích (2019: 129) agus bhí 87 socrúcháin sheachfhoinsithe aige i ról thionscadalbhunaithe (2019: 64).

Baill foirne ar iasacht ón earnáil phoiblí

Sa bhliain 2020, níor cuireadh aon chostais bhall foirne ar iasacht go díreach ar thionscadail (2019: €Nialas) agus níor caipitlódh aon chostais ina leith sin (2019: €Nialas). D'aistrigh beirt bhall foirne ar iasacht isteach san Údarás mar fhostaithe le linn na bliana (2019: duine amháin).

Costais chaipitlithe fostaithe

Níor caipitlódh aon chostais fostaithe sa bhliain airgeadais (2019: €Nialas).

12.1 PÁ, TUARASTAIL AGUS COSTAIS FOIRNE

a) Sochair chomhiomlána fostaithe

	2020 €'000	2019 €'000
Sochair ghearrthéarmacha foirne	10,203	7,017
Sochair foirceanta	-	-
ÁSPC ón bhFostóir	979	685
	11,182	7,702

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh faoi Scéim an Údaráis Náisiúnta Iompair sa tréimhse ar áireamh sna figiúirí thuas.

b) Sochair ghearrthéarmacha foirne

	2020 €'000	2019 €'000
Bunphá	10,136	6,945
Liúntais	67	72
	10,203	7,017

c) Ní raibh aon sochair foirceanta, aon sochair fhadtéarmacha eile ná aon idirbhearta íocaíochta scairbhunaithe ann le linn na bliana (2019: €Nialas).

12.2 FOSTAITHE AGUS BAILL FOIRNE AR IASACHT ÓN EARNÁIL PHOIBLÍ

	2020	2019
<i>An líon foirne ag deireadh na bliana, ar bhonn coibhéise lánaimseartha:</i>		
Fostaithe	161	127
Baill foirne ar iasacht agus sannaithe ón earnáil phoiblí	2	4
	163	131

12.3 AN PRÍOMHPHEARSANRA BAINISTÍOCHTA

Cuimsíonn an príomhphearsanra bainistíochta san Údarás na comhaltaí Boird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir um Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha, an Stiúrthóir um Pleanáil agus Infheistíocht Iompair, an Príomhoifigeach Faisnéise, an Stiúrthóir um Rialáil Iompair Phoiblí, an Stiúrthóir um Theicneolaíocht Iompair Phoiblí, agus an Stiúrthóir um Sheirbhísí Iompair Phoiblí. Tá an cúiteamh a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta an Údaráis ó dháta ceapacháin na bpearsana i leith leagtha amach thíos:

	2020 €'000	2019 €'000
Bunphá	1,012	752
Liúntais	-	77
	1,012	829

Ceapadh an Príomhoifigeach Faisnéise i mí na Bealtaine 2019.

Ceapadh an Stiúrthóir um Rialáil Iompair Phoiblí i mí na Nollag 2019.

Ceapadh an Stiúrthóir um Theicneolaíocht Iompair Phoiblí i mí an Mhárta 2020.

Ní raibh aon sochair foirceanta, aon sochair iarfhostaíochta, aon sochair fhadtéarmacha eile ná aon idirbhearta íocaíochta scairbhunaithe ann le linn na bliana (2019: €Nialas).

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh sna figiúirí thuas.

12.4 PRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

Bhí pacáiste luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don tréimhse airgeadais mar a leanas:

	2020 €'000	2019 €'000
Bunphá - A. Graham Uas.	187	111
Liúntais	-	77
	187	188

Chuaigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin isteach san Údarás an 16 Nollaig 2019. Roimh an dáta sin, bhí an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar iasacht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh sna figiúirí thuas. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina bhall de Scéim an Údaráis Náisiúnta Iompair.

12.5 MIONDEALÚ AR SHOCHAIR GHEARRTHÉARMACHA FOSTAITHE AGUS BHALL FOIRNE AR IASACHT ÓN EARNÁIL PHOIBLÍ

Déantar sochair ghearrthéarmacha ar fiú níos mó ná €60,000 iad a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

<i>Raon</i>		<i>An líon pearsana</i>	
Ó	Go	2020	2019
€60,000	€69,999	30	26
€70,000	€79,999	32	12
€80,000	€89,999	14	15
€90,000	€99,999	5	6
€100,000	€109,999	7	3
€110,000	€119,999	3	1
€120,000	€129,999	-	-

€130,000	€139,999	-	2
€140,000	€149,999	4	1
€150,000	€159,999	-	2
€160,000	€169,999	2	-
€170,000	€179,999	-	-
€180,000	€189,999	1	1

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, áirítear iad seo a leanas le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a íocadh i leith seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe: tuarastal; liúntais ragoibre; agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí. Ní áirítear ÁSPC ón bhfostóir leo, áfach.

13. COSTAIS CHÓIRÍOCHTA OIFIGE

	2020 €'000	2019 €'000
Cóiríocht	2,376	2,221
Deisiúcháin agus cothabháil	131	323
Soilsiú agus teas	82	141
Glantachán	60	150
	2,649	2,835

14. COSTAIS EILE RIARACHÁIN

	2020 €'000	2019 €'000
Caiteachas TFC	3,769	2,673
Dímheas	662	593
Dlí agus dlíthíocht	567	1,245
Fógraíocht agus cur chun cinn	494	176
Táillí seirbhísí gairmiúla	531	894
Táillí iniúchóireachta inmheánaí	251	121
Muirir bhainc agus ús bainc	187	167
Teileafón agus Idirlíon	155	239
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta	143	-
Árachas	78	54
Táillí iniúchóireachta seachtraí	69	78
Speansais ghinearálta	63	297
Priontáil, postas agus páipéarachas	56	155
Leabharlann agus síntiúis	50	24
Speansais chruinnithe *	48	27
Taisteal, cothú agus fáilteachas	46	111
	7,169	6,854

* Tabhaíodh suim €3k (2019: €3k), a muirearaíodh ar speansais chruinnithe, i leith cruinniú Boird a thionól lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

15. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

Tá anailís déanta thíos ar na costais iomlána sochair scoir a muirearaíodh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim:

	2020 €'000	2019 €'000
<i>Scéim pinsean sochair shainithe - Scéim an Údaráis Náisiúnta Iompair agus an Scéim Aonair</i>		
Costais seirbhíse reatha	2,686	1,728
Ús ar dhliteanais scéime pinsean	519	605
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe plean	(494)	(318)
	2,711	2,015

<i>Scéim ranníocaíochta sainithe - Scéim na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród</i>		
Ranníocaíochtaí ón bhfostóir	59	58
	2,770	2,073

16. TUAIRISC GHINEARÁLTA AR NA SCÉIMEANNA SOCHAIR SHAINITHE

Scéim an Údaráis Náisiúnta Iompair

Is scéim tuarastail deiridh de chuid na seirbhíse poiblí lena ngabhann sochair shainithe agus teidlíochtaí caighdeánacha í seo. De réir na rialachán maidir leis an scéim earnála poiblí, soláthraítear leis an scéim seo pinsean a ríomhtar de réir ráta is comhionann le haon ochtódú den tuarastal deiridh le haghaidh gach bliana de sheirbhís inphinsin ag an dáta scoir. Is infheidhme freisin aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana de sheirbhís inphinsin) agus pinsin chéile agus leanaí.

An Scéim Aonair

Is scéim meántuarastail de chuid na seirbhíse poiblí lena ngabhann sochair shainithe agus teidlíochtaí caighdeánacha í seo. De réir na rialachán maidir leis an scéim earnála poiblí, soláthraítear leis an scéim seo pinsean a ríomhtar de réir ráta is comhionann le haon ochtódú den mheántuarastal le haghaidh gach bliana de sheirbhís inphinsin ag an dáta scoir. Is infheidhme freisin aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana de sheirbhís inphinsin) agus pinsin chéile agus leanaí.

16.1 TOIMHDÍ ACHTÚIREACHA

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a ndearna achtúire cáilithe neamhspleách í i mí Eanáir 2021, agus cuirtear ceanglais FRS 102 san áireamh inti chun na dliteanais scéime ag an 31 Nollaig 2020 a mheas. Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha ag an 31 Nollaig:

	2020 ¹	2019 ²
Ráta lascaíne	0.80% sa bhliain	1.20% sa bhliain
Méaduithe tuartha amach anseo i dtuarastal inphinsin	2.50% sa bhliain	2.50% sa bhliain
Méaduithe tuartha amach anseo i bpinsean	2.00% sa bhliain	2.00% sa bhliain
Méaduithe tuartha i bpinsean stáit	1.50% sa bhliain	1.50% sa bhliain
Méadú san Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí	1.50% sa bhliain	1.50% sa bhliain

¹Úsáidtear na rátaí don bhliain 2020 mar bhonn le haghaidh an Oibleagáid Sochair larchurtha ag an 31 Nollaig 2020 agus costais seirbhíse reatha agus an t-ús ar dhliteanais scéime pinsean don bhliain 2021 a ríomh.

²Úsáidtear na rátaí don bhliain 2019 mar bhonn le haghaidh an Oibleagáid Sochair larchurtha ag an 31 Nollaig 2019 agus costais seirbhíse reatha agus an t-ús ar dhliteanais scéime pinsean don bhliain 2020 a ríomh.

Déantar leis an ráta mortlaíochta soláthar follasach d'fheabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, a fhágann go mbeidh an t-ionchas saoil tráth an scoir ag brath ar an mbliain ina mbainfidh an ball aois scoir amach. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil atá fágtha do bhaill a bhainfidh 65 bliain d'aois amach sna blianta 2020 agus 2040:

Bliain ina mbainfear 65 bliain d'aois amach	2020	2040
Ionchas saoil – fear	21.7	24.0
Ionchas saoil – bean	24.1	26.1

16.2 GLUAISEACHT SA GHLANOIBLEAGÁID SOCHAIR SCOIR LE LINN NA BLIANA AIRGEADAIS

	2020 €'000	2019 €'000
Glanoibleagáid sochair scoir ag an 1 Eanáir	(43,491)	(32,095)
Costais seirbhíse reatha	(2,686)	(1,728)
Costais úis	(519)	(605)
Pinsin a íocadh sa bhliain	466	329
Atomhas ar an nglanoibleagáid sochair shainithe - gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	(7,892)	(9,392)
Glanoibleagáid sochair scoir ag an 31 Nollaig	(54,122)	(43,491)

Thabhaigh an tÚdarás caillteanas achtúireach €7.9m sa bhliain 2020 (2019: caillteanas €9.4m), go príomha mar gheall ar athruithe i mballraíocht na scéime (€2.9m) (2019: €4.6m) agus ar athruithe i dtoimhdí achtúireacha (€5m) (2019: €4.8m).

16.3 CISTIÚ IARCHURTHA LE HAGHAIDH SOCHAIR SCOIR

Aithníonn an Bord suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas neamhchistithe iarchurtha sochair shainithe le haghaidh pinsean ar bhonn an tacair thoimhdí atá leagtha amach i nóta 16.1 thuas agus ar bhonn roinnt eachtraí san am atá thart. Áirítear leis na heachtraí sin an bonn reachtúil don scéim pinsean a bhunú agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas cistiúcháin sin le freastal ar shuimeanna den sórt sin i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Is mar a leanas atá an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim:

	2020 €'000	2019 €'000
Cistiú is in-aisghafa i leith chostais sochair scoir na bliana reatha	3,205	2,333
Deontas stáit a úsáideadh chun sochair scoir a íoc	(466)	(329)
	2,739	2,004

16.4 STAIR NA N-OIBLEAGÁIDÍ SOCHAIR SHAINITHE

	2020 €'000	2019 €'000	2018 €'000	2017 €'000	2016 €'000
Oibleagáidí sochair shainithe	54,122	43,491	32,095	30,910	23,135
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ar oibleagáidí sochair shainithe	(7,892)	(9,392)	467	(6,059)	(3,981)
Mar chéatadán de na dliteanais scéime	14.6%	21.6%	1.5%	19.6%	17.2%

17. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

	Sócmhainní doláimhsithe atá á dtógáil €'000	Transport infrastructure software €'000	Transport systems software €'000	Office equipment software €'000	Total €'000
Costas					
Ag an 1 Eanáir 2020	2,782	577	90,034	1,171	94,564
Breiseanna sa bhliain	7,122	-	1,278	278	8,678
Aistrithe sócmhainní atá á dtógáil	(432)	-	305	-	(127)
Diúscairtí sa bhliain	-	(265)	(347)	(362)	(974)
Ag an 31 Nollaig 2020	9,472	312	91,270	1,087	102,141

Amúchadh					
Ag an 1 Eanáir 2020	-	192	65,208	707	66,107
Muirear don bhliain	-	40	11,064	197	11,301
Diúscairtí	-	(134)	(335)	(362)	(831)
Ag an 31 Nollaig 2020	-	98	75,937	542	76,577

Glanluachanna leabhar					
Ag an 31 Nollaig 2020	9,472	214	15,333	545	25,564
Ag an 1 Eanáir 2020	2,782	385	24,826	464	28,457

Sa bhliain 2020, rinne an tÚdarás athbhreithniú mionsonraithe ar luach iarmharach, saolré úsáideach agus modh dímheasa sócmhainní doláimhsithe chun measúnú a dhéanamh ar athruithe i saolré úsáideach thuartha nó patrún tuartha úsáide sochar eacnamaíoch, ar aon dul leis an mbeartas. De bhun an athbhreithnithe sin:

- Rinne an tÚdarás an tsaolré úsáideach bogearraí Samhaltaithe Tráchtá a leasú ó 10 mbliana go 5 bliana, i gcomhréir le patrún tuartha úsáide na sochar eacnamaíoch atá fágtha. Tugtar cuntas ar na hathruithe i saolré úsáideach thuartha mar athrú sa mheastachán cuntasáíochta agus coigeartaítear go hionchasach iad ó mhí na Nollag 2020 i leith. Mar thoradh ar an athrú sin sa mheastachán, tháinig méadú €1.9m ar dhímheas ar shócmhainní seasta doláimhsithe don bhliain 2020. Rinneadh coigeartú comhfhreagrach ar an gcuntas caipitil. Níl aon éifeacht ann ar an mbarrachas don bhliain. Beidh an dímheas ar shócmhainní doláimhsithe €1.9m san iomlán níos lú i mblianta amach anseo i leith na sócmhainní sin.

Sa bhliain 2020, d'athraigh an tÚdarás an nós imeachta atá i bhfeidhm aige i leith sócmhainní seasta – is é sin le rá, gan míreanna ar lú a luach ná €1,000 a chaipitliú. Ní dhéanfaidh sé míreanna ar lú a luach ná €10,000 a chaipitliú ón 1 Eanáir 2020 i leith. Maidir leis na míreanna stairiúla uile a caipitliú faoin tairseach roimhe sin, fanfaidh siad ar an Ráiteas faoin Staid Airgeadais go dtí go ndéanfar iad a dhímheas nó a dhiúscairt ina n-iomláine. Ní ionann an t-athrú sin agus athrú ar bheartais chuntasaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair, toisc go meastar éifeacht an athraithe a bheith neamhábhartha maidir leis na ráitis airgeadais.


17.1 SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

	Sócmhainní doláimhsithe atá á dtógáil €'000	Bogearraí bonneagair iompair €'000	Bogearraí córas iompair €'000	Bogearraí trealaimh oifige €'000	Iomlán €'000
Costas					
Ag an 1 Eanáir 2019	389	460	87,475	828	89,152
Athaicmiú *	277	-	375	-	652
Breiseanna sa bhliain	2,967	117	1,333	284	4,701
Sócmhainní a aistríodh lena gcur in úsáid	(851)	-	851	59	59
Ag an 31 Nollaig 2019	2,782	577	90,034	1,171	94,564

Amúchadh					
Ag an 1 Eanáir 2019	-	129	56,072	539	56,740
Athaicmiú	-	-	155	-	155
Muirear don bhliain	-	63	8,981	168	9,212
Ag an 31 Nollaig 2019	-	192	65,208	707	66,107

Glanluachanna leabhar					
Ag an 31 Nollaig 2019	2,782	385	24,826	464	28,457
Ag an 1 Eanáir 2019	389	331	31,403	289	32,412

* Rinne an tÚdarás roinnt sócmhainní atá á dtógáil a athaicmiú ó Shócmhainní Inláimhsithe ina Sócmhainní Doláimhsithe le linn na tréimhse.



18. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

	Sócmhainní inláimhsithe atá á dtógáil €'000	Feithiclí paisinéirí bóthair €'000	Feabhsuithe réadmhaoine léasaí €'000	Trealamh oifige €'000	Bonneagar iompair €'000	Crua-earraí córas iompair €'000	Iomlán €'000
Costas							
Ag an 1 Eanáir 2020	193	210,423	2,109	2,430	20,929	8,546	244,630
Breiseanna sa bhliain	1,801	65,160	136	184	1,351	67	68,699
Aistrithe sócmhainní atá á dtógáil	(261)	-	82	-	83	(33)	(129)
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-	(5)	-	(5)	(10)
Ag an 31 Nollaig 2020	1,733	275,583	2,327	2,609	22,363	8,575	313,190
Dímheas							
Ag an 1 Eanáir 2020	-	29,606	1,303	1,757	14,741	5,722	53,129
Muirear don bhliain	-	18,844	665	287	1,702	727	22,225
Diúscairtí	-	-	-	(5)	-	(5)	(10)
Ag an 31 Nollaig 2020	-	48,450	1,968	2,039	16,443	6,444	75,344
Glanluachanna leabhar							
Ag an 31 Nollaig 2020	1,733	227,133	359	570	5,920	2,131	237,846
Ag an 1 Eanáir 2020	193	180,817	806	673	6,188	2,824	191,501


Sa bhliain 2017, thosaigh an tÚdarás ar bhusanna a cheannach go díreach. Roimhe sin, rinne oibritheoirí bus a raibh bealaí oibleagáide seirbhíse poiblí á n-oibriú acu busanna a cheannach go díreach trí dheontais chaipitil ón Údarás. Cheannaigh an tÚdarás busanna dar luach €65.2m le linn na bliana 2020 (2019: €75.2m).

Aistríodh naoi mbus ó Bhus Átha Cliath chuig an Údarás sa bhliain 2020 mar chuid de chomhchuibhiú an fhlít busanna ar mhaithe le próifíl chomhsheasmhach flít a chinntiú ar fud na n-oibritheoirí bus uile. Athshannadh na busanna sin ina dhiaidh sin d'oibritheoir bus eile. D'aithin an tÚdarás aistriú na mbusanna sin de réir costas dímheasta ar dháta an aistrithe. Ní raibh aon ghnóthachan cuntasaíochta ann mar thoradh ar an aistriú sin.

Sa bhliain 2020, rinne an tÚdarás athbhreithniú mionsonraithe ar luach iarmharach, saolré úsáideach agus modh dímheasa réadmhaoine, gléasra agus trealaimh chun measúnú a dhéanamh ar athruithe i saolré úsáideach thuartha nó patrún tuartha úsáide sochar eacnamaíoch, ar aon dul leis an mbeartas. De bhun an athbhreithnithe sin:

- Rinne an tÚdarás saolré úsáideach bhonneagar na Scéime Réigiúnaí Rothar a leasú ó 5 bliana go 15 bliana, i gcomhréir le patrún tuartha úsáide na sochar eacnamaíoch atá fágtha. Tugtar cuntas ar na hathruithe i saolré úsáideach tuartha mar athrú sa mheastachán cuntasáíochta agus coigeartaítear go hionchasach iad ó mhí na Nollag 2020 i leith. Mar thoradh ar an athrú sin sa mheastachán, tháinig laghdú €11k ar dhímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe don bhliain 2020. Rinneadh coigeartú comhfhreagrach ar an gcuntas caipitil. Níl aon éifeacht ann ar an mbarrachas don bhliain. Beidh an dímheas ar shócmhainní inláimhsithe €11k san iomlán níos mó i mblianta amach anseo i leith na sócmhainní sin.
- Cheartaigh an tÚdarás saolré úsáideach roinnt feabhsuithe léasacha a míshonraíodh roimhe sin sa chlár sócmhainní seasta. Ós rud é gur cheart saolré úsáideach gach feabhsaithe léasaigh a bheith ailínithe leis an mbuntéarma léasa de réir an bheartais, cheartaigh an tÚdarás na cásanna uile nach raibh siad ailínithe iontu. Níl éifeachtaí an cheartúcháin ar earráidí tréimhsí roimhe sin ábhartha, agus tugtar cuntas ar na ceartuithe go hionchasach ó mhí na Nollag 2020 i leith. Mar thoradh air sin, tháinig méadú €151k ar dhímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe don bhliain 2020. Rinneadh coigeartú comhfhreagrach ar an gcuntas caipitil. Níl aon éifeacht ann ar an mbarrachas don bhliain. Beidh an dímheas ar shócmhainní inláimhsithe €151k san iomlán níos lú i mblianta amach anseo i leith na sócmhainní sin.

Sa bhliain 2020, d'athraigh an tÚdarás an nós imeachta atá i bhfeidhm aige i leith sócmhainní seasta – is é sin le rá, gan míreanna ar lú a luach ná €1,000 a chaipitliú. Ní dhéanfaidh sé míreanna ar lú a luach ná €10,000 a chaipitliú ón 1 Eanáir 2020 i leith. Maidir leis na míreanna stairiúla uile a caipitlíodh faoin tairseach roimhe sin, fanfaidh siad ar an Ráiteas faoin Staid Airgeadais go dtí go ndéanfar iad a dhímheas nó a dhiúscairt ina n-iomláine. Ní ionann an t-athrú sin agus athrú ar bheartais chuntasaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair, toisc go meastar éifeacht an athraithe a bheith neamhábhhartha maidir leis na ráitis airgeadais.



18.1 RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

	Tangible assets under construction €'000	Road passenger vehicles €'000	Leasehold property improvements €'000	Office equipment €'000	Transport infrastructure €'000	Transport systems hardware €'000	Total €'000
Costas							
Ag an 1 Eanáir 2019	667	129,057	1,990	2,040	17,786	7,808	159,348
Athaicmiú *	(277)	-	-	(186)	-	(603)	(1,066)
Breiseanna sa bhliain	379	75,161	119	581	3,013	954	80,207
Aistriú busanna	-	6,205	-	-	-	-	6,205
Sócmhainní a aistríodh lena gcur in úsáid	(576)	-	-	-	130	387	(59)
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-	(5)	-	-	(5)
Ag an 31 Nollaig 2019	193	210,423	2,109	2,430	20,929	8,546	244,630
Dímheas							
Ag an 1 Eanáir 2019	-	13,234	832	1,629	12,777	4,975	33,447
Athaicmiú	-	-	-	(129)	-	(259)	(388)
Muirear don bhliain	-	16,372	471	262	1,964	1,006	20,075
Diúscairtí	-	-	-	(5)	-	-	(5)
Ag an 31 Nollaig 2019	-	29,606	1,303	1,757	14,741	5,722	53,129
Glanluachanna leabhar							
Ag an 31 Nollaig 2019	193	180,817	806	673	6,188	2,824	191,501
Ag an 1 Eanáir 2019	667	115,823	1,158	411	5,009	2,833	125,901

Sa bhliain 2019, chuir an tÚdarás comhchuibhiú an fhlít busanna i gcrích ar mhaithe le próifíl chomhsheasmhach flít a chinntiú ar fud na n-oibritheoirí bus uile. Ba é an toradh a bhí air sin go bhfuair an tÚdarás roinnt busanna a raibh próifíl éagsúil aoise acu ó Bhus Éireann ar tháille ainmniúil €1. Athshannadh na busanna sin ina dhiaidh sin d'oibritheoirí bus eile. D'aithin an tÚdarás aistriú na mbusanna sin de réir costas dímheasta ar dháta an aistrithe. Bhí gnóthachan cuntasaíochta €6.205m ann mar thoradh ar an aistriú sin.

* Rinne an tÚdarás roinnt sócmhainní atá á dtógáil a athaicmiú ó Shócmhainní Inláimhsithe ina Sócmhainní Doláimhsithe le linn na tréimhse.

19. SUIMEANNA INFHAIGHTE

	2020 €'000	2019 €'000
Féichiúnaithe trádála	2,970	4,198
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	2,262	2,454
Ioncam ceadúnúcháin	4	3
Féichiúnaithe eile	258	1,495
	5,494	8,150

20. SUIMEANNA INÍOCTHA: SUIMEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

	2020 €'000	2019 €'000
Creidiúnaithe trádála	1,508	6,660
Dlíteanais scéim chárta Leap	30,921	29,234
Fabhrúithe agus ioncam iarchurtha	6,166	6,021
CBL	10,000	5,115
PSWT (cáin ar sheirbhísí gairmiúla) is iníoctha	2,273	2,395
ÍMAT/ÁSPC	508	252
Ranníocaíochtaí pinsin ó fhostaithe agus tobhaigh is iníoctha leis an stát	185	137
Dlíteanas dochraideach léasa	124	124
Creidiúnaithe eile	47	27
Coinneáil íocaíochtaí bus	5,448	851
	57,180	50,816

Dlíteanais scéim chárta Leap

Is é atá i ndlíteanais scéim chárta Leap ná éarlaisí cárta agus creidmheas neamhúsáidte taistil ar chuntais sealbhóirí cárta.

21. SUIMEANNA INÍOCTHA: SUIMEANNA A BHEIDH DLITE TAR ÉIS NÍOS MÓ NÁ BLIAIN AMHÁIN

	2020 €'000	2019 €'000
Dlíteanas dochraideach léasa	289	413
Coinneáil íocaíochtaí bus	11	182
	300	595

22. CUNTAS CAIPITIL

	2020 €'000	2019 €'000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	217,018	157,397

Aistriú chuig an/(ón) Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas:		
Ioncam a leithdháileadh chun críocha caipitil	71,710	88,460
Coigeartú amúchta le haghaidh sócmhainní seasta nár cistíodh trí dheontais	212	210
Amúchadh ar aon dul le dímheas	(22,215)	(19,682)
Amúchadh ar aon dul le hamúchadh	(10,470)	(9,367)
Gluaiseacht sa bhliain	39,237	59,621
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	256,255	217,018

23. CÁNACHAS

Íoctar na cánacha ábhartha uile de réir mar a bhíonn siad dlite. Cloíonn an tÚdarás le haon treoir a fhaightear ó Ranna Rialtais.

24. LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Oibríonn an tÚdarás mar léasaí agus mar léasóir, mar atá leagtha amach thíos.

Soláthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí (“OOP”) cóiríocht oifige don Údarás i nDún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Níl aon léas foirmiúil i bhfeidhm. D’íoc an tÚdarás €0.9m sa bhliain 2020 i leith na cóiríochta oifige sin (2019: €0.9m).

24.1 LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN - OIBLEAGÁIDÍ CÍOSA

Léasaíonn an tÚdarás cóiríocht oifige ag 72 Sráid Charlemont, Baile Átha Cliath 2. Tiocfaidh tréimhse an léasa as feidhm i mí Iúil 2025 agus is ionann agus €85,000 in aghaidh na bliana na muirir bhliantúla léasa.

Léasaíonn an tÚdarás cóiríocht oifige ar Urlár 1, Uimh. 5, Ionad Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, freisin. Tiocfaidh tréimhse an léasa as feidhm i mí Iúil 2024 agus is ionann agus €397,050 in aghaidh na bliana na muirir bhliantúla léasa (CBL san áireamh).

Léasaíonn an tÚdarás cóiríocht oifige ar Urlár 4, Uimh. 5, Ionad Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, freisin. Tiocfaidh tréimhse an léasa as feidhm i mí Eanáir 2029 agus is ionann agus €259,419 in aghaidh na bliana na muirir bhliantúla léasa (CBL san áireamh). Tá sé de cheart ag an Údarás an léas sin a fhoirceannadh an 26 Iúil 2024 (dáta briste) ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

Tá comhaontú i bhfeidhm ag an Údarás chun cóiríocht oifige a léasú ag Malartán Charlemont freisin, rud lena ngabhann cíós bliantúil reatha €640,089 (CBL san áireamh) agus téarma ceangaltais go mí Mheán Fómhair 2021. Áirítear lascainí leis an gcíós reatha agus tá tréimhse fógra 6 mhí ag an gcomhaontú (atá le fhoirceannadh tar éis an 30 Meán Fómhair 2021).

Tá ceangaltais ar an Údarás i leith léas a ndeachaigh an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe isteach ann le haghaidh cóiríocht oifige ag 35 Cearnóg Mhic Liam. I mí Aibreáin 2006, shann triú páirtí léas don Choimisiún um Rialáil Tacsaithe. Tiocfaidh téarma 35 bliain an léasa as feidhm an 25 Aibreán 2024. Níl aon rogha ann an léas a ghéilleadh. D'fhonn socruithe cóiríochta an Údaráis a bharrfheabhsú, athlonnaíodh foireann an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe chuig príomhoifig an Údaráis agus foligeadh áitreabh an Choimisiúin ansin ag cíós bliantúil €80,000. Tugadh soláthar léasa dhochraidigh ab fhiú €749,700 isteach i ráitis airgeadais an Údaráis don bhliain 2015. Bhain sé leis an difreálach cíosa suas go deireadh théarma an léasa sa bhliain 2024. Tá an soláthar á leachtú thar an tréimhse atá fágtha de théarma an léasa. Tá an soláthar €412,616 a bhí fágtha amhail an 31 Nollaig 2020 nochta i nótaí 20 agus 21. Is é €204,000 an cíós bliantúil atá iníoctha go deireadh an léasa.

24.2 LÉAS OIBRIÚCHÁIN MAR LÉASAÍ

Réadmhaoin tráchtála

Tá téarma léasa fiche bliain ag an réadmhaoin tráchtála (35 Cearnóg Mhic Liam). Foráiltear leis an léas don mhuirear cíosa a athrú suas ar bhonn tréimhsiúil agus de réir na ndálaí margaidh is infheidhme. Comhaontaíodh athbhreithniú cíosa don bhliain 2019 i mí na Bealtaine 2020. Níl aon roghanna ann le haghaidh an léas a fhoirceannadh go luath.

Tá téarma léasa naoi mbliana ag an réadmhaoin tráchtála (72 Sráid Charlemont). Foráiltear leis an léas don mhuirear cíosa a athrú suas ar bhonn tréimhsiúil agus de réir na ndálaí margaidh is infheidhme. Níl aon roghanna ann le haghaidh an léas a fhoirceannadh go luath.

Tá téarma léasa sé bliana ag an réadmhaoin tráchtála (Urlár 1, Uimh. 5, Ionad Fhearchair). Foráiltear leis an léas don mhuirear cíosa a athrú suas ar bhonn tréimhsiúil agus de réir na ndálaí margaidh is infheidhme. Níl aon roghanna ann le haghaidh an léas a fhoirceannadh go luath.

Tá téarma léasa deich mbliana ag an réadmhaoin tráchtála (Urlár 4, Uimh. 5, Ionad Fhearchair). Foráiltear leis an léas don mhuirear cíosa a athrú suas ar bhonn tréimhsiúil agus de réir na ndálaí margaidh is infheidhme. Tá rogha ann le haghaidh an léas a fhoirceannadh go luath i mí Iúil 2024, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.

Tá téarma ceangaltais go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 ag an gcomhaontú réadmhaoin tráchtála (Malartán Charlemont) agus tá tréimhse fógra 6 mhí aige (atá le fhoirceannadh tar éis an 30 Meán Fómhair 2021).

Is mar a leanas atá na cíosanna íosta atá iníoctha faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe amhail an 31 Nollaig 2020:

	2020 €'000	2019 €'000
Laistigh de bhliain amháin	1,475	1,112
Tar éis bliain amháin ach gan a bheith níos mó ná cúig bliana	2,488	3,387
Níos mó ná cúig bliana	-	49
	3,963	4,548

24.3 LÉAS OIBRIÚCHÁIN MAR LÉASÓIR

Tá an léas réadmhaoine tráchtála (35 Cearnóg Mhic Liam) le teacht chun deiridh i mí Aibreáin 2024. Is mar a leanas atá na cíósanna íosta atá infhaighte faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe amhail an 31 Nollaig 2020:

	2020 €'000	2019 €'000
Laistigh de bhliain amháin	80	80
Tar éis bliain amháin ach gan a bheith níos mó ná cúig bliana	186	266
Níos mó ná cúig bliana	-	-
	266	346

25. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Bhí ceangaltais chaipitil €174.6m ar an Údarás i leith feithiclí paisinéirí bóthair ag an 31 Nollaig 2020 (2019: €62.6m).

26. CEANGALTAIS EILE

Deontas caipitil - ceangaltais chonartha

Tá ceangaltais le hÚdarás Áitiúla agus le gníomhaireachtaí soláthair ar an Údarás chun cistiú a sholáthar dóibh le haghaidh tionscadail éagsúla. Ag an 31 Nollaig 2020, tá suim €298.6m (2019: €229.4m) fós le tarraingt anuas ar thionscadail cheadaithe mar a leanas:

	2020 €'000	2019 €'000
Bonneagar Iompair Éireann	18,030	39,199
Cathracha réigiúnacha/Cistiú caipitil inrochtaineachta	23,960	5,453
Bus Éireann	155	440
Iarnród Éireann	152,165	128,727
Bainistíocht iompair inbhuanaithe agus tionscadail eile	74,302	14,519
Bus Átha Cliath	1,220	57
Scéim chárta Leap	7,502	7,889
Bonneagar BusConnects Bhaile Átha Cliath	21,234	33,128
	298,568	229,412

26.1 TIONSCADAIL AONAIR INA MEASTAR GUR MÓ NÁ €6.35M AN CAITEACHAS CEANGAILTE IOMLÁN AMACH ANSEO

Tionscadal	Cumulative expenditure to 31/12/2019 (previous years) €'000	Expenditure in 2020 (current year) €'000	Committed: subsequent years €'000	Uncommitted: subsequent years €'000	Expected project total 2020 €'000	Expected project total 2019 €'000
Bonneagar Iompair Éireann						
Acmhainn Líne Uaine Luas a bhreisiú	56,546	26,518	10,086	2,538	95,688	88,820
Páirceáil agus taisteal Charraig Mhaighin	2	197	7,023	93	7,315	7,315
Iarnród Éireann						
An tIonad Náisiúnta um Rialú Traenach agus Ionaid Rialaithe Tríú Páirtí	10,455	16,554	49,188	70,003	146,200	-
41 Carr Iarnróid Idirchathrach d'Aicme Idirmheánach 2200 a cheannach	39,828	16,029	91,547	2,596	150,000	146,917

Iomlán i ndáil le tionscadail inar mó an caiteachas ná €6.35m	157,844
Ceangaltais chonarthacha ar lú iad ná €6.35m i ndáil le tionscadail eile	140,724
Ceangaltais chonarthacha iomlána	298,568

**Is ionann na suimeanna seo agus meascán de chistiú deontais ón Údarás Náisiúnta Iompair agus de chistí dílse ó Bhonneagar Iompair Éireann.*

27. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Tá baint ag an Údarás le líon beag cásanna dlí, a bhfuil na torthaí orthu éiginnte. De bharr na héiginnteachta sin, níor soláthraíodh do na costais a d'fhéadfadh teacht aníos sa todhchaí i dtaca leis na cásanna sin.

28. TIONSCADAIL A RIARTAR THAR CEANN COMHLACHTAÍ EILE

Thar ceann na Roinne Iompair, riarann an tÚdarás an cistiú a thugann an Roinn do thionscadail inrochtaineachta, infheistíocht iompair inbhuanaithe i gcathracha réigiúnacha, clár na scoileanna glasa agus an Clár Iompair Tuaithe.

29. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

Féach nóta 12.3 chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta.

Ghlac Bord an Údaráis nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird, ar treoirlínte iad a eisíodh faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird a raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Bhoird iontu.

30. AN BREATIMEACHT

Le linn na bliana 2020, choinnigh an tÚdarás súil ar na príomhfhorbairtí i leith an Bhreathimeachta chun aon neamhchosaint airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a mheas. Ba le ceannach an fhlít busanna ón Ríocht Aontaithe a bhain an príomhriosca a bhí roimh an Údarás. Shínigh an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach Comhaontú Trádála agus Comhair an 30 Nollaig 2020, rud lena n-áirítear Comhaontú Saorthrádála lena bhforáiltear do tharaifí nó cuótaí nialasacha ar earraí a thrádáiltear. Mar thoradh ar an gcomhaontú sin, cuirtear deireadh le formhór na rioscaí a bhaineann le taraifí agus níltear ag súil leis go mbeidh aon tionchar ann ar na busanna a cheannaíonn an tÚdarás ón Ríocht Aontaithe.

31. COVID-19

Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

Bhí tionchar suntasach ag paindéim Covid-19 ar an iompar poiblí. I gcomparáid leis na figiúirí don bhliain 2019, tháinig laghdú idir 50% agus 95% ar an líon paisinéirí ar an iompar poiblí, ag brath ar an leibhéal srianta acmhainne agus ar an gcineál seirbhíse. Dá thoradh sin, bhí an t-ioncam táillí i bhfad níos ísle ná mar a tuaradh. Bhí fóirdheontas breise Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ag teastáil chun na leibhéil chuí seirbhíse a sholáthar.

Tugadh roinnt beart isteach chun oibriú leanúnach seirbhísí a chinntiú le linn na paindéime, lena n-áiríodh córais bhreisithe ghlantacháin agus bearta scartha shóisialta. Beidh tacaíocht bhreise Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ag teastáil go dtí go bhfillfidh an líon paisinéirí ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim.

An Scéim Tacaíochta le haghaidh Oibritheoirí Tráchtála Bus

Bhí tionchar suntasach ag géarchéim Covid-19 ar an earnáil cheadúnaithe bus. D'iarr an Roinn Iompair ar an Údarás tacaí sealadacha cistiúcháin éigeandála a sholáthar d'oibritheoirí ceadúnaithe bus i gcás go raibh údar soiléir ann le déanamh amhlaidh chun leas an phobail. Tá an socrú le haghaidh tacaíocht shealadach ar aon dul le creataí reachtacha náisiúnta agus le creataí reachtacha an Aontais Eorpaigh. Faoin gcreat tacaíochta, bhí oibritheoirí bus in ann leas a bhaint as cúnamh deontais arbh fhiú suas le €500k é nó bhí siad in ann conradh poiblí dír-dhámhachtana a fháil le haghaidh seirbhís ar leith. Soláthraíodh cúnamh deontais arbh fhiú €32m san iomlán é d'oibritheoirí tráchtála bus sa bhliain 2020.

Clár Infheistíochta Caipitil

Le linn na bliana 2020, choinnigh an tÚdarás suas leis na príomhchineálacha tionchair a bhí ag paindéim Covid-19 ar phunann thionscadal agus clár caipitil an Údaráis. Rinneadh an caiteachas deontais chaipitil €497m a bhí beartaithe don bhliain 2020 a laghdú go €410m, go príomha mar gheall ar an bpaindéim.

Tá na cineálacha suntasacha tionchair a bhí ag géarchéim Covid-19 ar Chlár Caipitil an Údaráis don bhliain 2020 leagtha amach thíos:

- a) *Srianta Foirgníochta*
Rinne na toirmisc éagsúla ar fhoirgníocht intíre de bharr srianta Covid-19 difear do thionscadail ag céim na foirgníochta ar fud an Chláir Chaipitil ar fad. Rinne srianta idirnáisiúnta difear do chlár áirithe freisin, i gcás go raibh toirmisc ann ar an monaraíocht, go raibh moilleanna ann i slabhra an tsoláthair agus/nó go raibh srianta taistil ann i dtíortha eile.
- b) *Scaradh Sóisialta*
Bhí cineálacha eile tionchair ann mar thoradh ar an laghdú ar acmhainn an lucht monaraíochta/foirgníochta, rud a bhí riachtanach chun cloí le ceanglais scartha shóisialta.
- c) *Idirghabhálacha Sealadacha Rothaíochta agus Siúil*
Ba ghá méid suntasach oibre breise a chur isteach chun freastal ar an riachtanas éiritheach le cosáin a leathnú agus le stadanna bus a athrú ar mhaithe le scaradh sóisialta a éascú. Chuir an obair sin moill ar thionscadail eile de réir mar a athdhíríodh acmhainní i dtreo idirghabhálacha iompair a bhaineann leis an bpaindéim.

Rinneadh an tionchar a bhí ag srianta Covid-19 ar Chlár Infheistíochta Caipitil an Údaráis a mhaolú trí shocruithe éifeachtacha cianoibrithe agus bearta eile a thabhairt isteach, arbh é an toradh a bhí orthu go ndearnadh dul chun cinn suntasach ar thionscadail chaipitil éagsúla. Tríd is tríd, bhí an dul chun cinn sin ar aon dul lena rabhthas ag súil leis.

Cé go bhfuil sé fós róluath sa bhliain chun a chinneadh cén tionchar a bheidh ag géarchéim Covid-19 ar Chlár Caipitil an Údaráis sa bhliain 2021, beidh an tÚdarás in ann an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann thar na míonna atá romhainn a mheas trí dhlúthfhaireachán agus bainistiú gníomhach a dhéanamh ar an gClár Caipitil.

Ceadúnú

Rinne an tÚdarás sraith gníomhartha chun cúnamh a thabhairt don tionscal beagfheithiclí seirbhíse poiblí, a ndearna géarchéim Covid-19 difear mór dó, agus chun soláthar beagfheithiclí seirbhíse poiblí a choinneáil ar bun do thaistealaithe ar fud na tíre sa todhchaí. Dúnadh ionaid bheagfheithiclí seirbhíse poiblí i mí an Mhárta 2020, agus na Tástálacha Iontrála uile do Thiománaithe Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí á gcealú dá bharr sin. Bhí na hionaid tástála fós dúnta ar feadh na coda eile den bhliain 2020 mar gheall ar an ngá a bhí ann le iad a athchóiriú chun scaradh sóisialta a éascú agus chun aeráil a fheabhsú.

I mí na Bealtaine 2020, tharscaoil an tÚdarás táillí athnuachana déanaí (arbh fhiú suas le €500 iad) don tréimhse idir an 28 Márta 2020 agus an 31 Márta 2021. Fadaíodh an tarscaoileadh sin arís eile ina dhiaidh sin go dtí an 12 Meitheamh 2021. Rinneadh leasú sealadach ar Rialachán 31 – Na Ceanglais Aoise Uasta is Incheadaithe – de na Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithicil Seirbhíse Poiblí), 2015, freisin. Leis an leasú sin, fadaíodh teorainneacha aoise feithiclí go ceann tréimhse aon bhliana.


I mí na Nollag 2020, cheadaigh an tÚdarás na Rialacháin um Beagfheithicil Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19) (Táillí), 2020. Faoi na rialacháin sin, tarscaoilfear gach táille chaighdeánach athnuachana ceadúnais feithicle don bhliain 2021. Meastar go gcaillfear ioncam ar fiú €3.2m é dá bharr sin. Is é an aidhm atá leis an tarscaoileadh táillí athnuachana ná oibritheoirí a choinneáil ceangailte leis an tionscal trí chúnamh airgeadais a thabhairt dóibh agus trí threoir rialála, theicniúil agus sláinte a sholáthar dóibh.

32. EACHTRAÍ INA DHIAIDH SIN

Ó dheireadh na bliana i leith, ní raibh aon eachtraí suntasacha ann a d'fhágfadh gur ghá na ráitis airgeadais a choigeartú.

33. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an tÚdarás na ráitis airgeadais an 22 Meitheamh 2021.



National Transport Authority
Dún Scéine
Harcourt Lane
Dublin 2
D02 WT20

Údarás Náisúnta Iompair
Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

Tel: 353 1 879 8300

www.nationaltransport.ie

